

€1.65 (£1.50)

Uimh. 33



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 15.08.2012

**Cosc iomlán ar
ghinmhilleadh
á iarraidh i
gcónaí ón
'Life Institute'**

L. 6 & 7



**Daonáireamh 2011,
Labhairt na Gaeilge:
Na Cathracha agus
na Bruachbhailte** L. 8

**An Ghaeilge
- 'Do Not
Resuscitate?'**
L. 12



**Laochra
agus
Bithiúnaigh**
L. 15



www.gaelisceal.ie

'Masla agus ísliú céime' do Raidió na Gaeltachta

- Raic i gCasla go mbeidh TG4 ag cur nuacht náisiúnta & idirnáisiúnta ar fáil do RnaG
- Deireadh tobann curtha le cruinniú teasaí leis an mbainistíocht
- Imní faoi thionchar fadtéarmach na moltaí

Colm Ó Broin

TÁ 'alltacht' i measc fhormhór d'fhoireann Raidió na Gaeltachta faoi mholadh go n-aistreofaí seirbhís nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta an stáisiúin go dtí TG4.

Cuireadh na moltaí conspóideacha faoi bhráid fhoireann an raidió agus

fhoireann Nuachta TG4 ar maidin inné.

Cuireadh 'deireadh tobann' le cruinniú teasaí idir fhoireann an raidió agus an bhainistíocht i gCasla.

Dúirt ionadaithe na foirne gur "cúis alltachta agus imní" a bhí sa cháipéis a chuir bainistíocht an stáisiúin os a gcomhair.

Ar lean ar leathanach 2

Katie Taylor ar ais sa bhaile



Tháinig 20,000 duine amach ar shráideanna Bhré i gCo. Chill Mhantáin ar an Luan seo caite chun fáilte abhaile a chur roimh Katie Taylor agus an bonn óir ina lámh aici. Ní aon amhras go ndeachaigh a bua go mór i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann ar fad. [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Sagairt
phósta ag
teastáil, a
deir Rúnaí
Deoise

Níl ábhar
sagairt nua
ar bith san
iarthar arís i
mblíana

Máirtín Ó Catháin

TÁ Rúnaí Dheoise na Gaillimhe den dtuairim gur cheart go bhféadfadh sagairt a bheith pósta.

"Is léir, a deir an tAthair Máirtín Ó Faoláin, "go bhfuil an cosc ón bpósadh ag coinneáil fir ón ngairm anois agus níl an cosc sin ag dul chun leasa don Eaglais Chaitliceach," dar leis.

Bhí an tAthair Ó Faoláin ag labhairt le Gaelscéal an tseachtain seo agus an scéal acu arís i nGaillimh nach bhfuil fear ar bith as na Deoise sin ag tosú ar staidéar don tsagartóireacht i mblíana. Is é an cás céanna é in Ard-Deoise Thuama. Tá cuid mhór de chontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus an Chláir istigh i limistéir na ndeóisí atá i gceist - ceantar mór Gaeltachta san áireamh.

Ar lean ar leathanach 3

NUAHT NÁISIÚNTA

'Masla agus ísliú céime' do Raidió na Gaeltachta

Ar lean ó leathanach a haon

"Tá athruithe bunúsacha le cur i bhfeidhm sa tseirbhís nuachta i Mí Eanáir 2013 a mbeidh tionchar fadtéarma-cha acu ar sheirbhís, ar fhoireann agus ar éisteach na seirbhíse. Feictear dúinn, mar fhoireann, gur masla agus ísliú céime don tseirbhís an méid atá curtha os ár gcomhair," A dúirt an t-ionadaí.

Tá sé i gceist ceathrar nó cúigear a aistriú ó Raidió na Gaeltachta chun dul i mbun oibre in aonad nua de chuid Nuacht TG4 i mBaile na hAbhann. Beidh na iriseoirí

nuachta i Raidió na Gaeltachta ag soláthair nuacht áitiúil amháin ó thús 2013. Cuirfidh iriseoirí de chuid Nuacht TG4 míreanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil don stáisiún. Beidh siad ag cur míreanna nuachta ar fáil do RTÉ Raidió 1, 2FM agus Lyric FM chomh maith.

Ní bheidh eagraí polaitiúil ar leith ag Raidió na Gaeltachta amach anseo ach an oiread agus is iriseoirí de chuid Nuacht TG4 a chuirfidh an soláthar nuachta sin ar fáil dóibh. Beidh beirt ó Nuacht TG4 ag obair i gCasla i mbun nuacht náisiúnta agus

idirnáisiúnta mar aon le seirbhís idirlín nua a bheas ag RTÉ. Cuirfear nuacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar leathanach ar leith ar shuíomh idirlín Raidió na Gaeltachta agus RTÉ News i rith an lae faoin moladh nua.

Tá sé i gceist go dtabharfar tairiscint d'fhoireann an raidió cur isteach ar na poist nua le Nuacht TG4.

Beidh ardú gráid agus tuarastail i ndán dóibh siúd a bhogann ó Chasla ionas go mbeidh siad ar chomhphá le hiriseoirí TG4. Ní bheidh na hoibrithe a fhanfaidh i gCasla ag fáil aon ardú, áfach.

'Shay mo laoch!'



Tá sé fógartha ag cúlbaire Fhoireann Sacair na hÉireann, Shay Given, an tseachtain seo go bhfuil sé ag éirí as imirt leis an bhfoireann náisiúnta. Aithnítear Shay Given mar dhuine de na cúlbaí ab fhearr riamh a d'imir le hÉirinn. D'imir sé 125 uair san iomlán dá thír thar thréimhse a mhair breis agus sé bliana déag. Gabhaimis buíochas ó chroí leis as a sheirbhís. [PIC: DAVID MAHER / SPORTSFILE]

60ú Daonscoil na Mumhan sa Rinn

BEIDH seachtain mhór cheiliúrtha sa Rinn an tseachtain seo chugainn, nuair a reáchtáilfear an 60ú Daonscoil na Mumhan i gColáiste na Rinne, ón Domhnach, 19 Lúnasa go dtí an Aoine, 24 Lúnasa.

Beidh cainteanna, filíocht Ghaeilge, ceol, amhránaíocht, rince ar an sean-nós agus eile ar bun i rith na seachtaine.

Is é Máirtín Ó Fainnín, Iar-Ambasadóir na hÉireann chuig an

Astráil, a dhéanfaidh Daonscoil na bliana seo a oscailt go hoifigiúil ar a 7.00in an Domhnach beag seo sa Choláiste.

Cuirfear tús le sraith ceardlanna ansan, nuair a thabharfaidh Ann Mulqueen máistir-rang san Amhránaíocht Sean-nóis, agus beidh ceardlanna sa bhfilíocht, san amhránaíocht, sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, sa Ghaoilinn agus sa Bhreatnais ar siúl i rith

na seachtaine do lucht na Daonscoile.

Is é téama na Daonscoile i mbliana ná "An 60ú Daonscoil: Is mór idir inné agus inniu."

Ar an Luan, tabharfaidh Michal Merchura caint ar an dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí teicneolaíochta. Dé Máirt, beidh an Dr Con Ó Ruairc ag labhairt ar "Conas Bia a Sholáthar do Naoi mBilliún Duine faoi 2050" agus labhróidh an Feisire Eorpach,

Seán Kelly, ar "Fhorbairt Aontas na hEorpa" ar an gCéadaoin.

I measc na n-imeachtaí eile a bheidh ar siúl, seolfar an t-eagrán is déanaí den leabhar 'An Linn Bhuí' oíche Dé Máirt ag 8.00in agus reáchtáilfear comórtas tallainne "Comóradh an Dá Phádraig" oíche Chéadaoine.

Beidh lá mór i gceist ar an gCéadaoin agus cuid mhór béime ar chúrsaí CLG. Is é Liam Ó Néill,

Uachtarán an CLG a sheolfaidh an cúrsa lae seo.

Beidh Ceolchoirm na Daonscoile ar siúl oíche Dhéardaoin.

Tabharfaidh Cuthbert 'Tura' Atura ó Bhéal Feirste cuairt ar an Rinn ar an Déardaoin chun Ceardlanna Damhsa ar an Sean-nós a reáchtáil. Anuas air seo beidh tráth na gceist, siúlóid sléibhe, céilithe, turas bus agus eile ar siúl le linn na seachtaine.



Gaelscéal

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

European Newspaper AWARD
NEWSPAPER DESIGN & CONCEPT

An Ómaigh, 14 bliana ar aghaidh

Anton Mac Cába, ar an Ómaigh

TÁ sé 14 bliana agus an lá inniu ó maraíodh 29 nduine agus cúpla sa bhroinn nuair a phléasc buama ar Sráid an Mhargaidh, an Ómaigh. B’ag deich i ndiaidh a trí a tharla an t-uafás, ar Shatharn fómhair.

Bhí seo ar an líon ba mhó daoine a maraíodh in aon eachtra amháin le linn iomlán na dTrioblóidí. Sular tharla sé, bhí borradh faoi fheachtas na n-easaontóirí.

Bhí an Fíor-IRA níos lú ná bliain d’aois ach bhí feachtas mór buamála ar siúl acu: fiú dá mba léir go raibh cuid mhaith gníomhairí ag na fórsaí slándála taobh istigh den eagraíocht nua.

Ní raibh an oiread de bhorradh riamh faoi easaontóirí agus a bhí sa tréimhse sin in 1998.

Cúpla seachtain ó shin, fógraíodh gur bunaíodh ‘IRA Nua’. Feicfear cén borradh a bheidh faoi sin. Tháinig trí ghrúpa a bhí beag go maith le chéile, ach níl Óglaigh na hÉireann ná an tIRA Leanúnach mar chuid den eagraíocht nua.

Tá, anois, níos mó poblachtach a dhiúltaíonn do stráitéis Shinn Féin ná mar a bhí in 1998 ach tá na heagraíochtaí armtha níos laige anois. Cinnte, ba bhuille marfacha don streachailt armtha gach ar tharla 14 bliana ó shin.

Bhí sin ar an toradh ba thábhachtaí a bhí ar an uafás.

Ar ndóigh, tá gaolta na marbh agus na daoine a gortaíodh ag iarraidh maireachtáil leo. Tá ag éirí níos fearr le cuid acu ná le cuid eile. Bhí



15/8/2010. Lá cuimhne ar Bhuamáil na hÓmaí. Sa phictiúr, tá bláthanna in ómós d’Aiden Gallagher a maraíodh ar an lá. [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

comóradh ar an uafás Dé Domhnaigh seo caite agus rinne thart ar 200 duine freastal air. Le tamall de bhlianta, bíonn thart ar an líon céanna sin ag an gcomóradh. Searmanas idirchreidmheach a bhí ann agus is é an Omagh Support and Self-Help Group a d’eagraigh é.

Déanann an eagraíocht sin ionadaíocht ar chuid de na gaolta.

Shocraigh Comhairle na hÓmaí ceithre bliain ó shin deireadh a chur le comóradh bliantúil, tar éis an chomórtha 10 mbliana. Bhí an líon daoine ag na comórthaí bliantúla ag laghdú, bliain ar bhliain ag an am.

Bhí imní ar an gComhairle

go leanfadh sin, agus go léireodh sin easpa ómóis don dream a maraíodh agus a gortaíodh. Bhí an chuid sin de na gaolta atá san Omagh Support and Self Help Group ina éadán sin.

Cinnte, bhí ábhar ag an Chomhairle. De réir mar a théann an t-am thart, tá gaolta ag fáil bháis. Mar shampla, fuair Laurence Rush bás níos luaithe i mbliana. Maraíodh a bhean, Libby, sa bhuama agus bhí seisean ar dhuine de na gaolta ab aitheanta. Tá go leor gaolta eile marbh ó tharla an buama freisin.

Ceist eile ná nach labhraíonn na gaolta d’aon ghuth.

Ba é an Omagh Support and

Self-Help Group a d’eagraigh an comóradh Dé Domhnaigh. Tá sin ar cheann de dhá ghrúpa a dhéanann ionadaíocht ar na gaolta. Tá an ceann eile, Families Moving On, níos mó ná é.

Ar ndóigh, tá na gaolta ag éileamh a gceart ar fad. Tá sé 11 bhliain ó d’eisigh Ombudsman na bPéas san am, Nuala O’Loan, tuarascáil ar fhiosrúchán ar Bhuama. Dheimhnigh sin go raibh an fiosrúchán iontach lochtach.

Bhí cruthúnas ann go raibh fáisnéis ag na péas go raibh eachtra le tarlú ar an Ómaigh lá na buamála.

Níl na gaolta ar aon intinn faoin dóigh lena gcearta a bhaint amach.

Tá sé deacair iad a thabhairt le chéile. Ó tharla go raibh a muintir ar an tsráid an lá uafásach sin, sin a thugann le chéile iad. Bhí idir Caitlicigh agus Protastúnaigh ann, chomh maith le beirt Spáinneach.

Gheall Tony Blair “the bombers will be dealt with and taken off the streets.” Léirigh tuarascáil an Ombudsman a mhalairt - nach raibh na péas ag déanamh a ndícheall. Níor comhlíonadh gealltanais Blair.

Chuir cuid de na gaolta cúirt ar chúigear a bhí bainteach leis an bhFíor-IRA.

Níor éirigh leo ach i gceist beirte acu. Bhí tacaíocht na bunaíochta ag an gcás. Dar le Laurence Rush, bhí siad ag ligint do ghaolta obair na bpéas a dhéanamh agus d’éirigh sé as an gcás sin.

Tráth a bháis, bhí sé ag cur cúirte ar an Ardchionstábla agus ar an Státrúnaí.

Chuir sé faillí ina ndualgas ina leith seo. Tá a theaghlach ag leanúint leis an gcás anois.

Tá an Omagh Support and Self Help Group ag éileamh go mbeadh fiosrúchán poiblí tras-teorann ann. Cé gur féidir seo a dhéanamh ó thaobh dlí de, níor tharla a leithéidí go dtí seo.

Leis, ghlac Coiste Gnóthaí Thuaiscirt Éireann i Westminster le moladh ón nGrúpa Comhairliúcháin ar an Am Atá Thart: “nach mbeadh fiosrúcháin poiblí ann as seo amach, agus gur faoi bhráid an Legacy Commission a bheadh fiosrúcháin san am atá romhainn.”

Mar sin, is é cás Laurence Rush an seans is fearr atá ag na gaolta a gcearta a fháil. Meastar go bhfuil sin le héisteacht an bhliain seo chugainn.

Idir an dá linn, caitheann an t-uafás úd smál ar an mbaile.

Tá daoine nach bhfuil ábalta an chuid sin den sráid a shiúl ar fad. Freisin, tá cuid mhór daoine a glanann leo amach as an mbaile in aimsir comórtha.

Faraor, leanfaidh an nós sin tamall maith de bhlianta eile.

Folúntas



OÉ Gaillimh
NUI Galway

An Dioplóma sa Ghaeilge 2012-2013

Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag tairiscint Cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge (páirtaimseartha thar dhá bhliain) **ar champas na hOllscoile agus in ionaid eagsúla timpeall na tíre**. Tá na Dioplómaí seo Bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus ag leibhéal 7 d’Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI).

Ní mór do na hiarrthóirí a dteastaíonn uathu Leibhéal B2 nó C1 a dhéanamh Triail Socrúcháin Teanga a sheasamh. Déan iarratas ar líne ag www.oegaillimh.ie/acadamh

An spriocdháta chun iarratas a dhéanamh:
31 Lúnasa 2012

Costas: €990 sa bhliain an táille don seisiún 2012-2013

Tosóidh an cúrsa seo i Meán Fómhair 2012.

Breis eolais:
Oifig an Dioplóma sa Ghaeilge,
Áras na Gaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Teil: (091) 495248

Ríomhphost: andioplasaghaeilge@oegaillimh.ie



www.oegaillimh.ie/acadamh

Sagairt phósta ag teastáil, a deir Rúnaí Deoise

Ar lean ó leathanach a haon

In iomláine, tá 52 sagart i mbun dualgais i nDeoise na Gaillimh agus tá ceathrar i mbun staidéir i Maigh Nuad. Ach ní choinneoidh an méid sin sagairt lonnaithe i chuile phobal, a deir an tAthair Máirtín Ó Faoláin. “Níl le déanamh agat ach súil a chaitheamh ar aoisghrúpa na sagart atá againn; tá a bhformhór sna seascaidí agus sna seachtóidí. Ní raibh duine ar bith ag teacht isteach ar feadh roinnt blianta. Cé go bhfuil beagán sa gcoláiste faoi láthair, beidh sé ina ghéarchéim amach anseo”. Feiceann an tAthair Ó Faoláin roinnt cúiseanna leis an drogall roimh ghairm na sagartóireachta in Éirinn.

“Bhí an tsagartóireacht

mórán chomh maith le gairm ar bith eile scaitheadh den tsaoil,” a dúirt sé.

“D’athraigh sin. Ceart go leor tá glaoch ó Dhia ag baint leis an tsagartóireacht ach bíonn feisteanna praiticiúla ann freisin.” Creideann an tAthair Ó Faoláin go mbíonn an creideamh níos láidre i dtíortha bochta: “Bíonn daoine ag braith níos mo ar a chéile agus bíonn siad níos gaire don saol spioradálta,” a dúirt sé.

Tá an tAthair Ó Faoláin den bharúil freisin go bhfuil an cosc ar phósadh ina chonstaic. “Ní fheicim go bhfuil deacrachtaí ag na hEaglais Phrotastúnacha a ndóthain ministéirí a fháil,” a dúirt an tAthair Ó Faoláin. “Chaitheadh sé go bhfuil ceacht éicint

le foghlaim as sin.”

Míníonn an tAthair Ó Faoláin go bhfuil na scórtha sagart pósta sa mBreatain anois. “Ba ministéirí pósta san Eaglais Phrotastúnach a bhí iontu seo agus d’athraigh siad ina gCaitlicigh,” a deir an tAthair Ó Faoláin.

“Ghlac an Cairdinéal Basil Hume leis go bhféadfaí iad a oirniú ina sagairt agus cheadaigh an Róimh é sin. Tá siadsan sna sagairt anois agus iad pósta.”

Tugann an tAthair Ó Faoláin samplaí freisin de shagairt as an bpobal Maronite sa Meánoirthear atá pósta agus an chead sin acu de réir a gcuid traidisiúin.

“Níl ceist an phósta seo chomh casta agus a cheaptar,” a deir an tAthair Ó Faoláin

“agus tá an lá ag teacht go gcaithfear aghaidh a thabhairt air.”

Triúr as Ard-Deoise Thuama atá i mbun staidéir faoi láthair i Maigh Nuad agus cúpla bliain curtha isteach acu. “Chuidigh sé linn go mór gur oirníodh beirt san Ard-Deoise seo i mbliana,” a deir an tAthair Fiontán Ó Monacháin, atá ina Rúnaí ar an Ard-Deoise.

“Níor éirigh sagart ar bith as ach an oiread,” a deir an tAthair Fiontán, “ach caithfear paróistí a chónascadh amach anseo cheal dóthain sagairt. Tá cónascadh le déanamh go gairid idir pharóistí Bhaile Liam agus Ghleann na Madadh i dtuaisceart na Gaillimhe agus beidh an scéal céanna amhlaidh i gceantracha eile amach anseo.

Anois, is é turas Rio é

Alex Hijmans,
in Salvador, sa Bhrasaíl

AGUS deireadh curtha i Londain le Cluichí Oilimpeacha 2012, tá súile an domhain á ndíriú ar Rio de Janeiro, áit a n-eagrófar Cluichí 2016. Ach sa Bhrasaíl, níl 2016 i mbéal an phobail mar a shílfeá, ach cén t-iontas sin agus Corn Domhanda an tSacaí á eagrú sa tír chéanna in 2014.

Mar a tharlaíonn sé, cuirfear tús le himeachtaí Chorn an Domhain i Meitheamh na bliana seo chugainn cheana féin, nuair a eagrófar Corn na gComhaontas, ‘rith tástála’ do Chorn an Domhain. Tá liosta na bhfadhbanna atá le réiteach sular féidir leis an dá mhóriméacht sacair sin dul ar aghaidh chomh fada sin gur beag cainte a chloistear sa tír faoi Chluichí Rio go fóill.

Ach in ainneoin go sílfeá go gceapann formhór mhuintir na Brasaíle go bhfuil 2016 i bhfad uainn, tá dream daoine ann a bhfuil lá na cinniúna ag druidim leo: dhá mhíle duine a



Vila Autódromo, Rio, An Bhrasaíl. Leagfar tithe an phobail seo chun Páirc Oilimpeach Rio a thógáil.

bhfuil cónaí orthu in Vila Autódromo, bruachbhaile bocht in iarthar chathair Rio.

In ainneoin go bhfuil cuid acu ina gcónaí san áit le dhá scór bliain anuas, beidh orthu bogadh: tá a mbotháin sa bhealach ar an bPáirc Oilimpeach atá le tógáil.

Tá tús curtha cheana féin

leis an réamhobair thógála ar chuid eile den suíomh, ach níl rás Vila Autódromo rite fós. D’éirigh le pobal an bhruchbhaile bhoicht seo aird na meán idirnáisiúnta a tharraingt ar a gcás. Cháin na Náisiúin Aontaithe na pleananna an favela a leagan.

Ní hí ceist Vila Autódromo

amháin a thugann tinneas cinn do lucht eagraithe Chluichí 2016. Ní bheidh oibreacha infrastruchtúrtha eile - líne den traen faoi thalamh a fhad leis an bPáirc Oilimpeach, mar shampla - réidh go dtí an nóiméad deireanach. Bíonn trácht Rio ina cíor thuathail gach lá agus tá

ganntanas mór leapacha óstáin ann.

Anuas air seo ar fad, tá ceist shábháilteacht na n-iomaitheoirí agus na gcuariteoirí ann. Tar éis an tsaoil, faigheann isteach agus amach le caoga míle duine bás i bhforéigean drugaí sa Bhrasaíl gach bliain.

Tá na húdaráis i mbun glantacháin, áfach. Ó bhí 2009 ann, tá ‘síochánú’ déanta ar bhreis agus fiche favelas i gcathair Rio - ceantair a bhí faoi smacht

bhuíonta drugaí le scór go leith bliain.

Ach in ainneoin go bhfuil an t-uafás le déanamh as seo go deann ceithre bliana, níl dabht ar bith ar mheáin na Brasaíle nach ndéanfar dearmad ar Chluichí Oilimpeacha 2016 go brách.

‘Bhí Cluichí Londain eagraithe go fiormhaith, ach bhí easpa atmaisféir féile ann. Sin an bua a bheidh ag Rio 2016!’ a scríobh an tráchttaire spóirt Vítor Rocha.

Soiléiriú

RINNEADH tagairtí áirithe sa cholún ‘Súil Siar na Seachtaine’ do “proifisiúntacht” Máirtín Uí Chatháin i nGaelscéal na seachtaine seo caite. Bhain seo le halt a scríobhadh os cionn 20 bliain ó shin.

Míníonn Máirtín Ó Catháin go bhfuil réimse cúinsí le cuir san áirímh ag

tuairisceoirí agus iad i mbun a gcuid oibre - fíricí ar féidir seasamh leo, cúrsaí daonnachta agus cúrsaí dlí ina measc. -

Glactar leis go gcloíonn Máirtín Ó Catháin le caighdeán agus le nósmaireacht ghairmiúil ina chuid iriseoireachta i gcónaí.

Folúntas

Foras na Gaeilge

Is mian le Foras na Gaeilge an ceapachán seo a leanas a dhéanamh. Beidh an post lonnaithe in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath.

> Oibrí Stórais – Áis (Tag: OS/0712/)

Brúigh Folúntais ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge www.gaeilge.ie le gach eolas faoin bpost seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Proficiency in the Irish language, both written and spoken, is an essential requirement for the above post.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS

T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuig a lua.

SPRIODHDHÁTA: Ní mór cóip chrua shínithe d’fhoirmeacha iarratais a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 p.m. Dé hAoine, 31 Lúnasa, 2012.

Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Prionsa na Sualainne i dTroid ag Club Oíche

Scott De Buitléir

BHÍ Prionsa Carl Philip na Sualainne ina íospartach troda oíche Shathairn seo caite nuair a d’ionsaigh fear anaithnid é lasmuigh de chlúb oíche i gCannes na Fraince.

“Is féidir liom a dheimhniú gur ionsaíodh an Prionsa Carl Philip (33) ag fear nach raibh aithne aige air (oíche Shathairn),” arsa Bertil Terner, ceannaire eolais Phálás Ríoga na Sualainne. Cuireadh fios ar an Rí Carl agus ar an mBanríon Silvia, ach tuigtear nach bhfuil an t-ionsaí le cur isteach ar phleananna an Phrionsa ná a pháirtí Sofa Hellqvist (27), agus iad i ndeisceart na Fraince.

Tharla an t-ionsaí ag club oíche darb ainm Baoli, ina raibh cóisir ar siúl ag a raibh daoine in ainm éadaí bána a chaitheamh, dar le foinsí Iorua. Dúirt duine a bhí ag an gcóisir, nach raibh ag iarraidh a bheith ainmnithe, go raibh an Prionsa in éineacht le timpeall ochtar carad chomh maith le Hellqvist lasmuigh den chlúb

oíche ag a trí a chlog ar maidin.

Go tobann, a deir an tIorua ach leis an nuachtán Sualannach Aftonbladet, tháinig “slua” amach go gasta ón gclub, agus rug an fear greim ar mhuineál an Phrionsa. Ba chosúil nach raibh cúis ar bith leis seo. Bhí go leor daoine in éineacht leis an bPrionsa nuair a tharla an t-ionsaí agus bhí roinnt daoine ag bualadh a chéile.

“Is ansin a d’éalaigh an Prionsa agus a chomhluadar,” a deir an finné leis an nuachtán Aftonbladet.

Go ginearálta, ní bhíonn gardaí cosanta ag an bPrionsa, ach bíonn oifigigh de chuid na Póilíní Slándála (Säkerhetspolisen) ar fáil dó má bhíonn siad de dhíth air, nó i gcásanna áirithe.

Ní rud neamhghnách, áfach, gardaí a bheith aige má bhíonn sé amuigh i Stócólm nó i gcathair Båstad, ach ar an oíche úd i gCannes, ba chosúil nach raibh aon gardaí aige. Ní raibh an Säkerhetspolisen toilteanach é sin a dheimhniú ach an oiread.



Ionsaithe : Prionsa Carl Philip na Sualainne

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



Fimíneacht faoi Che Guevara

TÁ conspóid ann i gcónaí faoi leacht in ómós Che Guevara atá beartaithe do Chathair na Gaillimhe. Tá cáineadh déanta faoin moladh ag polaiteoirí i Meiriceá, idir an Mheiriceánach Cúbach, Ileana Ros-Lehtinen, agus an Poblachtánach frith-Mhoslamach, Peter King.

Tá cáineadh déanta ag Noel Grealish, TD, agus Declan Ganley ar an bplean atá molta ag an gComhairleoir Billy Cameron ón Lucht Oibre an leacht a thógáil.

Dar leo, is oll-dhúnmharfóir é Ernesto 'Che' Guevara. Baineann na líomhaintí is tromchúisí faoi Guevara leis an tréimhse i ndiaidh Réabhlóid Chúba.

Bhí an dochtúir Airgintíneach i gceannas ar Phríosún La Cabaña, áit ar cuireadh iar-shaighdiúirí, oifigigh agus tacadóirí de chuid deachtóireacht Fulgencio Batista chun báis.

Tá sé deacair a theacht ar líon na ndaoine a cuireadh chun báis ann - 180 duine an measúnú is lú atá ann agus 2,000 duine an ceann is mó. Cáinteann Guevara chomh maith de bharr an easpa daonlathais i gCúba. Cé go bhfuil cearta láidre sláinte agus sóisialta ann - níl cearta daonlathacha ar bith sa tír.

Níl cead páirtithe polaitiúla a bhunú, tá gach áisíneacht meáin faoi cheannas an rialtais agus cuirtear daoine i bpríosún go rialta nuair a dhéanann siad cáineadh ar an rialtas.

Is é Cúba an tír is neamhdhaonlathaí i leathsféir an Iarthair, áit a bhfuil neart rialtas

den eite chlé tofa go daonlathach le blianta beaga anuas.

Tá cosc iomlán trádála ag SAM ar Chúba agus tá iliomad iarracht déanta acu ceannaire Chúba, Fidel Castro, a mharú.

Deir siad go bhfuil siad ag cur in éadan rialtas Chúba le 50 bliain anuas de bharr an easpa daonlathais atá sa tír sin.

Anois tá ceist agam, má thacaíonn duine le gadaíocht i gCorcaigh, ar cheart dúinn mórán airde a thabhairt air má cháineann sé gadaíocht i Sligeach?

An chúis leis an gceist ná seo - fad is a bhí SAM ag cáineadh rialtas neamhdhaonlathach Chúba, bhí siad ag tacú le rialtais neamhdhaonlathacha béal dorais in Háiti agus sa Phoblacht Dhoiminiceach, thiar in Hondúras, i bPanama, i Nicearagua, an tSalvadóir agus i nGuatamala agus ó dheas i dtíortha ar nós Veiniséala, an Cholóim, Peiriú, Eacuadór, an Bholaiv, Síle, an Bhrasaíl, an Airgintín, Paragua agus Uragua.

Thacaigh siad go láidir le deachtóireachtaí i Meiriceá Láir ach go háirithe. Mharaigh réimeas Somoza i Nicearagua thart ar 40,000 duine sular chuir na Sandinistas deireadh lena riail in 1979.

Bhuaigh na Sandinistas 67% den vóta i dtoghchán in 1984, toghchán a bhí daonlathach de réir monatóirí idirnáisiúnta, toscaireacht pharlaiminte as Éirinn ina measc. Ina ainneoin sin mharaigh fórsa sceimhlitheoireachta a d'eagraigh rialtas Ronald Reagan, na Contras, na mílte eile i rith na 1980í.

De réir na heagraíochta Human Rights Watch ba é an

príomhtheaictic a bhí ag na Contras ná sibhialtaigh a ionsaí ionas go stopfadh siad ag tacú le rialtas Daniel Ortega.

Ó dheas sa tSalvadóir, mharaigh rialtas míleata na tíre formhór an 70,000 duine a maraíodh le linn cogadh cathartha a bhí sa tír.

Bhí cúrsaí níos measa fós i nGuatamala áit ar mharaigh arm na tíre 100,000 duine sna 1980í, formhór acu Meiriceánaigh Dhúchasacha.

De réir tuairisce de chuid na Náisiún Aontaithe, mharaigh rialtais mhíleata 250,000 duine san iomlán i nGuatamala ó chuir SAM deireadh leis an gcóras daonlathach ann in 1954.

Chuir an tuairisc cinédhíothú i leith rialtais mhíleata Ghuatamala, rialtais a fuair airgead, gunnaí agus traenáil ó Washington (agus ó Iosrael agus ó thíortha eile chomh maith, dála an scéil).

Ní hé amháin gur maraíodh na céadta míle duine, rinneadh gach saghas céasta gránna, brúidiúil ar dhaoine sna tíortha sin chomh maith. Bhí roinnt Meiriceánach i measc na marbh freisin, ach is beag inní a léirigh a rialtas féin faoi sin.

Mar sin, níor cheart mórán airde a thabhairt ar cháineadh ó fhiminigh i Meiriceá faoi Che Guevara, nó cáineadh ó Declan Ganley, fear a bhfuil gnó ar luach na céadta milliún déanta aige le harm Mheiriceá.

Mar sin féin, ní chiallaíonn fimíneacht na gcáinteoirí nár chuir Che Guevara daoine chun báis gan triail chóir nó nach bhfuil deachtóireacht i bhfeidhm i gCúba de bharr na réabhlóide a raibh sé páirteach ann.



Íomhá den leacht in ómós Che Guevara atá beartaithe do Bhóthar na Trá i nGaillimh.

Ag Teach

Gaelscéal ar Scoil



Forlónadh agus suíomh oideachasúil don dara leibhéal

Forlónadh ar ais sa nuachtán 5 Méan Fómhair

San fhorlónadh ar feadh 30 seachtain den bhliain iar-bhunscoile beidh:

- Nótaí tacaíochta don rang Gaeilge, don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach.
- Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge.
- Nótaí OSSP/OSPS
- Ailt ghairmthreoracha.

Téigh chuig an suíomh oideachais ag www.oideachas.gaelisceal.ie ar feadh na scoilbhliana chun:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh.
- Ábhar cluastuisceana.
- Ábhar léamhthuisceana.
- Ábhar tacaíochta d'fhoghlaim na gramadaí agus ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim OSSP agus OSPS.

Síntiúis ar fáil do scoileanna ar phraghas speisialta

Chun síntiús a ghlacadh is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.gaelisceal.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais, Caroline Ní Chualáin, ag: scoil@gaelisceal.ie/091-897766



Bundúchasaigh i nGuatamala ag lorg eolais faoi ghaolta dá gcuid a fuadaíodh le linn na 1980í.

Cosc iomlán ar ghinmhilleadh á

Tá **Niamh Ní Bhriain** ón 'Life Institute' ar son cosc iomlán ar ghinmhilleadh in Éirinn, gan eisceacht. Labhair sí le **Colm Ó Broin**

C: An bhfuil imní oraibh faoi na moltaí a bheas ag an ngrúpa saineolas ar Chás ABC?

N: Tá imní orainn mar sa chéad dul síos níor chóir go mbeadh cead ag an gCúirt Eorpach a insint do mhuintir na hÉireann cad ba cheart dúinn a dhéanamh lenár ndlíthe, go háirithe dlíthe a bhaineann le hábhar atá chomh conspóideach agus chomh tábhachtach seo. Tá ár mbunreacht fhéin againn, tá ár tír fhéin againn agus deireann an Bunreacht gurb iad muintir na hÉireann atá i gceannas ar na tíre - ní amháin na polaiteoirí, ach muintir na hÉireann. Is cúirt eachtrach í an Chúirt Eorpach ach ní amháin sin ach is grúpa idirnáisiúnta an dreama d'eagraigh agus a chuir an cás seo le chéile, Planned Parenting International. Thug siad an cás chuig Cúirt na hEorpa agus theastaigh uathu dlíthe na hÉireann a athrú i gcoinne thuairimí mhóramh na ndaoine in Éirinn. Tuigim go gcaithfidh an rialtas breathnú ar an mbreithiúnas a rinne an chúirt ach caithfidh siad a aithint chomh maith gurb iad muintir na hÉireann atá i gceannas ar an tír ní hí an Chúirt Eorpach. Ach nuair a bhreathnaíonn tú ar roinnt na daoine a chuir Fine Gael ar an ngrúpa saineolaithe, is daoine iad seo atá gafa leis an bhfeachtas chun ginmhilleadh a dhéanamh dleathach in Éirinn. Nuair a fheiceann tú daoine atá mór le rá san fheachtas ar son ginmhillte agus iad curtha ar an ngrúpa saineolaithe seo ag Fine Gael, cuireann sé sin inni ar dhaoine atá gafa leis an bhfeachtas chun beatha a chosaint.

C: Nár dhúirt an Chúirt Eorpach go raibh ar an rialtas soiléiriú a dhéanamh ar an dlí seachas a rá go gcaithfidh siad an dlí a athrú nó ginmhilleadh a cheadú?

N: Tá an ceart iomlán agat ansin. An rud atá mé a rá ná na daoine a thóg an cás theastaigh uathu an dlí a athrú, sin an aidhm a bhí ag an gcás agus bhí siad an-oscailte faoi seo, gur theastaigh uathu go mbeadh ginmhilleadh dleathach anseo. Dúirt na breithimh go gcaithfidh rialtas na hÉireann an dlí a shoiléiriú ach dúirt siad chomh maith ina dtuairim go raibh cead ginmhilleadh a fháil in Éirinn dar leis an mBunreacht. An rud atá muidne ag rá ná go gcaithfidh tú seans a thabhairt do na daoine an Bunreacht a shoiléiriú ar shlí a chosnóidh an bheatha. Sin an rud a bhí i gceist ag daoine in 1983 agus dar linne níl intinn na ndaoine athraithe rómhór ó shin, mar, feiceann tú sna pobalbhreitheanna atá déanta ag Millward Brown go bhfuil formhór na ndaoine fós i bhfábhair cosaint a thabhairt don leanbh sa bhroinn chomh maith leis an máthair. Is féidir leis an rialtas dul bealach amháin nó bealach eile leis an rud a fhaigheann siad ón ngrúpa saineolaithe, is féidir leo seans a thabhairt do na daoine labhairt ar an ábhar seo agus an dlí a shoiléiriú ar chaoi a chosnóidh an leanbh agus an máthair nó is féidir leo gníomhaíocht a dhéanamh chun reachtaíocht ginmhillte a thabhairt isteach agus dar linne caithfidh siad an chéad rud a dhéanamh má tá siad chun a bheith daonlathach.

C: Nach bhfuil ar an rialtas an cinneadh a rinneadh i gCás X a chur i bhfeidhm, cinneadh a dúirt go raibh an ceart ag bean ginmhilleadh a fháil dá mba rud é go raibh a saol i mbaol?

N: Ceapaim go caithfidh an rialtas an rud ceart a dhéanamh agus, dar linne, an brei-



Niamh Ní Bhriain (chun tosaigh) ag seoladh feachtais de chuid an Life Institute i mí Meithimh:

GRIANGHRAF: SAM BOAL/PHOTOCALL IRELAND.

thiúnas i gCás X, bhí sé an-ait. Sa chéad dul síos níor éist sé le fianaise leighis ó dhaoine ar nós síceolaithe a chuirfeadh fianaise faoi fhéinmharú (os a gcomhar). Níor éist sé le haon fhianaise mar sin agus dar linne chomh maith, d'iompáigh siad an míniú le leasú 1983 ar a chloigeann. Nuair a vótáil mórán na ndaoine "Tá" don leasú in 1983 bhí siad ag rá gur theastaigh uathu ginmhilleadh a dhéanamh mídhleathach ach chas na breithimh, nó ceathrar as cúigear acu, míniú an reifrinn sin ar a chloigeann in 1992. Ní chaithfidh an rialtas é sin a chur i bhfeidhm, caithfidh siad seans a thabhairt do na daoine a dtuairimí a chur in iúl.

C: Nár dhiúltaigh daoine an dá reifreann a bhí againn ó tharla Cás X chun níos mó srianta a chur ar ghinmhilleadh in Éirinn?

N: Is éard a tharla in 1992 agus in 2002, agus rinne mise canbhásáil san dá reifreann, agus sa chéad cheann in 1992 bhí muid ag lorg 'Níl' agus fuair muid an vóta sin, agus bhí an vóta ina choinne an-ard, 62% nó 63%, mar ceapaim gur thuig formhór na ndaoine go dtabharfadh sé isteach ginmhilleadh i gcomhar cúiseanna áirithe. In 2002 bhí mise in éadan an reifrinn ach bhí daoine mar Clare Daly ina choinne chomh maith. Níor thug an rialtas rogha soiléir sna cásanna sin, rud a fhágann go raibh daoine ar son ghinmhillte agus daoine in éadan ginmhillte ar an dá thaobh. In ionad a bheith ag iarraidh a bheith cliste go polaitiúil, ag iarraidh gach duine a shásamh ceapaim gur chóir don rialtas rogha soiléir a thabhairt do dhaoine. Is duine daonlathach mé, má thugtar rogha soiléir agus má théann tromlach na ndaoine ar a shon beidh orainn glacadh leis sin ach níl rogha soiléir tugtha acu.

C: Céard faoi chásanna a luaitear ó thaobh sláinte na mban, féinmharú agus éigniú?

N: Má thosaím leis an gcéad cheann, is dtócha gurbh é seo cás atá ag cothú imní, go háirithe ó thaobh na mban de, ach tá an-chuid bolscaireachta curtha amach ag

daoine atá in éadan chosaint na beatha. Is léir ón méid a tharla idir 1992 agus 2012 nach bhfuil gá ginmhilleadh a bheith againn sa tír seo chun saol mná a chosaint; ní féidir leat ginmhilleadh a fháil sa tír seo agus níl aon duine ag fáil bháis mar gheall ar sin. Ní hé sin an t-aon fhianaise atá ann. Dúirt na Náisiúin Aontaithe go soiléir sa tuairisc ar mhorthlaíocht máithreacha is déanaí a bhí acu gurb í Éire, gan ghinmhilleadh, an tír is sábháilte do mhná torracha. Tá an t-ádh orainn, gan ginmhilleadh, go bhfuil sé níos sábháilte a bheith torrach in Éirinn ná aon in tír eile ar domhan, ach chomh tábhachtach leis sin, tháinig Coiste Uilepháirtí an Oireachtais le chéile in 2000 le féachaint ar an ábhar seo, lean sé ar aghaidh ar feadh míosa agus thóg siad isteach na dochtúirí, na saineolaithe leighis ar an ábhar seo, na daoine ó Institiúidí na gCnáimhseoirí agus na nGinéiceolaithe. Thóg siad isteach an duine a bhí i gceannas ar an Institiúid ag an am, an Dr John Bonner, agus dúirt sé go soiléir leis an goiste nach bhfuil aon ghá ginmhilleadh a bheith agat chun saol mná a chosaint agus gurbh é sin, ní amháin a thuairim ach an taithí a bhí ag na saineolaithe.

C: An rogha atá tusa a lorg ná go mbeadh cosc ar gach ginmhilleadh?

N: Sea, gach ginmhilleadh.

C: Céard faoi chásanna ina bhfuil bean ag rá go gcuirfidh sí lámh ina bás féin murar féidir léi ginmhilleadh a fháil.

N: Sin é an cás a cuireadh os comhar na cúirte i gCás X, agus bhí mé ag rá níos luaithe nár bhreathnaigh siad ar an bhfianaise atá aimsithe ag daoine a dhéanann staidéar ar an ábhar agus atá foilsithe in irisí eolaíochta piarmheasúnaithe. Is éard atá faighte amach acu ná go bhfuil frithnasc idir ginmhilleadh agus féinmharú. De réir staidéir a rinneadh san Fhionlainn, tá sé sé huaire níos dóchúlú go gcuirfidh tú lámh i do bhás féin má bhíonn ginmhilleadh agat.

C: An bhfuil seans ann nach bhfuil ceangal díreach idir an dá rud? Mar shampla, má tá fadhbanna ó thaobh meabhairshláinte ag bean go mbeadh níos mó seans ann go mbeadh ginmhilleadh aici agus go gcuirfeadh sí lámh ina bás féin?

N: Bhí cóimhmheastóirí (controls) acu i gcomhar rudaí mar sin. Staidéar leathan a bhí anseo, bhreathnaigh siad ar an daonra ar fad thar thart ar deich mbliana agus bhí cóimhmheastóirí acu i gcomhar rudaí mar sin, fadhbanna sláinte a bhí ag daoine ag an tús. Bhí iontas orthu na torthaí seo a fháil. Ceapaim gur rud an-tábhachtach é seo. Nuair a scríobh mé faoi seo san Irish Times bhí daoine ag argóint agus ag díospóireacht faoi (ar shuíomh idirlín) agus na daoine a bhí ar son ginmhillte níor theastaigh uathu aon aird a thabhairt ar an staidéar seo. Is bean mé, tá ceathrar deirfiúr agam agus ceathrar iníon agus tá spéis agam i gcúrsa ban. Bheinnse buartha dá mba rud é go raibh mé ar an taobh eile agus gur tháinig rud mar seo anuas, aon rud a deireadh liom - tá dainséar anseo do mhná.

C: An ndearnadh aon staidéar eile a dúirt a mhalairt?

N: Níl aon staidéar ann a deireann go bhfuil ginmhilleadh go maith i gcomhar bean atá ag smaoineamh ar lámh a chur ina bás féin. Tá fear darbh ainm David Ferguson a rinne an-chuid staidéar faoin ábhar seo agus rud amháin a dúirt sé go dtagann sé ar thorthaí, uaireanta, atá ag teacht salach ar a chéile, ach rud amháin a dúirt sé atá an-soiléir sna staidéir ar fad, cé go bhfuil díospóireacht ann faoin méid damáiste a dhéanann ginmhilleadh do mhná ó thaobh meabhairshláinte de, dúirt sé go bhfuil sé soiléir anois nach gcabhraíonn sé le mná a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.


C: Má tá bean ag rá go gcuirfidh sí lámh ina bás féin mura mbeidh ginmhilleadh aici, agus déanann sí beart de réir briathair, cén chaoi a ndéilealfadh sibh le cás mar sin?

N: Má tá éinne ag rá go bhfuil siad chun lámh a chur ina bás féin caithfidh tú cabhair agus tacaíocht ó na seirbhísí meabhairshláinte a thabhairt dóibh láithreach. Ní hé go mbeadh tú ag rá téigh amach agus déan do rogha rud. Le toircheas géarchéime go hiondúil is eagla agus fainic a bhrúnn mná chun ginmhilleadh a fháil agus is réiteach ó na meánaoiseanna é seo. Má tá eagla ar bhean caithfidh tú freagra níos fearr a thabhairt ná a rá leo - maraigh do pháiste agus beidh tú ceart go leor.

C: Céard faoi chásanna ina bhfuil bean torrach de bharr éignithe agus tá sí ag rá go gcuirfeadh sé uafás uirthi an leanbh seo a bheith aici?

N: Is rud uafásach é éigniú do bhean nó d'fhear. Ní minic a éiríonn bean torrach de bharr éignithe ach toisc go gceapann muid gur rud uafásach atá ann ceapann muid go bhfuil muid ag déanamh an rud is fearr don todhchaí, don bhean, má chuireann muid ginmhilleadh ar fáil. Caithfidh muid smaoineamh faoin rud is fearr is féidir linn a dhéanamh don bhean; cad é an tacaíocht agus an grá agus an freagra daonna a bheadh againn agus tá cabhair ghairmiúil agus cabhair ón gclann an-tábhachtach sa chás seo. An cheist ná an bhfuil muid ag iarraidh páiste neamhurchóideach a chosaint, níl an milleán ar an bpáiste toisc gur duine

iarraidh i gcónaí ón ‘Life Institute’



Gníomhaithe ar son rogha ag agóidíocht faoi Chás X lasmuigh den Dáil i mbliana.
GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

cruálach, uafásach é an t-athair. Ar chóir dúinn an páiste a mharú de bharr an rud uafásach a rinne an t-athair? Rud amháin nach dtuigeann daoine nach é sin an rud a roghnaíonn tromlach na mban a éiríonn torrach de bharr éignithe. De réir staidéir a chur an tIonad Géarchéime Éignithe amach an bhliain seo caite, ní roghnaíonn ach 13% de mhná a bhíonn torrach i ndiaidh éignithe an ginhilleadh.

Ceapaim go mbeadh iontas ar go leor daoine faoi sin, go mbeidís ag ceapadh gur 100% a bheadh ann, mar sin nach mbeadh sé níos fearr cabhair a thabhairt don 13% sin chun go bhféadadh siad fáil tríd agus b'fhéidir an leanbh a thabhairt suas i gcomhar uchtaithe ná rud éigin uafásach a dhéanamh ar an leanbh mar go ndearna duine éigin rud uafásach ar an mbean?

C: Deir daoine atá ar son ginhillte nó ar son rogha go bhfuil muid fimíneach toisc go bhfuil muid ag rá go bhfuil sé ceart go leor taisteal go Sasana chun ginhilleadh a fháil ach nach bhfuil sé ceart go leor é a dhéanamh in Éirinn.

N: Ní dóigh liom go bhfuil daoine ag rá go bhfuil sé ceart go leor, an rud atá ann ná nach féidir linn dlíthe Shasana a athrú.

C: Níl daoine sásta in Éirinn stop a chur le daoine dul go Sasana le ginhilleadh a fháil cé go bhfuil muid ag rá nach bhfuil muid ag iarraidh ginhilleadh in Éirinn.

N: Níl an cheart againn stop a chur le daoine taisteal. Céard a dhéanfá, ceist a chur ar mhná ag an aerfort cá bhfuil siad ag dul agus cén fáth? Níl smacht againn ach ar ár ndlíthe féin.

C: An bhfeiceann sibhse aon difríocht idir páiste sa bhroinn nó féatas agus duine atá beo ar an saol, duine atá beirthe.

N: Is dócha go bhfuil an difríocht céanna idir páiste sa bhroinn agus duine atá beirthe agus atá idir m'íníon atá ceithre bliana d'aois agus m'íníon atá níos sine. Is daoine muid ar

fad a bhíonn ag fás ón nginiúint. Bhí clár fógraí againn tráth a dúirt ‘You, me everybody we’re all just grown up embryos’ agus sin croílár na ceiste, cá thosnaíonn ár saol.

C: Tá go leor tíortha ina bhfuil cead ginhilleadh a fháil sna chéad trí mhí, fiú sa chás sin ní fheiceann tusa difríocht idir leanbh ag an aois sin agus duine atá beirthe?

N: Ceapaim go dtosaíonn beatha ag an nginiúint agus ba mhaith liomsa é a chosaint ón am sin. Cad é an difríocht idir leanbh atá 12 sheachtain d'aois agus leanbh atá 12 seachtain agus lá amháin? Ní dhéanann na teorainneacha seo aon chiall. Ag 12 seachtain tá cruth iomlán ar an leanbh.

C: Deir daoine gur ionann ginhilleadh agus dúnmharú. An gcreideann tusa é sin?

N: Creidim gur dúnmharú é ginhilleadh, ach, is pointe tábhachtach é seo, is dochtúir atá ag déanamh an dúnmharaithe. Deireann daoine má chreideann tú é sin go bhfuil tú ag rá gur dúnmharfóir í an mháthair, ach ní chreidim é sin. Tá mé gafa leis seo le 20 bliain agus bhuail mé leis an méid sin mná a fuair ginhilleadh de bharr comhéigin (coercion) de shaghas éigin. B'fhéidir nach bhfuil duine éigin ag tarraint na mná go físi-ciúil ar an eitleáin ach b'fhéidir go bhfuil buachaill nó máthair nó cairde uaireanta ag cur an méid sin brú uirthi nach bhfuil sí ag déanamh rogha mar is ceart.

C: Rud a déarfadh daoine atá ar son rogha ná go bhfuil sé easca a rá go dtosaíonn beatha ag an nginiúint ach má chreideann tú é e sin caithfidh tú a rá go bhfuil na mná seo ag marú páiste agus dá bhrí sin go caithfear iad a chur sa phríosún.

N: Ní cheapaim go gcreideann siad é sin i ndáiríre. Ní chreideann aon duine é sin. Is ráiteas poileimic atá ann, rud a chaitheann siad amach ansin chun go gceapfadh daoine go bhfuil daoine atá ar son na beat-ha suarach nó cruálach. Tá mise á

dhéanamh seo le 20 bhliain agus níor chuala mé aon duine riamh ag rá gur chóir duit mná mar sin a chur sa phríosún.

C: Cén fáth nár cheart iad a chur i bpríosún?

N: Sa chéad dul síos, mar a dúirt mé, ní iadsan a dhéanann an marú agus sa dara dul síos go minic ní rogha saor é nó go minic bíonn daoine óg agus ní bhíonn tuiscint cheart acu. Is éard atá ag teastáil ná níos mó cabhrach a thabhairt do dhaoine réiteach atruach a fháil ar na fadhbanna seo.

C: Ach dá mba rud é go ndearna sí rogha í féin, gan brú?

N: Is cás hipitéiseach é sin. Ní bhaineann sé leis an argóint seo mar níl aon duine gafa leis seo toisc go dteastaíonn uathu pionós a chur ar mhná. Formhór na ndaoine a n-oibríonn mise le oibríonn iad go deonach. Tugann siad 30 nó 40 uair gan pá gach seachtain toisc go dteastaíonn uathu cabhair a

thabhairt do mhná agus páistí a chosaint agus réiteach níos fearr a fháil.


C: Dá bhfaigheadh bean duine éigin eile chun páiste cúig bhliana d'aois a mharú chuirfí i bpríosún í.

N: Ní féidir leat a rá go gcuirfí i bpríosún. Bheadh ort breathnú ar céard a tharla, an raibh brú uirthi, an raibh eolas aici; tagann na rudaí sin isteach ann chomh maith.

C: Nach léiríonn sé sin go bhfeiceann sibh difríocht idir ginhilleadh agus dúnmharú?

N: No, ní cheapaim é. Níl aon difríocht idir an gcaoi a bhreathnaíonn muid ar an saol. Ceapann muid go dtosaíonn sé ag an nginiúint agus gur chóir é a chosaint i gcónaí. Deir daoine nach bhfuil muid seasmhach ansin ach ceapaim go bhfuil, mar teastaíonn uainn an réiteach is fearr a fháil ar an bhfadhb. Ní theastaíonn uainn pionós a ghearradh ar dhaoine.

Scéim Teanga



Comhairle Chontae
Chill Chainnigh

Aighneachtaí á lorg Acht na Dteangacha Oifigiúla 2003 Dréacht Scéim á hullmhú ag

Udaráis Aitiúla Chill Chainnigh

Tá sé l gceist ag Udaráis Aitiúla Chill Chainnigh scéim a dhréachtadh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bun-chuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeadh fail níos mó ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeadh said ar chaighdeán níos aired.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréacht-scéime á lorg ag Udaráis Aitiúla Chill Cheannaigh anois ó aon pháirtithe leasmhara. Ba chóir nach rachadh na haighneachtaí sin thar 4,000 focal (c. 8 leathnach). Ba chóir freisin, go hinhmianaithe, aighneachtaí, a bheidh ar fail go poiblí ar láithreán gréasáin Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Buirge Chill Cheannigh a sheoladh isteach go leictreonach chuig Gaeilge@kilkennycoco.ie. Ina ionad sin is féidir iad a sheoladh leis an bpost chuig Roinn Corparáideacha, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Halla an Chontae, Sráid Sheáin, Cill Chainnigh.

Tá eolas maidir le mandáid agus an ról / na seirbhísí arna soláthar don phobal ag Udaráis Aitiúla Chill Chainnigh ar fail ar www.kilkennycoco.ie agus www.kilkennyborough.ie. Is é an data deireanach d'aighneachtaí a bheith faighte ná 5.00 i.n., ar 30ú Meanfomhar, 2012.

Tá tuilleadh eolais faoin Acht ar fail ar láithreán gréasáin na Roinne Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar www.pobail.ie nó ar iartrais trí ríomhphoist chuig achtteanga@pobail.ie

Daonáireamh 2011 maidir le Labhairt na Gaeilge - Cuid 2: Na Cathracha agus na Bruachbhailte

D'iarr Gaelscéal ar an taighdeoir **Donncha Ó hÉallaithe** scagadh a dhéanamh ar na sonraí ó Dhaonáireamh 2011 maidir le húsáid na Gaeilge, a foilsíodh le gairid, ar an idirlíon. An tseachtain seo caite bhreathnaigh sé ar úsáid na Gaeilge sna contaetha agus sna bailte móra taobh amuigh den Ghaeltacht oifigiúil. An tseachtain seo tá sé ag breathnú ar úsáid na Gaeilge sna cathracha. An tseachtain seo chugainn, sa tríú cuid den anailís beidh sé ag díriú ar an nGaeltacht.

Cainteoirí Rialta Ghaeilge:

DE bharr athraithe a cuireadh ar an gceist faoi úsáid na Gaeilge sa Daonáireamh, is féidir a oibriú amach cé mhéad duine ar éilíodh ina leith go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil agus go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais (TACO), Do réir Daonáireamh 2011, cé gur thug 40.6% den daonra (3 bliana d'aois nó níos mó) sa Stát le tuiscint go bhfuil Gaeilge acu ach ní raibh ach 1.77% den daonra céanna ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais, le 2.53% eile á labhairt go seachtainiúil. Má cuirtear an dá fhigiúr sin le chéile, faightear céatadán na ndaoine a deir go labhraíonn siad Gaeilge go seachtainiúil ar a laghad – na cainteoirí rialta taobh amuigh den

chóras oideachais, mar a thugaimse orthu. Mar thomhais ar úsáid na Gaeilge sa ghnáthshaol taobh amuigh den Gaeltacht, feictear domsa gur fearr úsáid a bhaint as céatadán na gcainteoirí rialta taobh amuigh den chóras oideachais ar an gcúis seo: is beag deise a bhíonn ag daoine, nach bhfuil cónaí orthu i gceantar Gaeltachta, an Ghaeilge a úsáid go laethúil taobh amuigh den scoil, mura bhfuil Gaeilge á labhairt sa mbaile nó mura bhfuil an duine gafa go mór le saol na Gaeilge. Ar an gcaoi sin is fearr, i mo thuairim-se, na cainteoirí seachtainiúla a chur leis na cainteoirí laethúla agus céatadán na gcainteoirí rialta a oibriú amach, le tomhais a fháil ar an méid Gaeilge atá in úsáid i gceantar ar bith lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta, ina bhfuil an Ghaeilge fós á húsáid go laethúil mar theanga pobail.



Dóchas na Gaeilge. Páistí Ghaelscoil Bhaile Munna i mbun sugartha, de réir an daonairimh is deireanaí, tá ceantar amháin sa bhaile seo ina bhfuil 7.47% den phobal ag caint Ghaeilge go rialta taobh amuigh den chóras oideachais.

Tabhair faoi deara san anailís seo go bhfuil Baile Átha Cliath ar fad curtha le chéile agam, idir cathair agus contae. Dún Laoghaire / Rath an Dúin (4.35%) an t-aon mhórchéantar Áth Cliathach ina bhfuil an céatadán de chainteoirí rialta Gaeilge, taobh amuigh den chóras oideachais, níos airde de bheagán ná an meán don stát (4.30%). An Chathair (3.29%) is laige

ach gan mórán de dhifríocht idir é agus Fine Gall (3.34%) agus Baile Átha Cliath Theas (3.43%). Cathair na Gaillimhe (7.49%) an ceantar uirbeach is mó ina labhraítear Gaeilge sa tír. Tá Cathair Corcaí (4.19%), Cathair Luimnigh (3.72%) agus Cathair Phort Láirge (2.95%) ag titim faoi bhun an mheáin don stát ina iomláine do chainteoirí rialta

taobh amuigh den chóras oideachais. Nuair a bhristear síos na huimhreacha do na ceantair éagsúla toghchánaíochta taobh istigh de na cathracha, tá difríochtaí móra le tabhairt faoi deara idir na bardaí éagsúla sa gcathair chéanna, mar a léirítear thíos i dTábla 2, atá liostáilte in ord de réir chéatadán na gcainteoirí rialta, taobh amuigh den chóras oideachais.

Na Ceantair Cathracha

An tseachtain seo caite, sa chéad chuid den anailís seo, léiríodh go raibh céatadán níos airde daoine ag Gaeilgeoireacht go rialta i gCathair na Gaillimhe ná mar a bhí i gceithre cinn de na contaetha ina bhfuil ceantair Ghaeltachta suite – Ciarraí, Maigh Eo, Port Láirge agus an Mhí. Ní nach ionadh, tá an Ghaeilge níos láidre i gCathair na Gaillimhe ná mar atá in aon chathair eile, mar a léirítear i dTábla 1. Seo mar a bhí na cathracha éagsúla, do réir mo chuid anailíse:

Tábla 1: Cathracha in ord do réir an % cainteoirí rialta Gaeilge sa Daonra (3 bl.+)

Cathair	% atá ábalta Gaeilge a labhairt	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais.
1 Cathair na Gaillimhe	43.97	3.27	7.49
2 Cathair Chorcaigh	40.34	1.37	4.19
3 Cathair Luimnigh	38.48	1.23	3.72
4 Baile Átha Cliath	35.58	1.33	3.50
5 Cathair Phort Láirge	37.73	0.95	2.95
An Stát	40.06	1.77	4.30

Tábla 2: Ceantair Cathrach in ord do réir an % cainteoirí rialta Gaeilge sa Daonra (3bhl.+)

Ceantair Thoghchánaíochta nó Bardaí	% atá ábalta Gaeilge a labhairt	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.	% a labhraíonn Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais.
1 Gaillimh - an Bharda Thiar	51.92	4.51	9.78
2 Gaillimh - an Bharda Lár	41.1	3.02	7.30
3 Corcaigh - Thiar Theas	50.09	2.02	6.01
4 Gaillimh - an Bharda Thoir	38.94	2.37	5.64
5 An Charraig Dhubh	45.23	1.8	5.05
6 Stigh Lorcáin	48.24	1.85	5.01
7 Cluain Tairbh	45.33	1.99	4.90
8 Cill Droichid	45.5	1.95	4.81
9 Dún Droma	44.01	1.94	4.81
10 Corcaigh - Thoir Theas	46.74	1.58	4.71
11 Rath Fearnáin	47.28	1.55	4.31
12 Pembróc / Rath Maoinis	40.24	1.53	4.20
13 Corcaigh - Thoir Thuaidh	39.94	1.4	4.20
14 Corcaigh - Lár Theas	36.14	1.35	4.15
15 Carraig Uí Leighin	48	1.38	4.12
16 An Chabrach / Glas Naíon	37.95	1.55	4.11
17 Gleann Cuilinn - Áth an Ghainimh	39.83	1.66	4.00
18 Leamhcán	37.65	1.68	3.92
19 Dún Laoghaire	38.21	1.42	3.85
20 Mullach Íde	42.61	1.22	3.64
21 An Baile Breac	37.86	1.44	3.63
22 Caisleán Cnucha	40.17	1.25	3.63
23 Domhnach Míde	35.12	1.42	3.39
24 Baile Brigín	38.21	1.29	3.39
25 Sord	34.25	1.29	3.27
26 Cluain Dolcáin	30.03	1.24	3.24
27 Baile Munna / Fionnghlas	29.16	1.39	3.23
28 Ard Aidhin / Fionnbhrú	33.03	1.35	3.23
29 Cromghlinn / Camaigh	32.9	1.22	3.21
30 Tamhlacht Láir	34.21	0.97	3.00
31 Tamhlacht Theas	33.3	1.18	2.98
32 Corcaigh - Thiar Thuaidh	33.75	0.83	2.84
33 Mullach Eadrad	32.83	1.02	2.83
34 Bhaile Átha Cliath	25.81	1.05	2.75
35 Corcaigh Thuaidh-Lár	30.86	0.81	2.54
36 Bhaile Áth Cliath	26.57	0.78	2.39
37 Droimeanach	25.56	0.86	2.31
38 Baile Átha Cliath	20.86	0.85	2.26
An Stát	40.06	1.77	4.30

Foinse: Tá an tábla seo curtha le chéile ag Donncha Ó hÉallaithe ag úsáid figiúirí atá foilsithe ag an CSO sna táblaí SAPs, Daonáireamh 2011 atá le fáil ar shuíomh idirlín an CSO.

San anailís ar na bailte móra, an tseachtain seo caite, bhí Maigh Nuad ar bharr an liosta le 5.94% de chainteoirí rialta agus cé gur fíor gurb é sin ‘an baile is Gaeilí lasmuigh den Ghaeltacht’ mar a dúradh sa cheannlíne ar an gcéad leathanach de Ghaelscéal na seachtaine seo caite, ní hé an ceantar uirbeach is Gaeilí é, mar go bhfuil trí bharda chun tosaigh air, an Barda Thiar (9.78%) agus an Barda Láir (7.30%) i gCathair na Gaillimhe agus an Barda Thiar Theas (6.01%) i gCathair Chorcaigh.

I gCathair Corcaí sé an Barda Thiar Theas (6.01%), ina bhfuil Baile an Easpaig agus Glaisín, agus an Barda Thoir Theas (4.71%), ina bhfuil Baile an Locha agus Mahon, ar an dá cheantar is láidre ó taobh úsáid na Gaeilge go rialta de.

An dá cheantar is laige i gCathair Chorcaí ná an Barda Thuaidh-Lár (2.54%) agus an Barda Thiar

Thuaidh (2.84%).

Sna bardaí seo tá na ceantair cáilíúla Cnocán an Aonaigh, An Gleann, An Linn Dubh agus an Seandún comh maith le Cnoc an Aoine agus Gurrán an Bhráthair.

Tá difríochtaí móra le tabhairt faoi deara i mBaile Átha Cliath chomh maith, idir na ceantair meánaicmeacha seanbhunaithe ar nós An Charraig Dhubh (5.05%) agus Stigh Lorcáin (5.01%) ar lámh amháin agus ceantair an aicme oibre ar an lámh eile ar nós Baile Formaid / Droimneach (2.31%) agus Mullach Eadrad (2.83%). Tá na trí cheantar i Lár na Cathrach an-íseal chomh maith.

Os cionn an meán náisiúnta chomh maith tá na ceantair seo a leanas: Cluain Tarbh (4.90%), Cill Droichid (4.81 %), Dún Droma (4.81%) agus Rath Fearnáin (4.31%).



Rinn na Mara, Baile Átha Cliath. De réir an daonáirimh, úsáideann 9.25% de mhuintir na háite seo an Ghaeilge go rialta.



Bóthar na Trá, Gaillimh (An Barda Thiar). Seo an ceantar cathrach ina bhfuil an méad is mó Gaeilge á úsáid sa tír - le 9.78% den daonra ag labhairt na Gaeilge go rialta. Tá cuid de, Cnoc na Cathrach, sa Ghaeltacht Oifigiúil.

Conclúid:

Is minic a thugtar le fios go bhfuil dul chun cinn mór déanta sna cathracha móra maidir le húsáid na Gaeilge. San anailís seo, is í Cathair na Gaillimhe an t-aon chathair ina bhféadfaí a rá go bhfuil céatadán suntasach den daonra ag úsáid Ghaeilge go rialta, taobh amuigh den chóras oideachais. Ar ndóigh tá an cúigiú cuid den daonra cathrach i nGaillimh ag cónaí laistigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta ach seachas an ceantar ‘Gaeltachta’ ar imeall thiar na cathrach, tá an méid Gaeilge a úsáidtear sna ceantair eile le haitheantas Gaeltachta, níos ísle ná cuid mhaith de na ceantair seanbhunaithe ar nós Bóthair na Trá, An Cladach agus Seantalamh.

I gCorcaigh tá an Ghaeilge níos láidre sna ceantair mheánaicmeacha i ndeisceart na cathrach, ná mar atá sna ceantair aicme oibre ar an taobh ó thuaidh den Laoi.

Tá cuid den patrún céanna le tabhairt faoi deara i mBaile Átha Cliath chomh maith le ceantair mheánaicmeacha ar nós An Charraig Dhubh / An Pointe (9.25%) agus Cluain Sceach / Belfield (7.4%) atá ard i gcomparáid le ceantair den aicme oibre ar nós Baile

Munna / Fionnghlas (3.23%) agus Tamhlacht (3.00%).

Ina ainneoin ar thug an tAire Stáit, Dinny Mc Ginley, le tuiscint, le linn na díospóireachta ar Bhille na Gaeltachta,

faoin dul chun cinn atá déanta i measc an phobail ag an nGaeilge i gCluain Dolcáin, is é fírinne an scéil go bhfuil úsáid na Gaeilge i gCluain Dolcáin níos ísle ná an meán don stát ar fad (4.30%) agus níos ísle ná an meán do Bhaile Átha Cliath (3.50%) ar fad curtha le chéile. As 28 ceantar i mBaile Átha Cliath, idir contae agus cathair, tagann Cluain Dolcáin (3.24%), san 18ú háit.

Maidir le Baile Munna, ba cheart a rá go bhfuil ceantar ann, ina bhfuil an céatadán de chainteoirí rialta taobh amuigh den chóras oideachais chomh ard le 7.47%.

An tseachtain seo chugainn, sa tríú cuid den tsraith anailíse seo ar na torthaí ón Daonáirimh a tógadh anuraidh, maidir le húsáid na Gaeilge, beidh mé ag díriú ar na ceantair éagsúla Gaeltachta, féachaint cén lagú nó neartú atá tagtha orthu idir 2006 agus 2011.

Tá na sonraí daonáirimh ar a bhfuil an anailís seo bunaithe le fáil ón nasc seo a leanas: <http://www.cso.ie/en/census/census2011smallareapopulationstatistics.aspx>

Staitisticí ag teacht salach ar chaint an Aire?

Le linn na díospóireachta sa Dáil ar Bhille na Gaeltachta, an mhí seo caite, is iomaí tagairt a rinne an tAire Stáit, Dinny McGinley, don phobal láidir Gaeilge i gCluain Dolcáin. Mar shampla, ag labhairt dhó sa Seanaid ar an 11 Iúil 2012, bhí an méid seo le rá aige, de réir na tuairisce oifigiúla:

“Bhí mé i gCluain Dolcáin seachtain agus an lá inné. Chuala mé go minic, bhí mé i mo chónaí in aice le Cluain Dolcáin uair amháin, an toradh atá ansin: Áras Crónáin, imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha gach lá sa tseachtain, gach oíche sa tseachtain, scolaíocht á chur ar fáil ansin do 1,200 duine. Ní raibh Údarás ná duine ar bith eile ag cur brú orthu sin amuigh ansin, tháinig sé ón phobal iad féin. Tá dea-mhéin agus dea-thoil don Ghaeilge ansin agus más féidir linne é sin a chur le chéile, ‘to harness it’, mar a déarfá. É a úmadh mar a dhéanfá le capall nó b’fhéidir le hasal, é a úmadh agus an dea-mhéin agus dea-thoil a thabhairt chugainn agus obair le chéile sílimse gurb é sin fuascailt na ceiste.” Dinny Mc Ginley ag caint sa Seanaid ar an gCéadaoin, 11 Iúil 2012.

Ach do réir na hanailíse seo ar thorthaí an Daonáirimh a tógadh anuraidh, tá Cluain Dolcáin ar cheann de na ceantair is ísle ó thaobh úsáid na Gaeilge go rialta de taobh amuigh den chóras oideachais!

Is iad a smaointe seachas a gníomhartha is cúis le himtheorannú Marian Price



Eoghan Ó Néill

Laogh gan iomrá é an Moinsí-neoir Réamann Ó Muirí. Don duine atá ró-óg le cuimhneamh i gceart ar chéad laethanta na dTrioblóidí, bhí an tAthair Ó Muirí agus an tAthair Denis Faul ar bheirt de na glórtha ab éifeachtaí agus ba láidre a chualathas nuair a sciob arm na Breataine na mílte duine isteach i gcampaí imtheorannaithe ó Thuaidh i mí Lúnasa 1971.

An t-am nach raibh ach dornán de mhaithe móra na linne sásta ‘droch-chlú’ a tharraingt orthu féin trí sheasamh le Seisear Bhirmingham, Ceathrar Ghuilford agus a macasamhail, chualathas glórtha Denis Faul agus Réamann Ó Muirí go hard agus go soiléir. Cásanna faoi chéasadh cimí agus eachtraí ‘scaoil le marú’, faoi philéir phlaisteacha agus faoi chearta banchimí a bhí mar ‘áran laethúil’ ag an Athair Réamann feadh na dTrioblóidí.

Mar sin, nuair a chluinim eisean ag maíomh go bhfuil rialtas na Breataine i ndiaidh imtheorannú a thabhairt ar ais i gcás Marian Price, bímse buartha.

Ach go fiú mura raibh glór an Athair Uí Mhuirí le cloisteáil ní gá ach spleachadh gasta ar chás Marian Price chun go dtuigfeá a éagóirí agus atá sé go bhfuil sí i mbraighdeanas.

Dhá uair le bliain anuas cuireadh cúiseanna i leith Marian Price i gcúirt oscailte agus dhá uair shocraigh na cúirteanna nár cheart í a choinneáil faoi ghlas. Shaoraign na cúirteanna Marian Price faoi dhó. Mar sin cad chuige a

An chúis a bhfuil Marian Price sa phríosún. Le linn comóradh Cáscá de chuid an ‘32 County Sovereignty Movement’ ar 25 Aibreán anuraidh, thóg Marian Price ráiteas in airde chun go bhfheadfadh le ball den ‘Fíor-IRA’ é a léamh i nDoire.

[PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]



bhfuil sí faoi ghlas go fóill?

Tá sí faoi ghlas cionn is go ndeir Owen Patterson, Sasanach nach bhfuair oiread agus vóta amháin sa tír seo riamh, go bhfuil fianaise aige, nach féidir a chur ar fáil, go mba chontúirt í Marian Price don phobal ó Thuaidh.

Ní bheadh saoradh Marian Price ar leas an phobail - mar dheal!

Seo an Owen Patterson céanna a dúirt linn an mhí seo caite nach mbeadh aon fhiosrúchán neamhspleách faoi mharú 11 duine ag Para-

trúipéirí na Breataine i mBaile Uí Mhurchú 6 mhí roimh Dhomhnach na Fola, ‘ar leas an phobail.’

Cén fáth nach mbeadh sé ar leas an phobail agus ar leas an tsochaí agus ar leas an chórais dhlí go mbeadh fiosrúchán neamhspleách ann?

Cén fáth nach mbeadh sé ar leas an phobail Marian Price a chur ar a triail de réir an dlí seachas de réir mhian Owen Patterson?

Is baol do leas an phobail é Owen Patterson. Tá sé ag cur ghnáth-oibriú

an chórais dlí ó rath ar mhaithe lena leas féin agus ag baint tairbhe as ‘dúirt bean liom gur dhúirt bean léi’ chun imtheorannú a dhéanamh ar Marian Price. Tá imtheorannú mícheart. Bhí sé mícheart nuair a baineadh úsáid as ó Dheas. Bhí sé mícheart nuair a baineadh úsáid as ó Thuaidh. Bhí sé mícheart nuair a baineadh úsáid as sna ‘cóilíneachtaí’. Tá sé mícheart go bhfuiltear ag baint úsáide as go fóill.

Tá sé mícheart cionn is go bhfuil sé mímhóralta. Ní féidir le duine iad féin

a chosaint os comhair cúirte nuair nach fios dóibh go fiú na líomhaintí atá curtha ina leith. Dhá uair, shaoraign na cúirteanna ó Thuaidh Marian Price.

Ach go fóill féin socraigh Owen Patterson an dlí a chur ar leataobh.

Tá sin mímhóralta agus is léiriú é ar a dheacra agus atá sé tabhairt ar rialtas na Breataine glacadh le daonlathas sa Tuaisceart. Ach cén t-iontas?

Breathnaigh an Ard-Chúirt in Sasana faoi láthair agus an dóigh a bhfuil bunaíocht Shasana fós ag séanadh don liodán náireach d’úafáis a d’imir siad ar phobal bocht na Céinia.

Sa chúirt sin mí ó shin, thaispeáin Wambugu Wa Nyingi (86) lorg na ngeimheal ar na lámha aige ón am a chaith sé glasáilte i gcampa imtheorannaithe na Sasanach. Chuir sé síos ar an tsli a rinneadh é a choilleadh le grea-mairí den tsórt a d’úsáidfí ar bheithigh. Ar an dóigh ar bualadh 11 chime eile chun báis agus gur éigníodh cimí, idir fhir agus mhná.

Ar an dóigh a dódh daoine chun báis agus iad ina mbeatha cionn is na Sasanaigh a bheith in amhras fúthu.

Is leor treoir ó Eric Griffith Jones, Ard-Aighne na Breataine don Chéinia ag an am, chun a mheabhrú dúinn a laghad airde agus a bhí ag an mBreatain ar an dlí ina gcuid coilíneachtaí.

Ar seisean, “Vulnerable parts of the body should not be struck, particularly the spleen, liver or kidneys.” Ba cheart do na céastóirí, “they should remain collected, balanced and dispassionate”. Agus, iontach ciúin! “If we are going to sin, we must sin quietly”.

Tógfaidh sé sé tamall fada orainn bunmheas ar luachanna an daonlathais a mhúineadh do Shasanaigh áirithe.

Mar sin, tosaimis le cás Marian Price. Agus tugaimis ar Owen Patterson an dlí bhunúsach idirnáisiúnta a chur i gcrích seachas dlí na hImpireachta.

Beatha an Scoláire

Comhairle bheag do ghlúin úr scoláirí



Peadar de Blúit

Is é an t-am sin den bhliain arís é, na torthaí Ardteiste 2012 foilsithe agus na tairiscintí ag teacht ón Lár-Oifig Iontrála go luath ina dhiadh sin. Tá na pointí faighte, tá glactha agat le do chúrsa úr, anois is gá lóistín a shocrú. Ní beag an cheist í sin ach an oiread.

Chuige sin, beidh Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) ag foilsíú Leab-

har Cíosa agus Treoirleabhar Cóiríochta. Tugann an leabhrán beag seo eolas don mhac léinn nua faoi thithíocht agus na rudaí is tábhachtaí le cuimhneamh orthu agus tú ag fágáil do bhaile.

Is é an áit a roghnaíonn tú ag tús na bliana, an áit a chaithfidh tú an cuid eile den bhliain. Ó sheachtain na bhfreisir go tréimhe na Nollaig, báisteach gan stad i mí Eanáir go aimsir bhreá na scrúduithe. Ní chuimhníonn tú air agus an litir ón CAO i do ghlaic agat den chéad uair - ach is mór an cheist í an tithíocht.

Seans maith gurb é an céad uair a bheidh tú as baile mar is ceart, mar sin tá roinnt rudaí ar gá agat cuimhneamh orthu agus tú dul ar thóir tithíochta. Ar

dtús ná glac leis an gcéad rud a aimsíonn tú, cinntigh do roghanna a choimeád ar oscailt agus ná glac le rud éigin díreach ar mhaithe le glacadh leis. Igcónaí bí cinnte go bhfeiceann tú an lóistín sula mbogann tú isteach ann!

Nuair atá tú tar éis aontú ar áit éigin, bí cinnte sonraí ar fad do thiarna talún a fháil. Tarlaíonn sé go fíormhinic nach bhfaigheann tionóntaithe sonraí an tiarna talún, agus nach bhfuil teacht acu ar an duine céanna i gcás éigeandála. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh teacht agat ar do thiarna talún, go háirithe má tharlaíonn aon rud as an ngnáth - bí cinnte go bhfuil tú clúdaithe

Tá sé tábhachtach chomh maith pic-tiúir a ghlacadh den teach nó den

árasán atá agat, go háirithe aon damáiste atá déanta. Ina dhiadh sin bí cinnte iad a chur i r-phost chuig an tiarna talún, nó síníú ar an bpictiúir a fháil uathu. Tá seo tábhachtach toisc go mbeidh fianaise de dhíth má tharlaíonn aon rud. Tá sé deacair a rá go raibh scoilt i ngloine mura bhfuil rud éigin agat a thaispeánann a mhálairt.

Tá bliain mhór, spraoiúil os do chomhair amach, buailfidh tú le daoine nua, agus beidh go leor eispéiris nua agat chomh maith. Is iontach an mothú atá ann a bheith ag tosú ar an gcoláiste. Ionas go bhfaigheann tú an tairbhe is fearr as, áfach, bí cinnte aire a thabhairt do na bunrudaí ag an tús. Rudaí ar nós tithíocht - tugann an Leabhar Cíosa agus Treoirleabhar

Cóiríochta na leideanna duit chun seo a dhéanamh.

Is leabhrán faisnéiseach é an Leabhar Cíosa agus Treoirleabhar Cóiríochta a thugann na nodanna is tábhachtaí agus áit ar cíos agat sa choláiste, spás chun liosta a bhreacadh síos den treallamh ar fad atá sa teach, agus na trí sheicliosta is tábhachtaí do rudaí atá de dhíth ón mhac léinn agus spás chun cíos atá íoctha a thairfead fad is atá áit ar cíos acu sa choláiste. Tá an leabhrán foilsithe ag AMLÉ, is féidir dul isteach chuig d’Aontas áitiúil chun cóip IN AISCE a fháil.

Seoladh na leabhrán Dé Máirt, 14 Lúnasa sann Institiúid Elaíon, Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath.

Turasóirí ag tréigean na tuaithe



Trá an Chaoil, Acaill, Co. Mhaigh Eo.


Máirtín Ó Catháin

Seachas na faoileáin ba bheag glórtha a bhí le cloisteáil ar thránna in iarthar Chonamara i dtréimhse an lae saoire bainc i dtús na míosa seo. Sin é an deireadh seachtaine turasóireachta is cruógáí sa mbliain. Ach cé a ghabhfadh chun na trá a leithéide seo de shamhraidh, a deir tú.

Is cinnte go bhfuil an drochaimsir ag cuir baic ar roinnt daoine ó dhul amach faoin tuaithe i mbliana ach is é firinne an scéil go bhfuil an turasóireacht faoin tuaithe san iarthar na hÉireann ag dul i léig le fada. Go deimhin bhí an cúlú ag tarlú go tréan le linn aimsir an Tíogair Cheiltigh féin.

In 2004 a ceapadh John Concannon mar phríomhfheidhmeannach ar Eagrais Fáilte an Iarthair - an teideal a bhí ag an gcóras forbartha turasóireacht do chontaetha Mhaigh Eo, Ros Comáin agus na Gaillimhe san am sin. Bhí caint ann ar feadh scaithimh mhaith roimhe sin go raibh an turasóireacht ag dul i léig sa réigiún sin, go háirithe sna ceantracha tuaithe. Thug John Concannon an scéal chun cruinnis agus chuir sé an t-eolas ar fáil ag cruinniú d’Údarás Forbartha an Iarthair i ndeireadh na bliana 2004. Comhairleoirí Contae agus cathrach as Gaillimh, Maigh Eo

agus Ros Comáin atá ar an Údarás sin agus thugadar moladh dó as ucht an fhirinne a inseacht dóibh gan fiacail a leagan air. Seo cuid den fhirinne a chuir Concannon ar fáil...agus caithfimid a chuir san áireamh go mba é seo ré an Tíogair Cheiltigh sa tír seo:

* Bhí 30% de laghdú ar thionscail na turasóireachta in iomláine i gcontaetha an iarthar sa tréimhse deich mbliana roimhe sin (1994 go dtí 2004);

* Bhí méadú 41% ar thionscail na turasóireachta i mBaile Átha Cliath sa tréimhse céanna.

Ag cuir feola ar na cnámha sin, mhínigh John Concannon go raibh na laghdaithe seo a leanas tagtha ar réimsí éagsúla den turasóireacht san iarthar sa tréimhse a bhí i gceist aige (1994-2004):

Marcaíocht ar chaiple - laghdú 55%;	
Gailf -	laghdú 39%
Siúl -	laghdú 30%
Iascaireacht -	laghdú 30%

Bhí sé tugtha faoi deara freisin go raibh 20% de laghdú ar an líon turasóirí as an mBreatain a tháinig go hiarthar na hÉireann sna deich mbliana roimhe sin. Bhí cúpla rud thar á bheith soiléir san am - borradh mór faoin turasóireacht i mBaile Átha Cliath agus lagan tromchúiseach ar an tionscail san iarthar, go háirithe sna ceantracha tuaithe. Is beag d’athrú atá tagtha ar an gclaonadh sin ó shin; más tada é tá ceantracha tuaithe ag saothrú an tsaol níos cru-aiche ná ariamh i dtionscail an turasóireachta in iarthar na hÉireann. Tuige?

Athrú saoil agus athrú treo

Athrú saoil ar bealaí eacnamaíochta agus sóisialta níos mo ná athrú aimsire - bhí an aimsir mórán mar a chéile i gcónaí - a rinne an dochar don turasóireacht i gceantracha tuaithe ar nós Chonamara agus Acaill. Chuir an Tíogar Ceilteach agus borradh eacnamaíochta níos mo airgid i bpócaí na ndaoine. Tháinig Ryanair ar an saol agus laghdaigh an costas taistil. Chuaigh muintir na hÉireann as éadan thar lear; bhí sé níos saoire ná an baile agus d’fhéadfaí a dhul i mbannai, nó geall leis, ar an aimsir. Nuair a bhí borradh faoin eacnamaíocht in Éirinn, bhí muintir na tíre seo ag caitheamh a hocht n-oiread ar laethanta saoire thar lear agus a bhíodar a chaitheamh ar shaoire sa mbaile.

Bhí go leor den mhargadh baile cailte; daoine san aimsir a caitheadh a thabharfadh cuairt siar go hAcaill agus go Conamara bhíodar ar an eitleán don Eoraip, nó go Meiriceá. Lena chois sin, bhí athrú mór eile tarlaithe - ní raibh na himirceoirí ag teacht abhaile ar feadh coicise sa samhradh mar a dhéanaidís sa tsean-aimsir. Bhí an borradh a tháinig faoi eacnamaíocht an domhain thiar tar éis a dhul chun leasa d’imireoirí na hÉirinn sa mBreatain, mar shampla amháin.

Bhí tithe agus árasáin ceannaithe ag cuid acu ar fud na hEorpa. I leaba iad-san a bheith ag dul anonn agus anall ar fud na tuaithe in Éirinn ar feadh coicise

sa samhraidh bhí cuid acu imithe i dtreo na gréine.

Ní raibh an sruth turasóirí a bhí ag teacht isteach go hÉirinn as Meiriceá, an Bhreatain, an Eoraip agus tiortha iasachta eile ag líonadh an bhearna a bhí fágtha sa turasóireacht sna ceantracha traidisiúnta tuaithe ar nós Acaill agus Conamara. Le scór blianta anuas tá Baile Átha Cliath aitheanta ar cheann de na hionaid is fearr agus is beochta do shaoire gearr cúpla lá. Go leor de na turasóirí a tháinig anseo d’fhanadar sa bpríomhchathair - nó i gcathracha eile.

Sin é an t-údar gur raibh 41% de mhéadú ar an turasóireacht i mBaile Átha Cliath idir 1994 agus 2004. An féidir an cúlú a stopadh sna ceantracha traidisiúnta turasóireachta tuaithe?

“Gníomhaíochtaí agus imeachtaí”

“Gníomhaíochtaí agus imeachtaí an leigheas atá air,” a deir Fáilte Éireann. Tá deireadh, cuid mhaith, leis an turasóireacht thraidisiúnta - sin ag dul ó háit go háit ag breathnú ar an taobh tíre. Ar aon nós, tá pictiúir d’áilleachtaí na hÉireann agus an domhain le feiceáil ar scáileáin, ar fhíseáin agus ar ríomhairí anois, ní fearacht na haimsire a caitheadh. Tá go leor taistil déanta ag daoine freisin - an ghlúin óg go háirithe - agus ní haon ábhar iontais dóibh anois radharcanna tuaithe na hÉireann, dá fheabhas iad cuid acu. Mar sin, caithfidh údar a bheith ag daoine, nó ag go leor acu, le teacht amach faoin

tuaithe. Is ansin atá na himeachtaí agus an ghníomhaíocht agus an eachtraíocht ag teastáil. Feictear samplaí den leas a dhéanann imeachtaí in áiteacha ar nós Chonamara. Tugann an maratón mór i ndeireadh an earraigh tuairim 3,000 duine isteach in aon lá amháin. Tagann slua mór eile isteach d’ócáid rothaíochta. Ach tá eagar go leor le déanamh ar imeachtaí mar sin.

Go minic níl ann ach lá amháin agus na daoine a bhíonn páirteach iontu ní chaitheann siad cuimse airgid. Ní minic a chaitheann lúthchleasaithe mar seo mórán ama sa teach tabhairne, ach, ar an taobh eile den scéal, tagann lucht tacaíochta agus cairde leo.

Sa deireadh, freisin, níl ach líon áirithe daoine atá bainteach le lúthchleasaíocht agus eachtraí troma fisiciúla mar sin. Ach, ar an drochuair sa turasóireacht tuaithe, tá iarrachtaí ar bun anseo agus ansiúd atá ina n-údar dóchais. Áirítear go bhfuil dhá scór post cruthaithe de bharr an chosáin siúlóide agus rothaíochta as Cathair na Mart i dtreo Acla agus go bhfuil cuimse daoine ag tarraingt air.

Tá plean ann le cosán den sórt céanna a fhorbairt idir Uachtar Ard agus an Clochán i gConamara agus súil ag Fáilte Éireann go dtosóidh an obair an chéad bhliain eile. Bheadh sé sin tuairim 30 míle ar fhad agus cóir mhaith ar.

Thabharfadh sé deis siúil agus rothaíochta do dhaoine ar a gcompond agus iad deighilte amach ó thrácht bóthair; tá an-dóchas as an bhforbairt sin i measc lucht turasóireacht i dtuaisceart Chonamara. Is cosúil go bhfuil cosáin mar seo ar cheann de na bealaigh leis an turasóireacht a neartú i gceantracha tuaithe sna blianta amach romhainn.

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin



An Ghaeilge - ‘Do Not Resuscitate’?

Tá bréaga ann, bréaga damánta agus staitisticí. Sin a dúirt Winston Churchill uair agus ba ráiteas é sin, thar go leor ráiteas eile ó bhéal an státaire Bhriotanaigh, a sheasann go fóill.

Tagann sé chun cuimhne agus sinn ag féachaint ar na gcluichí Oilimpeacha faoi láthair. De réir Thábla na mBonn, tá an líon is mó bonn buaite ag Stáit Aontaithe Mheiriceá agus níl ach cúig cinn buaite againne.

Mar sin féin, nuair a dheineann tú comparáid idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe ó thaobh daonra de, is léir go bhfuil an tír seo le daonra sé mhilliún (muintir an Tuaiscirt san áireamh agam) ag déanamh níos fearr ná mar atá SAM, le daonra 314 milliún.

Anois, is cinnte go mbeadh gáire le baint as an staitistic sin ag daoine mar go bhfuil sé soiléir, in ainneoin éachtaí ár ndornálaithe agus Cian O’Connor, gur éirigh le na Meiriceánaigh a gcuid bonn a bhuachaint thar réimse leathan disciplíní agus nílím ag ceistiú áit na Meiriceánach ná na dtíortha móra eile ar bharr an liosta.

Ag an am céanna, ní miste liom peirspictíocht éigean a bheith agam agus mé ag féachaint ar an tábla. Caithfear rudaí a chur i gcomhthéacs.

Seasann an ráiteas sin nuair atáimid ag amharc ar cheist labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht - agus ar fuaid na tíre freisin.

Dá dtabharfá an iomarca meáchain do roinnt staitisticí, d’fhéadfá bás na Gaeilge sa Ghaeltacht a fhógairt gan mórán agó. Ag an am céanna, in ainneoin an bhás a bheith tuartha don Ghaeilge sa Ghaeltacht i bhfad siar, tá sí fós ann.

Go deimhin i roinnt Gaeltachtaí, ar nós Mhúscraí, má chreideann tú i staitisticí, tá sí ag dul ó neart go neart.

Mar dhuine atá i mo chónaí i nGaeltacht Mhúscraí, tuigim go bhfuil an fhírinne idir an dhá phointe sin - ach mothaím go bhfuil labhairt na Gaeilge anseo ag dul chun cinn.

Níor chreideas riamh go bhfuil an ghloine leath fholamh ach go bhfuil sí leath lán. Tá áthas orm gur mheabhraigh Donncha Ó hÉalaithe, fear mór staitisticí agus gníomhaí Gaeltachta a bheadh molta dá mbeinnse i mo thost i litir chuig an nuachtáin seo le déanaí tuairisc nuachta a rinne mé faoi thorthaí an daonáirimh in 2006 don nuachtán Lá.

De réir na tuairisce sin, chuir mé in iúl go raibh torthaí na ndaonáireamh - ó Thuaidh agus ó Dheas - ag insint dúinn go raibh trian de dhaonra na



tíre - nó duine as gach triúr - ag maíomh gur cainteoirí Ghaeilge iad.

Dea-scéal ab ea é sin cinnte. Agus dob fhiú é a fhógairt os ard i nuachtán laethúil Gaeilge, mar a bhí, agus de bharr gur léirigh sé thar aon rud eile dea-thoil i measc an phobail i leith na teanga. Léirigh sé freisin go raibh beocht inti - agus ní miste sin i bhfianaise an dithnis a bhíonn ar go leor chun fógra báis na teanga a fhógairt agus í fós beo.

Níl áireamh ar líon na gceannlínte atá léite agam ag tabhairt le fios go raibh an teanga ar leaba a báis, bunaithe ar staitistic nua éigean a tháinig chun solais. B’fhéidir gur scrígh mé féin ceann nó dhó i rith mo bhlianta fada mar iriseoir.

Ní haon iontas sin - is é sin an ‘Scéal Gaeilge’ is mó a fuair éisteacht le scór bliain anuas.

Ar dhein an tráchttaireacht dhiúltach seo aon tairbhe don teanga? Ar áitigh sé ar na rialtais éagsúla a bhí i

Níl áireamh ar líon na gceannlínte atá léite agam ag tabhairt le fios go raibh an teanga ar leaba a báis, bunaithe ar staitistic nua éigean a tháinig chun solais.

réim níos mó acmhainní a chaitheamh ar an dteanga chun í a thabhairt slán?

Níor dhein ná baol air. Tá sé cosúil leis an othar a bhíonn ar leaba a bháis san ospidéal agus ar bhun na leaba ar an gcairt tá na ceannlínteacha ‘DNR’ scríthe, ‘Do Not Resuscitate’.

Níl suim ag na húdaráis a bheith ag caitheamh acmhainní leis an teanga má tá sí ag fáil bháis.

Tá suim acu i mbuaiteoirí amháin

- tabhair faoi ndeara an slua polaiteoirí a bhí ag gabhail comhghairdis leis na dornálaithe nach n-aithneodh siad roimhe sin dá gcasfaidís orthu ar an tsráid.

Is é mo thuairim gurb é an cineál sin dearcadh a bhí ar chúl an easpa éisteachta a thug an Rialtas do mholtaí ón nGaeltacht agus ó eagrais Ghaeilge maidir leis an Acht Gaeltachta le déanaí.

Is é sin an fáth freisin gur beag an tsuim atá ag Roinn na Gaeltachta a bheith ag aontú scéimeanna teanga, mar a nochtaíodh i nGaelscéal na seachtaine seo chaite.

Cad is fiú é má tá an teanga ag fáil bháis?

Is mó arís an dochar a dhein na fógraí báis seo don Ghaeilge sa Ghaeltacht. Ag cur stair na Gaeltachta san áireamh, stair atá breac le bás agus imirce, an aon iontas go stopfadh muintir na Gaeltachta ag labhairt teanga agus daoine

údarásacha ag rá leo: “Tá sí ag fáil bháis, beidh sí marbh laistigh de 15-20 bliain.”?


Is tairngreacht é sin atá á fhíorú i rith an ama. Mar sin, creidim go bhfuil sé in am cosc a chur ar fhógraí báis don Ghaeilge láithreach bonn.

Ní hé nach gcreidim go bhfuil an teanga leochaileach. A mhalairt glan. Ach cén tairbhe dúinne, cainteoirí Gaeilge, nó di, an teanga sa Ghaeltacht agus lasmuigh, a bheith á fhógairt marbh nó leathmharbh?

Tuigim go maith nach bhfuil bás na teanga á lorg ag leithéidí Dhonncha Uí Éalaithe agus ag na húdair a scríobh an Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht - a mhalairt glan - ach is é mo bharúil nach bhfuil siad ach ag brostú an lae sin le haithris na staitisticí loma atá gan peirspictíocht ná comhthéacs.

Dar liom, mar a dheirfeadh Duke Special, tá siad ag tochailt uaigh na Gaeilge róluath.

Eagarfhocal



Cleamhnas idir Nuacht TG4 agus Nuacht Raidió na Gaeltachta

D’FHOGHLAIM muid focal gnó nua Béarla ó RTÉ ar na malluibh, ‘repositioning’. Anois tá muid ag foghlaim cad is ciall leis. Mar a léiríonn príomhscéal Ghaelscéal na seachtaine seo, beidh nuacht náisiúnta / idirnáisiúnta ag bogadh soir ó RTÉ Raidió na Gaeltachta i gCasla go dtí Baile na hAbhann agus Seomra Nuachta TG4. Scéal é seo atá ag fás - tá féidearthachtaí ann go mbeidh buntáistí ann leis an gcur chuige nua. Mar shampla, is maith an rud é go mbeidh seirbhís nuachta in Gaeilge ar líne ag RTÉ, is fearr mall nó go brách. Mar sin féin, gan nuacht náisiúnta / idirnáisiúnta á dhéanamh i gCasla agus le Raidió na Gaeltachta gan eagraí polaitiúil, is doiligh gan smaoineamh ar na hathruithe seo ach mar íslíú céime don stáisiún a bunaíodh dhá scór bliain ó shin. Is í an cheist mhór ná an é seo an deireadh le próiseas athraithe i dtaca le Raidió na Gaeltachta - nó an é seo an tús leis go díreach?

Comhghairdeas d’fhoireann na hÉireann

COMHGHAIRDEAS ó chroí le gach duine ó Fhoireann na hÉireann a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha. Ba mhaith linn comhghairdeas ar leith a dhéanamh le gach duine a bhuaigh bonn ag na Cluichí, Katie Taylor, John Joe Nevin, Paddy Barnes, Micheal Conlon agus Cian O’Connor. Maith sibh. Comhghairdeas chomh maith le Richard Chambers agus Peter Chambers a bhain bonn airgid agus le hAlan Campbell a bhain bonn cré-umhaí, triúr ar as Cúil Rathain, Co. Dhoire, dóibh uilig. Bhíodar siúd ar fad ag rámhaíocht faoi bhratach na Breataine.

Fimíneacht Ghlan, Fimíneacht Sheicteach

Is é Danny Kennedy an tAire atá freagrach as bóithre an Tuaiscirt. I mí Mhárta na bliana seo, dhiúltaigh sé cead do threoir-chomharthaí bóithre sa Tuaisceart mar gheall ar an gcostas, nach raibh sé sásta figiúir a thabhairt air - d’ainneoin go raibh 2/3 de na daoine ar thug freagraí ar an phróiseas comhairliúcháin poiblí ar a shon. Ansin, shocraigh an tAire céanna comharthaí a ordú ar an teorainn le ‘Welcome to Northern Ireland’ scríofa orthu - ní raibh sé chomh buartha faoi chostais ná faoin dóigh a nglacadh an pobal áitiúil leofa an uair seo. Tá beagnach gach ceann acu i gceantar ‘Poblachtach / Náisiúnach’ ar ndóigh. Ní féidir ach cur síos air seo mar fhimíneacht ghlan. Iontas na n-iontas, d’imigh roinnt acu seo ar strae faoi choim na hoíche. Ní dhéanann muid sin a chosaint ar chor ar bith. Tá Aontachtóirí áirithe glórach go leor faoi sin - an mbíonn siad chomh glórach céanna nuair a dhéantar dochar coiriúil do chomharthaíocht Ghaeilge? Ach, tá fiú Aontachtóirí ann atá den tuairim gur amaideacht atá i gceist anseo, iarracht shimplí chun cur isteach ar an phobal náisiúnach gan aon chúis. Fimíneacht ghlan atá i gceist anseo, agus fimíneacht sheicteach leis.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Ó Ríordáin v. Mac an tSaoi



Donncha Ó hÉallaithe

Ní rud nua é i saol na Gaeilge go mbeadh file amháin ag caitheamh anuas ar chumas filíochta a chomhfhile Gaeilge, mar a rinne Gabriel Rosenstock ar fhilíocht Louis de Paor roinnt míonna ó shin i nGaelscéal. Beagnach trí scór bliain ó shin, san iris Feasta (Márta 1953), thug Máire Mhac an tSaoi léirmheas géar crua conspóideach ar ‘Eireaball Spideoige’, an chéad chnuasacht filíochta de chuid Sheáin Uí Ríordáin. I measc rudaí eile, chuir sí i leith an Ríordánaigh, nach raibh a dhóthain máistreachta aige ar an nGaeilge le

filíocht a chumadh inti! Mar bharr ar an donas, in alt uathí san iris Studies (1955), dúirt sí gur ‘teanga a cothaíodh sa leabharlann’ a bhí ag an Ríordánach agus nach bhféadfaí a chuid filíochta a thuiscint gan Béarla, cé gur admhaigh sí go raibh ‘saibhreas nua le haithint ar a chuid Gaeilge’. Ní nach ionadh, ghortaigh an dá léirmheas an Ríordánach go smior agus níor foilsíodh aon cheo eile uaidh ar fad i bhfad ina dhiaidh sin. Idir an dá linn chuaigh sé chun cónaí i nDún Chaoin, in Iarthar Dhuibhneach, lena é féin a bhá i nglan-Ghaeilge na Mumhan. Ach ní dhearna sé dearmad ar léirmheas Mhac an tSaoi agus dhá scór bliain ó shin, ina cholún seachtainiúil ar an Irish Times thapaigh sé an deis a thuairim faoi fhilíocht Mháire Mhac an tSaoi a thabhairt. Chuir sé ina leith gur tábhachtaí an teanga ná an fhilíocht! Seo thíos sliocht as an méid a scríobh sé.

Irish Times, 12 Lúnasa, 1972

Má Nuad

Seán Ó Ríordáin

“Tá Irisleabhar ar fáil arís....Tá léirmheas anso ar Mháire Mhac an tSaoi. Sí Emer Ní Dhiarmada, céimí sna nuatheangacha de chuid Choláiste Mhá Nuad a dhein. Cineál nua mná í seo - bean léannta a oil sagairt. Tá an léirmheas thar a bheith suimiúil - bean ag tochailt in aighne mná eile. Deir sí: “Níl ach téama amháin a bhfuil mórhábhacht samhlaíochta ann ag Máire Mhac an tSaoi; is é sin téama na mná tréigthe i ngrá agus is nuair a scríobhann sí ar an dtéama so a chumann sí an fhilíocht is tábhachtaí.” Tá bean a braite i gcuibhreann Mháire Mhac an tSaoi..... Braithim nach filíocht a h-aidhm ach filíocht Ghaeilge - ná leomhfadh sí cos a chur lasmuigh den dtraidisiún


- go bhfanann sí sa bhfothain le linn filíochta. Is léir go mbíonn sí ag seachaint an Bhéarla. File Gaeilge is ea Máirtín Ó Direáin ach ní mhothaíonn tú an ceangal céanna aire. Scaoileann sé leis féin. Filíocht a aidhm siúd. Filíocht Ghaeilge a bhíonn mar thoradh ar a shaothar ní toisc aidhm ach toisc cúlra. Tá sé chomh daingean sa teanga nach gá dhó bheith inníoch. Maidir le Máire Mhac an tSaoi, braithim go gcuireann sí aprún uirthi féin - aprún na Gaeilge más maith leat - le linn dán a chumadh agus nuair a bhíonn an dán cumtha gur sin deire le Máire Mhac an tSaoi na Gaeilge go dtí an gcéad bhabhta eile. Is mó de chaomhnadh ná de athchruthú é seo. [...] Braithimse go músclaíonn an fhilíocht pé Gaeilge a bhíonn ionat. Dealraíonn sé go dtuigtear do Mháire Mhac an tSaoi go músclaíonn an Ghaeilge pé filíocht atá inti. Ciacu ba thúisce an chearc nó an t-ubh? Do chuala Waldo Williams, an file



Máire Mhac an tSaoi

Breatnach, á rá go gcumann sé véarsaí de réir seanmheadarachta éigin nuair a theipeann ar an inspioráid aige agus go músclaíonn seo an inspioráid ann. Dealraíonn sé go ndeinann Máire Mhac an tSaoi a leithéid - féach an dá deibhí, “A fhír dár fhulaingeas grá fé rún.” Níl a cuid Gaeilge labhartha chomh maith lena cuid Gaeilge scríofa dar liom toisc go bhfuil an Béarla ag gábhail lastuas dá Gaeilge. Is deacair d’éinne a chónaíonn lasmuigh den nGaeltacht é sin a sheachaint....’

'Arán agus sorcais'



12 Lúnasa 2012; An deireadh á chur leis na Cluichí Oilimpeacha in Stratford, Londain Shasana. [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]



Colúnaí na
Bliana
2012

Conall Ó Móráin

CINNTE bhí na Cluichí Oilimpeacha thar barr agus rinne gach iomaitheoir éacht fiú chun cead isteach d'fháil go dtí na cluichí ceannais.

Ba é Juvenal, an Rómhánach a mhair thart ar 100 AD, a chum an frása 'arán agus sorcais' agus é ag caitheamh anuas ar mhuintir na Róimhe, gurb shin amháin a bhí uathu agus go raibh siad tar éis cúl a thabhairt do chúrsaí an Stáit.

Le meath an chreidimh san Iarthar, ní minic a chloistear frása a bhí comónta go maith nuair a bhí Karl Marx i bhfaisean.

B'eisean a dúirt gurb é an reiligiún óipiam na ndaoine agus cibé nach raibh mórán eile ceart ag Marx, ghlac

roinnt tráchtairí greim ar an téarma seo agus shá siad an focal spórt isteach in áit reiligiún agus na tráchtairí seo ag tabhairt le fios, dár leo, go gcoimeádann spórt, go mór mór spórt atá eagraithe ar mhór-scála, an cosmhuintir chiúin, ceansaithe.

Le coicís anuas, agus an seó spóirt is mó ar domhan ar siúl i Londain, níor chuala muid dada ónár rialtas faoi chúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí fiachais ná cúrsaí báis an Euro. Faic. Ach bhí siad in ann a bheith ag caitheamh anuas ar a chéile chomh luath agus a chríochnaigh na cluichí faoi cé nach raibh tar éis an fáiltiú abhaile d'eagrú i gceart - saincheist gan aon tábhacht dóibh siúd gan obair, dóibh siúd nach bhfuil in ann a gcuid morgáistí d'aisiúc, dóibh siúd a bhfuil orthu dul ar imirce.

Tá mé chun ceann do mo chuid rialacha féin a bhriseadh anseo chun léiriú a dhéanamh ar cé mhéad oibre a chaithfidh muid fós a dhéanamh chun biseach a chur ar chúrsaí geilleagair sa tír seo. Ní cóir úlla agus oráistí a chur i gcomparáid lena chéile, ach is gloine d'fhíon bán atá i

bhfócas agam inniu. Tá baile stairiúil lasmuigh de Liospóin sa Phortaingéil ar a thugtar Mafra. Níl ach 11,000 duine ina gcónaí ar an mbaile seo, mar sin ní haon lárionad mór daonra atá ann. Ach tá pálás cáiliúil i lár an bhaile a thugann na mílte cuairteoir ag breathnú air gach bliain.

Bhí mé i mo shuí céad slat, ar a mhéid, ó gheataí móra an pháláis chéanna agus mé ag briseadh gach riail turasóireachta, ag suí chun boird i ngaiste turasóireachta - díreach an rud a deir gach treoirleabhar leat gan a dhéanamh. Ní raibh seirbhís boird ar fáil agus d'imigh mé go dtí an beár chun dhá ghloine fíona a cheannach. Tá muintir na Portaingéile thar a bheith deas agus tugadh an dá ghloine fíona dom le meangadh gáire cairdiúil. Ach chas aghaidh na mná a thug an deoch dom nuair a d'ofráil mé nóta caoga euro dí mar íocaíocht. Mar a dúirt mé, agus mé i gcroílár an cheantair thurasóireachta seo cheap mé féin go gcosnódh an dá ghloine fíona b'fhéidir seacht Euro orm.

Bhí an bean seo tógtha anois agus í ag iarraidh rud éigin a mhíniú dom,

mise ar bheagán Portaingéilise agus í chomh dona céanna leis an mBéarla. D'imigh sí go dtí an scipéad airgid, chas sí thart é chun go bhfeicfeadh mé an figiúr agus ansin thuig mé dí a deacracht. Bhí mise ag tairiscint nóta caoga Euro dí ar fíon nár chosain ach Euro amháin agus tríocha cent. Sea, seasca cúig cent an ceann ar dhá ghloine fíona. Anois seo an léim ó arán agus fíon go dtí mo chuid úlla agus oráistí.

Ní cóir ceann de na hóstáin is daoire sa tír seo, an Shelbourne, a chur i gcomparáid le bialann i Mafra na Portaingéile. Tá an Shelbourne i gcroílár príomhchathrach agus grád cúig réalta ag an óstán. Ach fós, cosnaíonn an ghloine fíona is saoire sa Shelbourne sé euro agus caoga cent. Sea, cosnaíonn sé deich n-uaire níos mó gloine d'fhíon bhunúsach bhán a ól áit a mbíonn na mílte cuairteoirí a thagann go hÉirinn agus a chosnaíonn sé in áit ina dtagann na mílte cuairteoirí go dtí an Phortaingéil.

Ní léiríonn aon rud na deacrachtaí atá againn, agus a bheidh againn, sa tír seo ach an dá phraghas loma sin.

Tá sé deich n-uaire níos daoire anseo ná thall ansiúd. Agus fiú ag na praghsanna sin tá an Phortaingéil ag fulaingt i bhfad níos measa ná mar atá muidne anseo. Cén seans atá againn sa tír seo a bheith iomaíoch?

Is ag díriú ar na ceisteanna bunúsacha seo a ba chóir don Rialtas a bheith in áit a bheith ag iarraidh, mar a rinne Charlie Haughey go stairiúil agus go náireach leis an rothaí Stephen Roche i bPáras, cuid den ghlóir atá ag na Taylors agus na Nevins a ghlacadh chucu féin. Ní thart ar an sorcas a ba chóir dár bpolaitheoirí a bheith ag rith ach ag rith i ndíadh daoine le hainmneacha cosúil le FitzPatrick, Drumm, Dunne agus Quinn nó ar a laghad ag coimeád brú ar na Gardaí chun an mhéid sin a dhéanamh. Agus os rud é go bhfuil muid anois ar an eolas go bhfuil luach €1.6 billiún de pholl i gcomhlachtaí árachais Quinn ba mhaith liom a fháil amach cén fáth go bhfuil muid ag díol pinsin le haon rialtóir nach bhfuair 'greim' ar a leithéid de pholl? Cén mhaith rialtas nach rialaíonn?

Laochra agus Bithiúnaigh



12 Lúnasa 2012; Foireann na hÉireann ag baint suilt as searmanas deiridh na gCluichí Oilimpeacha 2012 [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]



Páidí Ó Lionáird

Anois agus iad críochnaithe, comhghairdeas le foireann Oilimpeach na hÉireann. Déanaim comhghairdeas leo ar gach a bhfuil bainte amach acu i gcaitheamh na sé lá dhéag a chaith siad i bpríomhchathair Shasana. Ach déanaim comhghairdeas leo go háirithe as ucht a bheith ag caitheamh léine uaithne na hÉireann thar mo cheannsa agus do cheannsa.

I ndiaidh na gcomórtas agus na gcluichí ar fad, tá díospóireachtaí éagsúla, conspóideacha ag tarlú maidir le héagsúlacht ceisteanna a eascraíonn as an ócáid ollmhór spóirt seo a tharlaíonn gach ceithre bliain.

Go príomha ina measc tá an chonspóid faoi dheis ceiliúrtha pobail i mBaile Átha Cliath do na hiomaitheoirí ar fad - a dhiúltaigh na hacclaithe d'fhonn a bheith lena dteaghlaigh den chéad uair le mí anuas. A rogha agus láncheart acu.

Chuala mé ceannaire an mhisin Éireannaigh agus laoch spóirt í féin,

Sonia O'Sullivan faoi dhian-cheistiúchán faoi seo ar chlár nuachta raidió agus rith sé liom nár thuil sise nó éinne ó fhoireann na hÉireann a leithéid de chiapadh.

Bhí ceisteanna á gcur freisin faoi fhiúntas na foirne - seisear le cois trí scór seolta ann gan ach an líon céanna bonn acu agus a buadh in 1956 ag fillleadh abhaile.

Nár bhocht an scéal é? Nach raibh sé náireach go raibh cuid acu ag iomaíocht ag leibhéal i bhfad níos ísle ná mar a thóg sé dóibh cáiliú? An fiú an toradh an infheistíocht? Nár chóir an fhoireann a chiorrú amach anseo agus iad siúd amháin a bhfuil seans acu bonn a bhuachaint a chur ar aghaidh?

Tá freagra ann, áfach. Déan aithris ar na comórtais craoibhe náisiúnta i Meiriceá nó Iamáice. Tionól iad cúpla mí roimh na Cluichí Oilimpeacha agus mura gcáilíonn tú astu, ní bheidh tú ann. Nár seol aon duine atá ag téarnamh ó ghortú mura bhfuil siad céad faoin gcéad. Seol gach éinne a cháilíonn, áfach. Sin sin.

Tá trí ábhar eile ar mhaith liom díriú orthu freisin. Cráifeacht agus creideamh Katie Taylor, laochas John-Joe Nevin thar cheann an lucht siúil agus an aicid "cé hé Cian O'Connor?"

I gcás Katie Taylor, bhíomar ar fad agus sceitimíní orainn faoina raibh roimpi in aghaidh an Rúisigh Ochiga-

Le linn a céad agallaimh mar Churadh Oilimpeach, ghabh Katie Taylor buíochas le Dia leathdosaen uaire. Ní raibh ár bhfear ar an láthair, an Clárach cairdiúil Marty Morrissey, in ann déileáil léi ba léir. Nílím a rá gur cóir dó tosú ar choróin Mhuire léi ach nach bhféadfadh sé aitheantas éigin a thabhairt dá cráifeacht agus dá creideamh? An bhfuil rud éigin mícheart le creideamh i nDia na laethanta tuata seo? An bhfuil 'Dia' bainte den chlár iriseoireachta in RTÉ?

va. Bhuaigh sí go héasca - an chéad uair riamh do dhornálaithe ban a bheith ceadaithe sna Cluichí Oilimpeacha. An chéad bonn óir dá réir agus theastaigh uainn ar fad tréaslú léi, barróg a thabhairt di agus éisteacht lena raibh le rá aici.

Nuair nach féidir leat a bheith i láthair, sin áit a dtagann do chraoltóir

náisiúnta chun tosaigh in loco publico, déanann siad an tréaslú agus cuireann na ceisteanna ar do shon.

Le linn a céad agallaimh mar Churadh Oilimpeach, ghabh Katie Taylor buíochas le Dia leathdosaen uaire. Ní raibh ár bhfear ar an láthair, an Clárach cairdiúil Marty Morrissey, in ann déileáil léi ba léir.

Nílím a rá gur cóir dó tosú ar choróin Mhuire léi ach nach bhféadfadh sé aitheantas éigin a thabhairt dá cráifeacht agus dá creideamh? An bhfuil rud éigin mícheart le creideamh i nDia na laethanta tuata seo? An bhfuil 'Dia' bainte den chlár iriseoireachta in RTÉ?

Ní raibh aon cheist faoi chreideamh John-Joe Nevin, áfach. Tatú den Chrois Naofa greanta ar a ghéag dheas aige, níorbh gá aon cheist a chur air.

Cosúil lena chomhghleacaí cine, Francie Barrett, a chaith léine uaithne na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha in Atlanta 1996, ní haon údar náire dó a Chríostaíocht. Is léir, áfach, gur údar náire agus áibhéile é do thábhairneoirí agus do lucht eile gnó na tíre.

Tá tuairimíocht à la carte acu faoin lucht siúil. Tá siad ceart go leor le déileáil leo nuair atá siad ag coimeád chucu féin, amach ón bpríomhshráid. Is féidir leo a gcuid airgid a chaitheamh freisin, ach más ea, tarlaíodh sé i ngan fhios.

Níor ceart gur eisceacht a bheadh

ann ar chúis ar bith ach má tá na sluaithe ag iarraidh a laoch féin a cheiliúradh - bíodh gur den lucht siúil iad nó ná bíodh - oscail na doirse, oscail ar leathadh iad agus cuir fáilte roimh cách!

Ní bheidh a fhios ag John-Joe faoin gconspóid a tharla sa Mhuileann Cerr tráthnóna Dé Satharn seo caite nuair a bhí sé ar tí aghaidh a thabhairt ar a chéile comhraic, Luke Campbell, i Londain ach táim cinnte go bhfuil cloiste aige faoi um an dtaca seo.

Bhuaigh sé bonn airgid sna Cluichí Oilimpeacha agus é ag caitheamh geansaí uaithne na hÉireann ach fós, ní leor é le lánchead saoránaigh a bhaint amach ina bhaile dúchais. Tá rud éigin mícheart leis an gcothromóid seo.

Rud nach féidir a rá faoi bhua boinn cré-umhaí Chian O'Connor. Ní fheadar cén creideamh atá aige seo ach déarfadh mé rud amháin faoi, creideann sé ann féin gan aon agó. Tá slánú iomlán bainte amach aige.

Foghlaimimid fuinn féin nuair a bhíonn dúshlán le sárú nó sprioc le baint amach. Sheolamar foireann chumasach, mórtasach aclaithe agus bhainistíochta go Londain an mhí seo caite.

I mo shúile-se, d'fhill siad chomh mórtasach céanna agus dornán bonn eile acu le cur lenár stór. Tréaslaímis ar fad leo agus caithfimis tuilleadh lena réiteach do Rio.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelisceal.ie. Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelisceal.ie



Cuid de na daoine as Ard Mhacha, Tír Eoghain, an Chatalóin agus Maidrid a thaisteal go suíomh an chatha i gCluain Tiobraide mar chuid d'Fhéile an Átha Bhuí ag an deireadh seachtaine. [PIC: CAIRDE TEO.]



Pól Ó Muireasáin ó Dhoire ódhúchas atá ina chónaí ar oileán Ghabhlá, Tír Chonaill, é ag campáil faoi láthair. [PIC: DAMIEN DE BRÚN]



Seo rud nua do 'I measc an Phobail' ach nach bhfuil siad chomh ciút sin! Scata asail ag baint taitnimh as an tráthnóna ar Chaorán na gCearc i gConamara i rith na seachtaine seo caite!

[PIC: EOIN Ó RIAIN]



Roinnt den slua a bhí i láthair do rásaí na gcurach i Machaire Gathlán ag féile Loinneog Lúnasa.



Bhí beagnach 200 mac léinn ó Choláiste Hibernia, Baile Átha Cliath i nGaoth Dobhair mar pháirt den Ard-Diplóma sna Dána (Bunoideachas) ar na mallaibh. Tá an cúrsa á reáchtáil ag Acadamh na hollscolaíochta Gaeilge, Coláiste Ián-Ghaeilge de chuid OÉ, Gaillimh. Dúirt Príomhoide an chúrsa, Diarmaid Ó Tuama, go raibh sé breá sásta leis an dóigh a raibh rudaí ag dul.



Foireann Camógaíochta Naomh Bríd, Ard Mhacha a bhain Corn an Átha Bhuí, comórtas camógaíochta a eagraítear mar chuid d'Fhéile an Átha Bhuí in Ard Mhacha.



Ceoilchoirm i dTábhairne Leo, Mín na Leice, mar chuid d'fhéile Loinneog Lúnasa a bhí ar siúl ag an deireadh seachtaine.



Gaeilgeoirí ag Maidin Caife in Ionad Pobal 'Le Chéile' i nDomhnach Cearna i mBaile Átha Cliath le déanaí. Buaileann an grúpa le chéile gach Déardaoin.

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Ó Cuinn sa snámh, sa bportach agus ag plé le clocha i gConamara

Máirtín Ó Catháin

BHÍ tuairiscí go leor gur facthas an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, in

áiteacha éagsúla agus ar bhealaí éagsúla in iarthar Chonamara le seachtain anuas. Is í an cheist anois ná an bhfeicfear é i Scoil Phobail an Chlocháin ach a mbeifear ag roinnt amach torthaí scrúdaithe na hArdteistiméireachta ar maidin inniu..

Bhíothas an mhíshásta sa taobh sin tíre nuair nár cuireadh an Clochán ar chlár tógála na scoileanna nua níos túisce i mbliana.

Tá teach ag Ruairí Quinn i gCloch na Rón agus ba i Scoil Phobail an Chlocháin a chaith sé ancaire an lá ar fógraíodh torthaí na scrúdaithe an t-am seo anuraidh. Chruinnigh na meáin chumarsáide náisiúnta ansin go gcloisfí tuairimí an Aire faoin scrúdú, na torthaí agus cúrsaí oideachais. Ceapadh san am go raibh seans an-mhaith ann go n-éireodh leis an bhfeachtas ar mhaithe le Scoil Phobail nua sa gClochán. Déanann daltaí as an Líonán ó dheas chomh fada leis an gCaiseal agus soir go Sraith Salach freastal ar an scoil sin. Ach nuair a rinne an tAire Quinn fógra faoina scoileanna nua ar fud na tíre níor éirigh leis an gClochán.

Ina dhiadh sin féin uilig tá an tAire Quinn ag baint suilt as taobh tíre Chonamara arís an samhraidh seo. Chonaic duine grinn-shúileach é ag snámh ar thrá Mháirois i gCarna agus chonaic duine eile é ag rothaíocht i Maínis. D'fhéadfadh sé go raibh sé ag réiteach le haghaidh Turas an Phortaigh ar Bhóthar an

Phortaigh idir Cloch na Rón agus Baile Uí Chonaola. Bhí sé páirteach sa rása sin an lá cheana - rása rothair a eagraítear go bliantúil ar mhaithe le ciste Halla Chloch na Rón.

Bhí sé i lár an tsráidbhaile i gCloch na Rón Dé Domhnaigh áit ar nocht sé an chloch chiorclach atá ina siombal ar stair agus oidhreacht na háite. Tugadh an chloch ar cheann téide isteach as oileán Chruach na Caoile agus feistíodh í i lár Chloch na Rón.

Bhí an Comhairleoir Eileen Mannion ann freisin agus tuigtear gur fhiafraigh sise don Aire an gcafsadh sé léi féin agus le toscaireacht ó Scoil Phobail an Chlocháin le ceist na scoile a phlé leis. Ní raibh sé in ann freagra a thabhairt ar an bpointe ach sé dúirt go dtabharfadh sé scéala di níos deireanaí.

Tuigtear go ndearna sé píosa tráthúil cainte agus é ag nochtadh na cloiche i gCloch na Rón ach níl aon chosúlacht ar an scéal go leagfaidh sé cloch ná bunchloch...ná cois féin...sa gClochán.

Cruinniú ag O'Mahony le lucht tacaíochta - Gaillimh Thiar le plé?

Máirtín Ó Catháin

BEIDH an Teachta Dála John O'Mahony ag dul i gcomhairle lena lucht tacaíochta i Maigh Eo idir seo agus deireadh na míosa le plé a dhéanamh ar an gcúrsa atá amach roimhe sa bpolaíocht.

Tá an Teachta O'Mahony ar dhuine de cheathrar Teachtaí Dála atá ag Fine Gael i Maigh Eo agus ní bheidh spás dóibh uilig sa gcéad Olltoghchán eile.

Laghdaíodh Maigh Eo ó 5 shuíochán Dála go dtí 4 shuíochán san ath-eagar a chuir Coimisiún na dToghcheantar ar theorainneacha le gairid.

Rinne Fine Gael éacht agus 4 shuíochán a thabhairt leo an uair dheireadh ach tá sé geall le bheith dodhéanta é sin a dhéanamh anois. D'fhéadfadh sé gurb é John O'Mahony is mo atá i gcontúirt.

Tá seo uilig ag cothú na cainte go bhfuil O'Mahony ag brath ar iarraidh a thabhairt faoi shuíochán i nGaillimh Thiar.

Níorbh fhéidir a theacht ar John O'Mahony féin i dtús na seachtaine ach deimhníodh dúinn go mbeadh an cruinniú aige lena lucht tacaíochta go gairid.

Is é an buntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint le Gaillimh Thiar ná go gceaptar go mbeadh 3,000 vóta



John O'Mahoney, TD.

ag iarrthóir de chuid Fhine Gael sa gcuid de Mhaigh Eo atá curtha isteach i dtoghcheantar Gaillimh Thiar.

Thabharfadh sin tús maith do O'Mahony, nó d'iarrthóir éicint eile as Maigh Eo agus chuideodh sé le Fine Gael greim a choinneáil ar an dara suíochán i nGaillimh Thiar - sin é an leagan amach atá acu siúd atá i bhfabhar an phlean seo.

San am céanna, d'fhéadfadh Fine Gael a bheith ag comhaireamh an-iomarca vótaí do O'Mahony i ndeisceart Mhaigh Eo.

Tá daoine ann a déarfadh gur maith a chruthódh sé agus 1,800 - 2,000 a thabhairt leis as Maigh Eo ar an gcéad chomhaireamh. Bheadh an Teachta Dála Éamon Ó Cuív ag súil go dtabharfadh sé leis glac mhaith sa gceantar sin ó lucht tacaíochta Fhianna Fáil. Caolseans go ngabhfaidh vótaí uimhir a 2 as an gcarnán sin ar ais chuig O'Mahony.

San am céanna, is údar imní don dTeachta Dála Seán Kyne as Maigh Cuillin an chaint seo go dtiocfadh John O'Mahony isteach go Gaillimh Thiar.

Bhuaigh Seán Kyne an dara suíochán d'Fhine Gael in Olltoghchán 2011 agus oiread na fríde le spárail aige; bhí sé ina chomhaireamh fhada idir é féin agus Catherine Connolly.

Bheadh an baol ann do Sheán Kyne go sciobfaí cuid de na vótaí tuaithe uaidh dá dtiocfadh John O'Mahony ó dheas. Ach, ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfadh vóta tacaíochta a bheith ag an Teachta Kyne dá gceapfaí go rabhthas ag iarraidh é a chur as a bhróga.

Má thagann O'Mahony isteach go Gaillimh Thiar méadóidh sé an choimhlint go mór i gConamara. Caithfidh Seán Kyne troid mhór a chuir suas agus caithfidh Éamon Ó Cuív fanacht go láidir ar na maidí freisin agus dream Fhine Gael in éadan a chéile.

D'fhéadfaí dochar a dhéanamh do Shinn Féin agus don Seanadóir

Trevor Ó Clochartaigh freisin i gcais-mirt pholaitiúil mar seo. D'fhéadfadh cúpla míle vóta breise Fine Gael as deisceart Mhaigh Eo cibé bealach a scaipfidís sa deireadh - an oiread gaoithe a chur i seolta an pháirtí sin agus nach mbeadh Sinn Féin - ná Catherine Connolly - in ann a theacht i dtír i nGaillimh Thiar.

Chomh dona agus atá in Éirinn - leagan Aire Rialtais ar an mbóthar as Gaillimh don Chlochán

Máirtín Ó Catháin

CHOMH dona agus atá in Éirinn uilig, sin é an branda a chuir an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, an tseachtain seo ar pháis den príomhbhóthar idir Gaillimh agus an Clochán - an N.59. Bhí an tAire Deenihan ag tagairt don bhail atá ar an N.59 le linn dó a bheith sa gClochán ag oscailt Seo Chumann Lucht Capaillíní Chonamara.

Bhí an tAire Deenihan ag tagairt do thábhacht na gcapaillíní dúchasacha i dtionscail na turasoireacht ina chuid cainte. Dúirt an tAire go raibh an capaillín fite fuaite in oidhreacht an cheantair agus go bhféadfadh an oidhreacht sin a bheith ina bunchloch thurasoireachta.

Ach tá chuile cheantar ag brath go mór ar bhealaí maithe taistil a dúirt an tAire Deenihan agus ba léir dó, a dúirt sé, go mba mhíbhuntáiste mhór an príomhbhóthar isteach sa gceantar.


“Tagann tú anuas as Baile Átha Cliath ar bhóthar nua ar chaighdeán an-ard” a dúirt an tAire “agus tú ag déanamh an bhealaigh ar do chom-poid. Ansin beirt ort ar an drochbhóthar seo go Conamara”.

Dúirt an tAire Deenihan go bhfuil Údarás na mBóithre Náisiúnta (an NRA), Comhairle Contae na Gaillimhe agus an Rialtas ar an eolas go maith anois faoin mbail atá ar an N.59.

“Tá súil agam go gcoinneoidh an NRA agus Comhairle Contae na Gaillimhe béim láidir ar fhorbairt an N.59 anois,” arsa an tAire Deenihan.

“Is ar a gcrann siúd a thagann an dualgas sin ar an gcéad iarraidh”.

Ní hé an chéad uair é ar tharraing an bhail atá ar an bpríomhbhóthar amach as Gaillimh caint thréan agus caint chonspóideach ag Seo an



Cá bhfuil Ruairí? [PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]



Pobal na bPrátaí 2012 : Cuid den slua a tháinig le chéile i nGleann na Sceiche, oirthear na Gaillimhe le spraoi agus sult a bhaint as comhlúadar a chéile ag Fleá na bPrátaí 2012 feictear go bhfuil bosca beagnach folamh anois acu!

Fleá na bPrátaí 2012

THÁINIG na sluaite aduaidh, ó dheas, anoir agus aniar go Gleann na Sceiche in oirthear na Gaillimhe le bheith rannpháirteach in imeachtaí 12ú ‘Fleá na bPrátaí’ i mbliana.

Cinnté, bhí rogha is togha gach práta ar fáil ansin. Bhí na prátaí céanna thuas ar bharr an liosta sa bhiachlár thar dheireadh na seachtaine agus cuairteoirí thar a bhlúin eile go mór chun tosaigh agus iad ag léiriú réimse breá scileanna amhránaíochta agus ceoil ach go háirithe. Creidtear anois go bhfuil Fleá na bPrátaí tagtha in aois agus cách ag súil go mbeidh siad uilig beo ag an am seo arís.

prátaí agus i málaí prátaí. Cuireadh toraíocht taisce ar bun ar mhaithe le theacht ar phráta amháin a chuaigh a strae, fiú.

Mar aon leis an méid thuasluaite, bhí idir shiúlóidí dúlra sa cheantar, seisiúin scéalaíochta, amhránaíochta, filíochta, damhsa agus ceoil i rith na féile. Caithfear a admháil, áfach, go bhfuil an chéad ghlún eile go mór chun tosaigh agus iad ag léiriú réimse breá scileanna amhránaíochta agus ceoil ach go háirithe.

Creidtear anois go bhfuil Fleá na bPrátaí tagtha in aois agus cách ag súil go mbeidh siad uilig beo ag an am seo arís.

Chlocháin. Tharraing an Feisire Eorpach, Marian Harkin, aird ar an gceist agus i ag an Seo roinnt blianta ó shin. “An bóthar is measa in Éirinn” a bhaist an Feisire Harkin ar an N.59 tar éis dí a bheith ag coimhlínt le bheith in am d’ócáid ag an Seó.

Bóthar é an N.59 atá fóinteach do chuimse daoine sa nGaeltacht chomh maith le pobail níos faide ó thuaidh i gConamara. Baineann daoine go leor as Camas, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna agus Dúiche Sheoigeach leas as an N.59 ar a mbealach go Gaillimh nó don Chlochán. Tá staidéar á dhéanamh ar scéim forbartha idir an Clochán agus Uachtar Ard faoi láthair.

Níltear réitithe fós, ná baol air, le dhul ar thóir ar chead pleanála le haghaidh cuid ar bith den obair seo. Níl aon bhlas luaite ach an oiread faoi chuarbhóthar thimpeall Uachtar Ard, ceann de na háiteacha a sáinnítear an trácht. Ach táthar ag fanacht le scéala go gairid faoin iarratas pleanála ar chuarbhóthar i Maigh Cuilinn.



Jimmy Deenihan T.D. An tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta [PIC : LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

dúirt an tAire Deenihan go bhfuil sé ar a dhícheall sa tóir ar “cúitimh ceart” as caomhnú talúna.

Tá cainteanna ar bun aige le comhghleacaithe Rialtais agus le Coimisiún na hEorpa faoin ábhar, a dúirt an tAire, agus tá súil aige go mbeidh socrú ann agus athnuachan á dhéanamh ar Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh in 2012. Ach ní dhéarfadh an tAire cén bhrí go díreach atá le “cúitimh ceart”.

Nuair a fiafraíodh dó cén t-airgead in aghaidh an acra nó an heicteár a bheadh ag teastáil, d’fhreagair sé “tá sé dodhéanta é sin a rá ag an bpointe seo”. Nuair a fiafraíodh dó an raibh an iomarca de limistéar Chonamara caomhnaithe anois - tuairim 60% de - dúirt an tAire go mbeadh sé fiordheacair cuid ar bith den limistéar sin a dhealú amach as an gcóras SAC.

“Ní scaoilfí le cuid ar bith den SAC san Eoraip mura mbeadh údar an-tromchúiseach leis,” a dúirt an tAire Deenihan, “ar nós sciorradh talún nó tubaiste nádúrtha éicint mar sin.”

Chomhairligh an tAire Deenihan do mhuintir Chonamara gur bhféarr úsáid a bhaint as an stádas atá tugtha dóibh mar chaomhnóirí ar an timpeallacht. “Ach,” a dúirt sé, “caithfear luach a gcuid saothair a thabhairt dóibh.”

“Ba cheart go mbeadh pleananna bainistíochta leagtha síos leis na ceantacha caomhnaithe seo” a deir an tAire agus caithfidh airgead a bheith ag dul do dhaoine as an dualgas sin a chuir orthu.

“Sa deireadh thiar níl aon mhaith san gcaomhnú seo muna bhfuil daoine agus pobail inann maireachtáil sa gceantar” adeir an tAire.

“Féach, muna bhfanann na daoine ní bheidh aon fheilméireacht ann; muna mbeidh feilméireacht ann fásfaidh an áit fiáin uilig. Beidh an mhaith bainte as uilig ansin ó thaobh stadas timpeallachta de. Tá samplaí feicthe againn anois d’áiteacha atá gaibhte chun fhiántais sa tír seo.

Mar shampla, tá an-iomarca fásra in áiteacha i gceantar na Bóirne anois. Níl muid ag iarraidh go dtarlódh a leithide sin i gConamara”.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE



Tá an Coiste ainmnithe thuas ag earcú múinteoirí faoi láthair le haghaidh folúntais a d’fhéadfadh a bheith i gceist sa seisiún acadúil 2012/2013.

Tá na ceapacháin seo faoi réir fhaomhadh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Stiúrthóir na Scéime Ath-Imlonnaithe (Redeployment).

Chun sonraí iomlána na bpost seo a fháil, téigh chuig ár suíomh gréasáin www.countygalwayvec.com

Sínithe: Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cúitimh “ceart” á éilimh as caomhnú, a deir Aire

Máirtín Ó Catháin

CAITHFIDH cúitimh as caomhnú talúna a bheith comh maith agus go dtabharfadh sé misneach d’fheilméara óg fanacht san áit agus a lámh a choinneáil sa talmhaíocht.

Sin é an leagan a bhí ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan ar an méid airgid a theastódh mar luach saothar as beartais chaomhnaithe ar nós ‘SACanna’ (Limistéir Chaomhantais Speisialta). Ag labhairt dó le Gaelscéal le linn a chuarta ar Chonamara an tseachtain seo - bhí an tAire ag oscailt Seo Chumann Lucht Capaillíní Chonamara -

LAIGHIN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie



An Mhí Clár Éigse Dharach Uí Chatháin seolta ag Gael Linn

TÁ clár imeachtaí d'Éigse Dharach Uí Chatháin i Ráth Chairn seolta ag Gael Linn. Beidh an éigse ar siúl i nGaeltacht na Mí ó 5-7 Deireadh Fómhair agus cuirfear tús leis le caint ar stair Ráth Chairn le Simon Ó Cróinín in Áras Pobail Ráth Chairn. Beidh seisiún ceoil ar siúil san Áras ina dhiaidh.

Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil d'fhoghlaimeoirí meánleibhéil Dé Sathairn, ó 10.15rn-1.00in agus 2.00in-4.00in.

Beidh ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós ar siúl ag 4.15in agus beidh Tráth na gCeist Boird ar siúl ag 8.30in.

Cuirfear deireadh le himeachtaí an tSathairn le seisiún cheoil traidisiúnta san Áras ag 10.00in. Beidh aifreann na héigse ar siúl ag 10.15rn Dé Domhnaigh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Ghael Linn ag 01 6751200 nó seanc@gael-linn.ie.

Míne Bean Uí Chribín básaithe

CUIREADH an gníomhaí Caitliceach traidisiúnta Míne Bean Uí Chribín in Reilig Bhaile an Dairdisigh i mBaile Átha Cliath Dé hAoine seo caite. Fuair sí bás an tseachtain seo caite in aois a 85 bliain.

Chaith Bean Uí Chribín blianta fada mar mháistreás poist in Oifig an Phoist i Seantrabh, Baile Átha Cliath, ach bhí sí aitheanta mar ghníomhaí ar son Caitliceachais thraidisiúnta, go háirithe sna 1970í agus 1980í. Chuaigh sí i mbun feachtasaíochta in éadan oideachais ghnéis, frithghiniúint, colscaradh agus ginmhillleadh le grúpaí áirithe i rith na tréimhse, ina measc, an Irish Family League, Family Rights Group, Mná na hÉireann agus an Irish Housewives Union. Labhair sí go minic sna meáin, ar an Late Late Show ach go háirithe.

Tharraing sí conspóid in 2009 nuair a dúradh le linn trialach gur thug sí comhairle don mháthair a ciontaíodh i gcás chiorrú coil Ros Comáin.

Rinne Bord Sláinte an Iarthair iarracht seisear páistí na mná a chur faoi chúram in 2000 ach thóg an bhean cás cúirte chun iad a stopadh.

Shéan Bean Uí Chribín gur thug sí airgead don bhean chun an cás a

thógáil ach níor shéan sí gur thug sí comhairle di ná gur scríobh sí chuig na Gardaí agus na húdaráis sláinte ag léiriú tacaíochta di.

Rinne duine de na páiste gearán leis na húdaráis in 2004 agus tógadh na páistí ón mbean. Ciontaíodh an bhean i gciorrú coll, in ionsaí gnéasach agus i bhfaillí in 2009.

Bhí spéis ag Bean Uí Chribín sa Ghaeilge. Chuir sí talamh ar fáil chun gaelscoil a thógáil i Seantrabh in 1993, Scoil Naomh Paipín. Thóg tuismitheoirí a gcuid páistí ón scoil an bhliain dar gcionn nuair a dúirt sí go gcaithfeadh an scoil Caitliceachas Triontach Laidineach a theagasc.

Ghlac a heagraíocht, Óg-Eagras Naomh Papain, páirt i Slógadh Ghael Linn, san Fheis Cheoil agus in Oireachtas na Gaeilge. Scríobh sí don Timire, iris oifigiúil de chuid Aspalacht na hUrnaí, go dtí le déanaí chomh maith.

Bhí seisear páistí ag Míne Bean Uí Chribín lena fear chéile Gus, nach maireann; Michéal (nach maireann) agus Gearóid, Áine, Colm, Íde agus Úna. Chraol TG4 clár faisnéise in 2000 faoi Áine Ní Chribín, a chaith 17 bliain le cultas siosmach Caitliceach sa Spáinn darbh ainm na Palmarians sular d'fhill sí ar Éirinn.



Míne Bean Uí Chribín in 1986. GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Baile Átha Cliath

Cruinniú Cinn Bhlíana Ghaeilgeoirí Chluain Dolcáin

BEIDH an chéad chruinniú cinn bhlíana de chuid Ghaeilgeoirí Chluain Dolcáin ar siúl in Áras Chrónáin ag 8.00in Dé Céadaoin 22 Lúnasa. Bunaíodh an grúpa níos luaithe i mbliana agus é mar aidhm acu an

Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an bhrúachbhaile.

Tá roinnt ócáidí Gaeilge eagraithe go dtí seo agus beifear ag socrú sraith imeachtaí don 12 mí amach romhainn ag an gcruinniú.

Dhá sheó Gaeilge ag an Absolut Fringe

BEIDH dhá sheó Ghaeilge ar siúl mar chuid den fhéile Absolut Fringe i

Baile Átha Cliath

Poist 'i mbaol' de bharr ardchíososa

Colm Ó Broin

TÁ poist in Ionad an Mhuilinn i gCluain Dolcáin i mbaol de bharr cíosanna arda de réir ionadaí áitiúil de chuid Shinn Féin.

Mhaigh Eoin Ó Broin go bhfuil gnónna láidre i mbaol de bharr na gcíosanna a socraíodh agus an Tíogar Ceilteach i mbarr a réime.

Dar leis, tá diúltaithe ag tiarna talún an ionaid, Liam Carroll, d'iarratais ó chomhlachtaí chun cíosanna a íslíú.

“Tá formhór na dtrádálaithe i riaráiste,” arsa Ó Broin, “tá na

forálacha i gconarthaí na dtionóntaithe faoi chíosanna nach féidir a íslíú ag cur gnóthaí agus poist atá inmharthana i mbaol.”

Dúirt sé go raibh iarratas déanta ag na comhlachtaí go gcuirfí fócaíochtaí cíos ar athló ar feadh sé mhí go dtí go bhfeabhsódh an geilleagar. Dar leis, bheadh na poist agus an t-ionad slán dá gcuirfí an moladh seo i bhfeidhm.

Mhaigh sé chomh maith go raibh tréimhsí saora ó chíos tugtha do thionóntaithe nua san ionad agus go raibh sé sin míchothrom ar na sean-thionóntaithe.



Na sluaite ag fanacht i mBré, Cill Mhantáin, chun fáilte a chur roimh Katie Taylor tar éis di a theacht abhaile le bonn óir ó na Cluichí Oilimpeacha (PIC: PAT MURPHY / SPORTSFILÉ)

mBaile Átha Cliath an mhí seo chugainn. Cuirfidh an Moonfish Theatre seó dar teideal Tromluí Pinochio ar siúl ag 1.00in ón Sathairn 8 Lúnasa go dtí an Sathairn dar gcionn in Amharclann Scabhat Smock. Beidh taispeántas ag Fíbín, Saint, san Project Arts Centre ón Máirt 18 Lúnasa go dtí Dé Sathairn 22 Lúnasa.

Baineann an seó puipéid seo atá ag Fíbín leis an Tíogar Ceilteach agus saint na “gcaimiléar, slímhíní and gaimbíní” a scríos an geilleagar. Maireann sé 45 nóiméad agus beidh costas €14 ar thicéid.

Beidh puipéid mar chuid de thaispeántas Moonfish Theatre chomh maith.

Léiriú ‘dorchá’ ar scéal Pinocchio atá ann a thugann léargas ar fhás an pháiste. Beidh sé ar siúl ar feadh 60 nóiméad agus cosnóidh na ticéid €12.

Tá taispeántas i mBéarla le Martin Sharry faoi Inis Oírr ar siúl in Amharclann Scabhat Smock le linn na féile chomh maith.

Tá an Absolut Fringe ar siúl ón 8 Lúnasa go 22 Lúnasa agus beidh taispeántais ar siúl ag 90 ealaíontóir éagsúil i 30 ionad i mBaile Átha Cliath, ina measc, Macnas, na Ruberbandits, Efterklang, Kormac's Big Band, Una McKevitt agus Emma Martin.

Tá clár iomlán na féile ar fáil ag www.fringefest.com.



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Cúrsaí Capall

AINNEOIN na drochaimsire, agus deirimse báisteach leat, bhí ard-thráthnóna gréine ag Ráiseanna Bhaile an tSagairt tráthnóna Dé hAoine seo caite agus bhí scalltaí maithe gréine ann ar an Satharn agus ar an nDomhnach. B’shin breith Sheán Uí Bhambuire ón Daingean, fear des na daoine is géire i gcúrsaí capall agus ráiseanna ár n’aithne. Bhí ciste do €40,000 cnuasaithe ag

Lá Oscailte Ghaelscoil Dhroichead na Bandan

Concubhar Ó Liatháin

TÁ lá oscailte le bheith ag Gaeilscoil nua i gContae Chorcaí Dé Domhnaigh seo chugainn chun cur leis an suim sa ghaelscolaíocht sa cheantar.

Is i nDroichead na Bandan a oscloídh an Ghaelscoil is déanaí sa chontae agus tá dóchas láidir i measc lucht a bunaithe go n-éireoidh chomh geal léi agus a d’éirigh le gaeilscoileanna i gCloch na Coillte, Beanntraí agus An Sciobairín.

Tá an Ghaelscoil nua suite faoi láthair i gclubtheach an CLG ar an mbaile.

Traolach Ó Donnabháin atá ina chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta - tarlaíonn sé go bhfuil sé freisin sa phost céanna ar an mBord Bainistíochta i gCloch na Coillte ach ní miste leis an cúram breise.

“Tá ana ríméad orainn go bhfuil céim eile tógtha ag an nGaeilscolaíocht sa cheantar seo, iarthar Chorcaí, agus go bhfuil Droichead na

Bandan anois i gciorcail caradach na Gaeilscolaíochta,” ar sé.

“Beimid ag súil go mbeidh ár ndóthain daltaí againn chun tús a chur leis an bhforás anseo i nDroichead na Bandan, mar a tharla roimhe seo ar mo bhaile dúchais féin, Cloch na Coillte, agus ar an Sciobairín agus Beanntraí freisin.”

An tseachtain seo caite fuair muintir Chloch na Coillte cead pleanála d’fhoirgneamh nua sé sheomra dhéag dá nGaeilscoil.

De réir plean nua atá ag an Roinn Oideachais, tá ceangal ar an bhforbróir an foirgneamh a chríochnú go hiomlán laistigh de 30 seachtain, rud a chiallaíonn go mbeidh 320 dalta na Gaeilscoile agus an fhoireann de 25 ag bogadh isteach go dtí a bhfoirgneamh nua ag tús na scoilbhliana seo chugainn, 2013-14.

Foilseofar gné-alt faoin obair éachtach atá ar bun i gCloch na Coillte an tseachtain seo chugainn i nGaeilscoil.

comhlacht eagair na Féile. Bhí an cúrsa ‘trom’ ach bhí ard-ráiseanna ann.

Bhuaigh capall le Peadar Ó Fianachta, ó Bhaile an Chóta, Fionn Trá agus capall le Gearóid Ó Baoill, ón nGairfeanach, an Daingean. Bhí dhá bhuaiteoir ag an marcach Sean Ó Cinnéide ón nDaingean. An capall ‘Ordinary Man’, le Ciaran ‘Chips’ Ó Maoláin ó Chontae na Mí a bhuaigh Dearbaí an Daingin agus €6,000. Bhí 21 rás ann thar na trí lá agus timpeall 250 capall ag glacadh páirte. Ba í Clíodhna Ní Dheargáin ó Lios Póil an bhean ba ghléasta ag an Ráiseanna agus Deirdre agus Áine Grainbhéal ón nDaingean an mháthair agus an iníon ba ghléasta. Nuair a bhí na ráiseanna díreach críochnaithe agus gach aon duine ag bogadh abhaile, d’fhliuch sé.

Na Dubs sa Daingean

CAD é, ach nár bhuaill foireann agus bainistíocht fhoireann sinsir caide Bhaile Átha Cliath isteach aon Daingean ar an Satharn agus é meáite acu ceithre lá de dhiantraenail a bheith acu i bPáirc an Ághaigh ar an mbaile.

B’ábhar mór iontais é seo do mhuintir na háite, ach fearadh na míle fáilte roimh na gaiscígh ó Chois Life.

Thosnaíodar ar an dtraenáil ar an Satharn agus chuirfeadh sé allas ort a bheith ag féachaint ar a ndianaclaíocht agus a lúthchleasaíocht. Bhí cluiche dian acu eatarthu féin ar an nDomhnach agus dhá bhabhta

do chrua-thraenáil.

Bhí go leor daoine ag féachaint ar na ‘Dubs’ go mór mhór iad siúd a bhí ag siúl anonn go dtí na ráiseanna capall.

Bhíodar ar a dtríail arís, go luath ar an Luan. Bhí cuid don chomhlúadar ag fanacht in Óstán na Sceilge agus an chuid eile scaipthe ar fuaid an bhaile. Ghlacadar uile a mbéilí in Óstán na Sceilge. “Is baolach nach aon saoire é seo,” a dúirt duine des na himreoirí, “ach bainfeam lán ár súl as na radharcanna áitiúla um thráthnóna.

Tá an aimsir go hálainn faoi láthair, ach beam ar an bpáirc, is cuma cén saghas aimsire a bhíonn ann,” ar sé. Tá siad in ainm is a bheith ag fillleadh abhaile tráthnóna inniu, Dé Céadaoin. Thug scata acu cuairt ar Pháidí Ó Sé.

Dhá chúrsa FÁS don Daingean

BEIDH dhá chúrsa ag FÁS sa Daingean sna míonna seo chugainn. Cúrsa 27 seachtain atá i gceist sa chéad cheann ina mbeidh an bhéim ar scileanna oifige, fáiltiú agus teicneolaíocht.

Beidh na foirmeacha ar fail ón 24ú lá den mí seo. Tá sé meáite an cúrsa a thosnú ar an gcéad lá do Dheireadh Fómhair. Beidh an dara cúrsa ag tosnú ar an 5ú lá de Shamhain.

Is ar an dteicneolaíocht ríomhaireachta, bogearraí, agus na scileanna ar conas líontáin éagsúla a fhorbairt agus na scileanna a bhaineann leis an sórt sin oibre a chuirfear an bhéim. Dein d’iarratas tar éis an 7ú lá de Mheán Fómhair.



Ethan Ó Fuartháin, Aodhán Ó Riordáin, Kate Ní Urdail, Fia Ní Mhainnín, Ellen de Búrca agus Cormac Ó Croinín ag glacadh páirte sa Rang Ealaíon ag Campa Samhraidh Mhúsraí atá á reáchtáil ag Comharchumann Forbartha Mhúsraí ag Páirc Uí Chuana i gCill na Martra an tseachtain seo. [PIC: CONCUBHAR Ó LIATHÁIN]

Corca Dhuibhne Doilíosach

TÁ na Ciarraigh an-chiúin tar éis do Dhún na nGall iad a threascart. Is beag measa a bhí ag go leor de lucht caide Chiarraí ar stíl na dTuaisceartach agus cé ná fuil sé le léamh sna nuachtáin, tá, mar is gnách, an mhilleán á scaipeadh go forleathan ar an lucht riartha. Seo ceann dos na cluichí a chuir an ghoimh dhearg ar scata den lucht leanúna anseo. Dar leo ná beadh aon dul ag na Conallaigh chucu agus measann siad go mba phraiseach mar a tharla ina gcás féin, [Ciarraí] ó thús deireadh.

Tá siad an-chiúin sna meáin, ach tá teas nach beag ag brúchtaíl.

Níl na Ciarraigh agus ní rabhadar riamh sásta a rá gur buadh orthu, ach gurb iad féin faoi ndeara na cail-liúintí (Uaireanta an réiteoir). Ach faid is tá siad ag fiuchadh, bhain bua Katie Taylor cuid don mbreidh de scata acu mar tá ainm Katie in airde anseo le blianta fada, ó bhuaigh sí an chéad Chraobh Domhanda. Tá traídisiún mór dornálaíochta ann agus chuireadh an-chuid daoine suim sa dornálaíocht le mo chuimhne.

Ach ní thuigid an ‘neamh-mheabhair’ atá i gcuid des na nuachtáin dar le fear dornálaíochta, “mar tá Katie timpeall le blianta ach is beag an t-aitheantas a fuair sí uathu, go dtí seo”.

Corca Dhuibhne

Cailís Bronnta ar Shéipéal Dhún Chaoin

Breandán Mac Gearailt

TÁ a chailís greanta álainn féin bronnta ar Shéipéal Dhún Chaoin. is é an gabha geal, óir, agus copair, Pádraig Ó Mathúna, ó Chaiseal Mumhan a tháinig chun cónaithe lena bhean chéile, Siobhán, go nDún Chaoin ceithre bliana déag ó shin a bhronn an Chailís agus an Paitean ar an Sagart Paróiste, an tAth. Eoin Ó Cadhla, i Séipéal Dhún Chaoin go hoifigiúil tráthnó-na Dé Sathairn seo caite, roimh Aifreann a leathuair tar éis a seacht.

“Bhronnas an chailís agus an Paitean ar shon na muintire,” arsa Pádraig.

Mhínigh sé go raibh gach a mbaineann leis an saothar lámhdhéanta. “Chífeá lorg an chip san obair,” ar sé. Is as airgead geal atá an taobh amuigh don gcailís déanta agus tá cludach óir ar an dtaobh istigh agus ar an bpaitean. Bheartaigh sé chomh maith ceithre chloch scáil a chur ar an dtaobh amuigh don gcailís mar chomhartha aitheantais don gCeithre Shoiscéalaí.

Tá sé greanta i scríbhneoireacht mion laistigh do bhun na cailíse gur do Shéipéal Dhún Chaoin an chailís. Bhí an fear séimh, an tAth.

Ó Cadhla, an-sásta.

Ba thlua ná raibh bean Phádraig, Siobhán, i láthair mar gurb í a chniotáil an clúdach atá ar an altóir. Tharla gortú neafaiseach di an tseachtain seo caite, ach tá sí ag teacht chuice féin go tapaiddh in Ospidéal Ghinearálta Chiarraí. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an Mathúnach mar ghabha óir, airgid agus copair, ach seo a mhór-shaothar deireanach. Is bréa leis a bheith ag déanamh roinnt oibre coitianta. Is é a dhear Bonn Óir Acadamh Fódhla le déanaí agus Bonn Óir Sheáin Uí Riada.

Uaireanta tugann sé láimh chún-ta i siopa poitigéara sa Daingean mar b’shin ceann dos na gairmeacha eile, poitigéir, a chleacht sé. Is sár-údar staire é, ardcheoltóir veidhlín agus Conraitheoir díograiseach (.i.e Conradh na Gaeilge).

Meastar gurb é an Conraitheoir gníomhach is aosta sa tír é.

Tá iníon dó, Niamh, pósta i bparóiste Mhárthain agus siopa seodóireachta aici sa Daingean. San idirlinn, tá go leor de phobal na háite i nDún Chaoin an-tógtha leis an gcailís nua atá lonnaithe i ceann dos na Séipéil is deise agus is cúlaistí sa tír.



Pádraig Ó Mathúna ag bronnadh na cailíse ar an Ath. Eoin Ó Cadhla.
[PIC: BREANDAN MAC GEARAILT]

Moladh do “Sheán an Fear”

BHÍ feirmeoir réasúnta óg laistiar den nDaingean tar éis a chur in iúl dom le déanaí go ndúirt cailín in oifig talamhaíochta stáit leis a bhí pas tiarnúil go raibh, dar léi, amhras uirthi, má bhí dualgas uirthi freagra a thabhairt ar a cheist as Gaeilge.

Bhí sé tar éis scríobh go dtí an Roinn Talamhaíochta ach fuair sé freagra as Béarla rud a chuir olc agus díomá air.

Dhein sé teagháil le Seán Ó Cuirreáin, An Coimisinéir Teanga, fén



An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin

ábhar agus má dhein, ba ghearr go raibh leithscéal agus freagra fachta i nGaeilge aige. Fear óg é seo agus ní thuigeann sé conas ná deineann níos de mhuintir na Gaeltachta a ngnó trí

Ghaolainn leis an stát.

“Ceapann cuid acu siúd gur sórt ‘Taliban’ sinne inar dtír féin,” ar sé, “mar ná fuil, is léir, an mhisneach ag an bpobal a gcos a chur i bhfeac fós, nó an mbeidh go deo?”.

TURAS ó dheas Tura Tura

Concubhar Ó Liatháin

BEIDH an ceoltóir aitheanta Cutbhart Aratura - nó Tura mar is fearr aithne air - ag tabhairt a aghaidh ó dheas an tseachtain seo mar go bhfuil cuireadh tugtha do a bheith ar an ardán ag Taispeántas Bhaile Bhuirne/Chúil Aodha.

Tá Tura díreach tar éis a albam nua, Tír agus Teanga, a sheoladh agus beidh sé ag ceol rianta ón albam seo ag an ócáid i bPáirc an Choláiste trathnóna Dé Domhnaigh in éineacht le ceoltóirí aitheanta áitiúla. Beidh ceardlann rince ar an sean-nós dírithe ar an aos óg á reáchtáil ag an rinceoir aitheanta chomh maith.

Tá an turas ó dheas seo á thabhairt ag an gceoltóir ‘hip-nós’ ar chuireadh ó Chomharchumann Forbartha Mhúscraí atá ag comhoibriú le Coiste an Taispeantais chun cur leis an méid Gaeilge a bhíonn ag an ócáid bhliantúil seo.

Tá an Comharchumann i mbun próisis phleanála teanga i Múscraí faoi láthair agus feictear don eagrais go gcuidíonn imeachtaí a chuireann an teanga i lár an aonaigh leis an obair seo.

“Tá traidisiún láidir agus ársa sean-nóis agus ceoil sa cheantar gan aon amhras,” arsa Gearóid Ó hÉalaithe, rúnaí an Chomharchumainn. “Tugann Tura an traidisiún ársa sin le chéile lena léamh nua-aimseartha féin ar an gceol agus an rince agus creidimid go ndéanfaidh sé an-tairbhe don aos óg é seo a fheiscint.”

Beidh go leor imeachtaí eile ar bun ag an Taispeántas - comórtais éagsúla do bheithigh de gach pór, earraí bÁCáilte, glasraí, ealaíon, filíocht agus lá spóirt do na páistí.

Cuirfear tús leis an ócáid ag 11n i bPáirc an Choláiste agus is féidir clárú go fóill le haghaidh comórtais. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar www.taispeantas.com.

Beidh an Taispeántas ar siúl i mBéal Átha an Ghaorthaidh ar an Domhnach, 26 Lúnasa. Tá Taispeántas Bhéal Átha an Ghaorthaidh ar bun anois le breis agus 50 bliain agus aithnítear é mar cheann des na hócáidí is mó dá leithéid sa chontae.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, nuacht@gaelisceal.ie, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie

Cogadh Cultúrtha eile

Anton Mac Cába

TÁ rian de chogadh cultúrtha eile ar siúl sa Tuaisceart. Tá comharthaí ‘Welcome to Northern Ireland’ le cur in airde ar naoi mbóthar straitéiseacha tras-teorann. B’é an tAire Forbartha Réigiúnaigh, Danny Kennedy, a shocraigh ar iad a bheith ann.

Tá seacht gcinn acu curtha in airde go dtí seo ach scriosadh ar a laghad trí cinn acu, ag an Ros Liath, An Baile Nua agus Béal Cú i bhFear Manach. Gheall Kennedy go bhfuil siad le cur suas arís. Go dtí seo, ba €950 (€1,207.53) costas na gcomharthaí.

Dúirt urlabhraí thar cheann na Roinne go raibh na comharthaí ann “le cur i gcuimhne do thiománaithe go raibh siad ag dul isteach go Tuaisceart Éireann, agus go raibh na teorainneacha luais ar taispeáint ina mílte san uair.”

Ní mar sin a chonacthas do Shinn Féin é. Dúirt an Comhalta den Tionól Reachtach, Michaela Boyle, go raibh an comhartha idir an Srath Bán agus Leifear “cosúil le bheith ag cur an Union Jack ar foluain.”

Cinnté, is Oráisteach as Deisceart Ard Mhacha é Kennedy ach tá caidreamh maith aige leis an bpobal Caitliceach ina cheantar dúchas.

Mhol Jim Allister ón TUV (Guth Traidisiúnta Aontachtach) é as na comharthaí a chur in airde, “rud a mhol mé in 2008,” a dúirt sé.

Dún na nGall chun polaiteoirí a íoc as Gaeilge a fhoghlaim

GHEOBHAIDH Comhairleoirí ar Chomhairle Contae Dhún na nGall íocaíocht anois as freastal ar chúrsaí Gaeilge de chuid Oideas Gael i nGleann Cholm Cille.

Beidh na cúrsaí ar liosta na gcomhdhálacha agus na seimineár a mbeidh cead freastal orthu. Gheobhaidh na comhairleoirí liúntas agus

costais as freastal a dhéanamh ar na cúrsaí Gaeilge.

Ba é an Comhairleoir John Campbell (Neamhspleách) a mhol an méid sin.

Ceapadh Campbell ar an gComhairle mar chomharba ar Thomas Pringle, nuair a toghadh Pringle mar Theachta Dála.

Ní fios, go fóill, cén tóir a bheidh ag na Comhairleoirí ar an gcúrsa Gaeilge. AMC

Gaith Dobhair Charles Boyle éirithe as stiúrthóireacht ‘Boyle Entertainments’

TÁ Charles Boyle éirithe as a bheith ina stiúrthóir ar Boyle Entertainments, chomhlacht de chuid Óstán an Seaview atá ar an mBun Beag. Tá seoladh ag Charles Boyle ar an mbaile céanna.

Fágann sin gurb iad James agus Phyllis Boyle atá ina stiúrthóirí ar an chomhlacht anois. Chláraigh Airtricity breithiúnas €7,700 in éadán an chomhlachta i mí Meitheamh. Is le Boyle Entertainments an tábhairne The Brewery i Leitir Ceanainn chomh maith.

Tá Charles Boyle ina stiúrthóir ar fad ar Óstán Ghaith Dobhair, ar Selinka agus ar an Magheraclougher Management Company Ltd. Tá dhá chomhlacht eile, a mbíodh sé ina stiúrthóir orthu, díscailte. AMC

Leitir Ceanainn Scoil Nua do Choláiste Adhamhnáin diúltaithe

Tá cead pleanála diúltaithe ag an mBord Pleanála do Choláiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn, scoil nua a thógáil fá choinne 900 dalta lámh leis an sean-scoil. Bhí sintí a tógadh sna 50idí, 60idí agus 70idí le leagadh mar chuid den fhorbairt.

Thug Comhairle Baile Leitir Ceanainn cead don bhforbairt anu-raidh ach rinne áitritheoirí agóid go dtí an Bord Pleanála agus thug An Taisce tacaíocht dóibh.

Dúirt Breda Gannon, Cigire an Bhoird Phleanála go raibh tábhacht stairiúil ag an bhfoirgneamh, atá ar bhall ard os cionn an bhaile: “bhí tábhacht mhór ag an bhun-foirgneamh don phobal Caitliceach, ní amháin as sár-áis a chur ar fáil, ach mar shiombail ar an bhfuascailt.”

Níl fiúntas ar bith ailtireachta sa scoil atá molta. Tá an foirgneamh trí stór níos airde ná na tithe sa chomharsanacht. Tá an suíomh róchúng dó. Moltar leanúint le

húsáid na sean-scoile, agus síneadh oiriúnach a thógáil. Bheadh sé ar leas dreach na scoile na sintí atá ann a leagan.

Tá Coláiste Adhamhnáin ina struchtúr atá faoi chosaint. Tógadh an príomhfhoirgneamh i 1904. B’ar an suíomh bhí an chéad eaglais Chaitliceach ar an bhaile i ndiaidh na bPéindlíthe. Osclaíodh ar dtús i mar chliarscoil do Dheoise Rath Bhoth. Bhí an scríbhneoir Seosamh Mac Grianna seal ina mhac léinn sa Choláiste. *AMC*

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gael-phobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigi iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, nuacht@gaelsceal.ie, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Fánaid gan Fóin tar éis gur goideadh na línte!

Anton Mac Cába

GHOID coirpigh línte fón in dhá chuid d’Fhánaid Le gairid agus dá bharr, fágadh cuid mhór den phobal gan córas teileafóin. Ba iad ceantracha Phort an tSalainn agus Ghleann Bharr a buaileadh agus bhí Gleann Bharr gearrtha amach go hiomlán ón saol mór mar nach féidir comhartha fón póca a fháil sa ghleann. Línte copair a goideadh san eachtra is deireanaí seo. Le ceithre bliain anuas, tá méadú 250% tagtha ar phraghas an chopair agus níl sé riachtanach doiciméid aitheantais de chineál ar bith a thaispeáint ag clósanna dramhmhiotal nuair a bhíonn copar á dhíol. Tá a leithéid de chóras le tabhairt isteach sa Bhreatain ach ní raibh iomrá ar bith air sa tír seo go dtí seo.




Fágtha gan fóin - Gleann Bharr, Tír Chonaill

Beidh lá eile ag an SDLP

Anton Mac Cába

IS beart é atá ar leas an SDLP nach bhfuil laghdú le déanamh ar thoghcheantair na Ríochta Aontaithe, an Tuaisceart san áireamh. Mar chuid den laghdú, bhí líon na dtoghcheantar tuaisceartacha le laghdú ó 18 go dtí 16. De bharr an easaontais idir na Caomhaigh agus na nDaonlathaigh Liobrálacha i gcomhrialtas na Breataine, níl sin le tarlú. Is scéala maith seo don SDLP, agus go háirithe do cheannaire an Pháirtí, Alasdair McDonnell. Tá seisean ina fheisire Westminster do Bhéal Feirste Theas. Bhí deireadh le cur leis an toghcheantar sin agus é le roinnt idir Béal Feirste Thoir agus Béal Feirste Thiar. Ní bheadh seans ag McDonnell i gceachtar den dá toghcheantar úd. Baintear úsáid as na toghcheantair chéanna sna toghcháin don Tionól. Níl feisire ar bith Westminster ag Páirtí Aontachtach Uladh (UUP) níos mó. Ar bhonn an Tionóil, is buntáiste don pháirtí gan aon athrú a bheith ann. Cinnte, is ar leas na bpáirtithe beaga go bhfanfadh cúrsaí mar atá. Glasaigh agus grúpaí difriúla sóisialacha atá i gceist leo sin. Tá Comhalta amháin den Tionól Reachtach ag an Chomhaontas Glas. Bhain an sóisialach Eamonn McCann thart fá 1,000 vóta don SDLP don suíochán deireanach i bhFeabhail (Cathair Dhoire) sa toghchán deireannach don Tionól.

Meastar go ndéanfar atarraingt áirithe ar na toghcheantair idir seo agus an chéad olltoghchán eile. Tá an chéad toghchán eile don Tionól le bheith ar siúl in 2015. Glactar leis nach mbeidh mórán d’athrú ann. Dúirt straitéisí amháin de chuid Shinn Féin go raibh seans acu suíochán breise a bhuachan i mBanna Uachtar (tuaisceart Ard Mhacha, thart fá Phort an Dúnáin agus an Lurgan). Mar mhalairt air sin, tá an baol ann go gcaillfidh an páirtí an suíochán ata acu in Aontroim Thoir. Tá fadhb fadtéarmach ann le toghcheantair an Tuaiscirt. Tá déabhlóid ann. Níl cead ag feisirí Westminster vóta a chaitheamh ar chuid mhór ceisteanna a bhaineann leis an Tuaisceart ach tá cead ag feisirí an Tuaiscirt i Westminster vóta a chaitheamh ar cheisteanna a bhaineann le Sasana. Mar sin, is cinnte go gcorrófar líon na suíochán tuaisceartach amach anseo. Bhí 31 suíochán sna Sé Chontae, a bheadh mar stát Tuaisceart Éireann, go dtí 1921. Nuair a bunaíodh sean-pharlaimint an Tuaiscirt, ciorraíodh an líon go dtí 12 agus mhair sin go dtí na 80idí. Leis, tá seisear Comhalta den Tionól Reachtach in achan toghcheantar faoi láthair. Tá ceithre cinn den chúig pháirtí sa bhFheidhmeanas i bhfabhar an líon sin a chiorrú go dtí cúig cinn. Is é an SDLP amháin atá ina éadán. Tá foinsí i Sinn Féin den bharúil go gcuirfear an t-athrú sin i bhfeidhm.



Scéala báis: Leslie Bingham

Anton Mac Cába

BA ceoltóir traidisiúnta agus Gaeilgeoir ón lucht oibre Protastúnach é Leslie Bingham, a fuair bás Dé Céadaoin na seachtaine caite ina theach cónaí taobh amuigh den Chomar, Co. an Dún. Bhí Leslie ar dhuine den dream beag a choinnigh an ceoil traidisiúnta beo sna 50idí agus na 60idí. B’iascaire slaite den scoth é chomh maith. Bhíodh slat iascaireachta i gcónaí aige agus é ag dul chuig Fleadh Ceoil.



Leslie Bingham

Bhí sé mar bhua aige go raibh sé ábalta ceoltóirí a thabhairt le chéile. B’fhear mór do na seisiúin é. Bhí an-dúil aige san amhránaíocht. Dhéanadh sé i gcónaí freastal ar an deireadh seachtaine amhránaíochta i bhFoirceal, i ndeisceart Ard Mhacha. Thugadh sé cuairt ar an gceantar sin go minic. B’as taobh amuigh de Cathair Ard Mhacha ó dhúchas do Leslie Bingham. Chaith sé seal sa chabhlach trádála agus é óg. Ba leictreoir oile é agus bhí saineolas aige ar dheisiú na leictreonaice i leoraithe. Sheinn sé an fheadóg ar feadh tamall, sula ndeachaigh sé go hiomlán leis an bhfliúit. D’fhoghlaim sé Gaeilge i gCumann Chluain Ard i mBéal Feirste, sna 60idí. Bhí tréan seanchais aige ar sheandóigheanna éifeachtacha leis an bhfliúit a ghlanadh. Thugadh sé riamh comhairle do cheoltóirí óga: “Ól deoch i gcónaí le do chuid ceoil, ach ná hól deoch, agus ansin triail a bhaint as ceoil a sheinnt.”

BEATHA

'The Irish Man' as Muileann an tSiáin

Tugann **Anton Mac Cába** cuairt ar Mhuileann an tSiáin agus labhraíonn sé le **hAntaine Ó Fearghail**, 'The Irish Man'

Tá Muileann an tSiáin (Sion Mills) i dTír Eoghan ar cheann de na ceantracha is láidre ina bhfuil an Ghaeilge sa Tuaisceart. Tá an Ghaeilge ag tógáil nirt ann le beagnach scor bliain agus tá Pobal Mhuileann an tSiáin breá gnóthach.

Tá Pobal Mhuileann an tSiáin imithe i bhfeidhm ar shaol an bhaile - agus ag dul i bhfeidhm air ar fad.

Ba é Antaine Ó Fearghail a bhunaigh Pobal agus is eisean an duine is gnóthaí ann ar fad. Tugann bunadh an bhaile - ón dá phobal - 'The Irish Man' air. Nó tá aithne ag achan duine san áit ar 'The Irish Man.' Nuair a théann strainséar sa tóir ar Antaine, deirtear leo cá bhfuil 'The Irish Man'.

Tá Muileann an tSiáin trí mhíle ó dheas ón tSrath Ban, é ar an mbealach mór idir Baile Átha Cliath agus Doire nó Leitir Ceanainn.

Tá beagán os cionn 2,000 duine ina gcónaí ar an mbaile, agus thart ar 1,000 sa bhreis sa cheantar thart air.

Tá ar a laghad 100 den 3,000 duine sin go bhfuil líofacht Ghaeilge de chineál éigean acu. Ní théann lá thart nach mbíonn comhrá Gaeilge ag Antaine le duine éigean.

Ba é Muileann an tSiáin a bhí ar an bhaile fearann leis na cianta, é ag amharc síos ar abhann na Moirne.

Bhí cnoic ar a chúl agus os a chomhar agus bhí muileann coirce ar an An Mhorn ar feadh céad bliain.

Ansín, tháinig muintir Herdman sna 1830idí, rinne siad seo muileann lín as an muileann coirce agus thóg siad sráidbhaile don lucht oibre. Is iad na seantithe sraithe aon stór seo atá ar fad i lár an bhaile. In am amháin, bhí 1,500 duine ag obair sa mhuileann ach druideadh é in 2004 agus thug sin ar shíúil cuid d'anam an bhaile.

Tá Muileann an tSiáin difriúil ó cheantracha eile ó Thuaidh mar go bhfuil an Ghaeilge láidir ann, nó tá sé measctha go maith. Caitlicigh is ea thart ar 60% de mhuintir an bhaile agus Protastúnaigh is ea an chuid eile.

Beart a chuidíonn leis an nGaeilge



Antaine Ó Fearghail, 'The Irish Man'

ná nach raibh an baile riamh chomh seichteach le go leor bailte eile ó Thuaidh. Bhíodh gach aon duine ag obair lena chéile sa mhuileann, cé go raibh buntáiste ag na Protastúnaigh chun na postanna ab fhearr a fháil.

Ar an bhaile féin, ní hé go bhfuil cuid amháin de Protastúnach agus cuid eile Caitliceach. Tá an bhunscoil measctha ar fad agus ait go maith, is

baile mór cruicéid é. Tá an cluiche mar chuid d'fhéiniúlacht tuaiscirt Thír Eoghan, agus dúil ag achan duine ann.

Tá an Ghaeilge marbh mar theanga pobal ann ón 18ú céad ach mar sin féin tá cúlra d'imeachtaí Gaeilge ann. Thiar in 1903, bhí craobh de Chonradh na Gaeilge san áit agus tá daoine ann, arbh i an Ghaeilge a bhí sa teagh-

lach acu cúpla bliain ó shin. B'sheo cuid den 'Lagán', ina dtagadh bunadh iarthair Dhún na nGall ar fostaíocht.

Sa treo eile, tá Muileann an tSiáin gar go leor do na Speiríní. Bhí Gaeilge ansin le cuimhne na ndaoine. D'aistrigh daoine as an dá áit isteach ar an mbaile agus thug siad leo a gcuid Gaeilge - cé nár thóg siad a bpáistí léi.

Anois, tá Muileann an tSiáin i bhfoisceacht leathdhosaen míle den teorann. Tá go leor as Dún na nGall ina gcónaí ann - ón dá pobal - a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil.

Tá caidreamh maith ag Pobal leis an Eaglais Baisteach ar an mbaile agus ar feadh tamaill, ba sa Halla Baisteach a bhíodh na ranganna Gaeilge ar siúl. B'ann a dhéanadh mic

léinn scrúdaithe don dioplóma sa Ghaeilge a bhí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a chur ar fáil.

Ní raibh foirgneamh Phobail sásúil ag an am agus mar gheall air sin bhíodh na scrúdaithe sa Halla Bais-teach. Thug an pobal Baisteach an halla saor in aisce agus dhiúltaigh siad glacadh le pingin.

Tá fréamhacha anois ag an nGaeilge ar an mbaile agus í anois go feiceálach ann mar go bhfuil teach in eastát tithíochta ag Pobal Mhuileann an tSiáin.

Tá sé taobh le siopa a cheannaigh Pobal thart ar leathdhosaen bliain ó shin agus glactar anois leis gur cuid den saol ar an mbaile an Ghaeilge.

Léiríonn sin, b'fhéidir, na hathruithe a tháinig ar an saol ó Thuaidh le tamall de bhlianta anuas. Ní amharcann tromlach an phobail Protastúnaigh atá ar an mbaile ar an Ghaeilge mar bhagairt. “Tá daoine ag éirí níos ciallmhaire,” an breithiúnas atá ag Antaine Ó Fearghail ó Phobal.

Déanann Protastúnaigh freastal ar na ranganna, rud atá níos deacra in áit tuaithe mar é, nuair a bhíonn aithne ag achan duine ar a chéile agus ar an gcúlra as a dtagann gach duine. Tá áit tuaithe mar seo difriúil ó Bhéal Feirste, áit nach mbíonn aithne ag daoine ar a gcomharsana.

Ach beidh an Ghaeilge níos feiceálaí fós ar an mbaile ar ball mar go bhfuil cead pleanála ag Pobal Mhuileann an tSiáin le foirgneamh nua a thógáil. Tá suíomh acra ag an teach nua, beidh urlár amháin chun tosaigh ann agus dhá urlár ar a chúl.

Bíonn ranganna ag gach leibhéal ar fáil annTábhachtach go maith, ní bunranganna amháin a bhíonn ann, mar go mbíonn ranganna ann freisin do dhaoine nach glantosaítheoirí iad.

Thosaigh an borradh seo níos lú ná scór bliain ó shin, in 1993. Bhí Antaine Ó Fearghail ina tháthaire ag an am. D'fhoghlaim sé Gaeilge “in Ollscoil na Ceise Fada”. B'as an tSrath Ban dó ó dhúchas, ach b'as Muileann an tSiáin dá mhuintir agus d'aistrigh sé ann.

Ós rud é go raibh Gaeilge ag Antaine, d'iarr cara leis, Aodán Mac Craith, rang a chur ar fáil ar Mhuileann an tSiáin. Bhí ochtar ag freastal ar an rang sin a bhí i halla an pharóiste Chaitlicigh agus b'shin an oíche a chuir tús leis an mborradh. Tamall de bhlianta ina dhiaidh sin, maraíodh Aodán i dtimpiste bóthair.

I gcuimhne air a ainníodh an Chraobh den Chonradh ar an mbaile. Diaidh ar ndiaidh ó shin, d'fhás an Ghaeilge san áit, in ainneoin nach bhfaigheann Pobal Mhuileann an tSiáin maoiniú ar bith dá gcuid oibre. Faigheann siad maoiniú áirithe don togra ‘EasyIrish.com’, atá ar fáil ar line.

Beidh le feiceáil an dtiocfaidh maoiniú amach anseo, nó mura dtiocfaidh, cé chomh fada agus a bheidh siad ábalta leanúint ar aghaidh leis an obair?



Cultúrlann Thír Eoghain



'Herdman's Mill', Muileann an tSiáin, ceann de na díolanna suntais is clúití ar an mbaile

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



Féile Leabhar Idirnáisiúnta Dhún Éideann faoi lán seoil

TÁ Cluichí Oilimpeacha 2012 thart anois ach le críoch na gcluichí cuireadh tús le Féile Leabhar Idirnáisiúnta Dhún Éideann. Tá an fhéile faoi lán seoil i láthair na huaire, le os cionn ocht gcéad údar, file, iriseoir agus polaiteoir ó 44 tír éagsúil ag glacadh páirte ann i mbliana. Bíonn an-éileamh go deo ar imeachtaí na féile seo gach bliain, agus go deimhin tá cathair Dhún Éideann plódaithe le cuairteoirí agus le daoine ó gach áit ar domhan, atá ag iarraidh a bheith páirteach san atmaisféar iontach.

Tarraingíodh go leor aird ar spórt an samhradh seo mar gheall ar na Cluichí Oilimpeacha, agus má tá spéis agaibh leanacht ar aghaidh leis an dtéama seo, tá neart deiseanna ann ag an bhféile idirnáisiúnta seo. Beidh an t-iriseoir Richard Moore, an t-údar Chris Cleave, an láithreoir teilifíse, Geoffrey Beattie agus a mhac, Ben, agus cúpla duine eile ag caint faoi spóirt éagsúla ag an bhféile. Tá sé spéisiúil go bhfuil úrscéal Chris Cleave, 'Gold', bunaithe bheirt lúthchleasaithe den scoth agus scéal s'acu ar oíche na gCluichí Oilimpeacha i Londain.

Má tá tú tinn tuirseach de spórt agus de lúthchleasaithe faoin am seo, tá neart roghanna eile ann. Beidh Ned Beauman, a ainmníodh don Man Booker Prize 2012, ag léamh óna leabhar 'The Teleportation Incident', chomh maith le Michael Frayn, lena

leabhar 'Skios'.

I mbliana, tá todhchaí na hAlban mar théama lárnach san fhéile leabhar. Ar an Luan, labhair Gordon Brown den chéad uair go poiblí ar an ábhar seo, agus beidh Alistair Darling ag caint faoin ábhar céanna ar an Aoine 24 Lúnasa.

Ní údair Albanacha amháin atá ag glacadh páirte san fhéile cáiliúil seo. Táthar ag fáiltiú roimh údair mhóra idirnáisiúnta atá ag tabhairt a gcuid oibre chun na Breataine den chéad uair. I measc na n-údar seo tá an t-aisteoir Ollannach, Herman Koch, a sheolfaidh a úrscéal rathúil 'The Dinner' ag an bhféile. Beidh Sven Lindqvist, ón tSualainn, agus Kyung Sook Shin ón gCóiré Theas i láthair freisin.

Reachtáilfear Comhdháil Domhanda na Scríbhneoirí i nGairdíní Charlotte Square Dé hAoine beag seo. Tiocfaidh leathchéad údar le chéile ó gach áit ar domhan, chun tábhacht na litríochta i sochaí nua-aimseartha a phlé go hoscailte, os comhair lucht féachana na féile. Is é an t-údar Ahdaf Soueif, ón Éigipt, a chuirfidh tús leis an imeacht seo. Beidh sé ag cur na ceiste, ar cheart don litríocht a bheith polaitiúil?

Tá neart imeachtaí ar siúl do pháistí agus do theaghlaigh chomh maith, agus is deis iontach é chun seans a thabhairt do dhaoine óga leabhair nua a aimsiú, éisteacht le scríbhneoirí agus le húdair, agus sult a bhaint as an


atmaisféar iontach atá ag an bhféile. Gach maidin, óna deich go dtí leathuair tar éis a deich, bíonn imeacht speisialta ann do pháistí ina mbíonn seans acu éisteacht le húdair ag léamh os ard, nó dán a chloisteáil, nó fiú amhráin a chanadh.

Bíonn an-éileamh ar an imeacht seo gach maidin agus is breá le páistí a bheith ina shuí síos lena chéile agus ag glacadh páirte in imeacht spráil agus spéisiúil. Níl aon amhras ach go

bhfuil go leor údar, filí agus scríbhneoirí do pháistí ainmnithe ar chlár na féile i mbliana, agus is breá an rud é sin a fheiceáil.

Beidh údair ar nós Julia Donaldson, Meg Rosoff, Frank Cottrell Boyce ag cur imeachtaí ar siúl do pháistí agus do dhaoine óga, agus aithneoidh go leor páistí scéalta cáiliúla na scríbhneoirí seo, go háirithe 'The Gruffalo' le Julia Donaldson, leabhar ar a mbíonn an-tóir i gcónaí.

Cuireadh tús leis an bhféile litríochta seo Dé Sathairn seo caite agus mairfidh sé go dtí an Luan, 27 Lúnasa. Tá ticéid fós ar fáil do go leor imeachtaí, agus is féidir an clár iomlán a fheiceáil ar www.edbookfest.co.uk. Níl Dún Éideann rófhada uainn ar chor ar bith agus má tá tú ag smaoineamh ar shaoire beag a ghlacadh sula dtiocfaidh mí Mheán Fómhair aniar aduaidh orainn, seo é do sheans!



An scríbhneoir aitheanta do dhaoine óga, Jacqueline Wilson, ag Féile Idirnáisiúnta Dhún Éidinn.

Féile Idirnáisiúnta Happy Days ag teannadh linn

CUIRFEAR tús le Féile Idirnáisiúnta Bliantúil Happy Days, nó Féile Beckett, den chéad uair riamh ar an 23 Lúnasa in Inis Ceithleann i gContae Fhear Manach. Mairfidh an fhéile ón 23 go dtí an 27 Lúnasa.

Déanann an fhéile seo ceiliúradh ar shaothar agus ar shaol Samuel Beckett, scríbhneoir cáiliúil a bhuaigh Duais Nobel.

Beidh go leor aionna speisialta i láthair ag an bhféile, cosúil le Robert Wilson, Edna O'Brien, Melvyn Bragg agus tuilleadh. I measc imeachtaí na féile, beidh taispeántais dá shaothair mhóra agus cinn eile nach raibh chomh haitheanta céanna. Déanfar plé agus cur síos ar thionchar Beckett ar scríbhneoirí eile, chomh maith le stiúrthóirí, aisteoirí agus mar sin de.

Is in Inis Ceithleann a chaith Beckett a bhlianta múnlaiteacha ag freastal ar an Portora Royal School.

Is é Happy Days an chéad fhéile idirnáisiúnta bhliantúil ealaíne, a reachtáladh i dTuaisceart Éireann ó seoladh Féile Bhanc Ulaigh sa bhliain 1962. Beidh an fhéile seo mar imeacht mhór chultúrtha, ag tabhairt cultúir éagsúla le chéile, agus ag meascadh lucht féachana áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta lena chéile.

Beidh go leor ar siúl mar chuid den fhéile, le ceol, cainteanna, drámaí agus taispeántais á gcur os comhair an phobail. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bhféile seo ar <http://www.happy-days-enniskillen.com>.



Aire Turasoireachta Arlene Foster le Sean Doran Stiurthoir Feile Happy Days agus an t-ealaíontoir Alan Milligan ag seoladh na feile.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Ar mhaith leat cláracha raidió a chruthú agus a léiriú?

An bhfuil spéis agat slí bheatha a bhaint amach i dtionscail an chraolacháin raidió?

MÁ tá, tá scéal maith againn duit mar tá Gréasán na Meán ag eagrú cúrsa oiliúna do léiritheoirí raidió sa bhfómhar seo chugainn.

Beidh an cúrsa oiliúna seo dírithe ar dhaoine ar mian leo slí mhaireachtála a bhaint amach mar léiritheoirí neamhspleácha raidió.

Clúdófar gach gné de thionscail an

raidió sa chúrsa seo, ina measc:

- **Forbairt smaointe clár**
- **Scileanna agallóireachta agus láithrithe**
- **Scileanna taifeada agus fuaime**
- **Scileanna eagarthóireachta agus teicniúla**
- **Scileanna léiriúcháin**
- **Gnó na craoltóireachta**

Reachtáilfear sraith máistir ranganna le saineolaithe i ngnó an raidió le linn an chúrsa. Mar chuid den oiliúint léireoidh na léiritheoirí faoi oiliúint sraith cláracha raidió a chraolfar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. As na chéad iarratais, roghnófar grúpa fiche (20) oiliúnaí agus astu sin roghnófar seisear (6) le tabhairt faoin gcúrsa oiliúna críochnúil seo.

Ar bhonn páirtaimseartha a

reachtáilfear an cúrsa. Tomás Mac Con Iomaire, léiritheoir neamhspleách raidió agus iarcheannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta a bheidh mar chomhordaitheoir ar an gcúrsa. Más spéis leat a bheith páirteach sa Chúrsa Oiliúna i Léiriúchán Raidió níl

ort ach eolas a thabhairt fút féin, faoi aon taithí craoltóireachta atá agat agus faoi smaointe atá agat maidir le forbairt cláracha raidió agus é seo a sheoladh chuig:

info@greasannaméan.ie

Is e an 30ú lá den mhí seo (Lúnasa) an dáta deireannach a nglacfar le hiarratais.

Dianchúrsa Traenála i Scileanna Raidió ó Raidió Fáilte

AR mhaith bheith i do chraoltóir raidió? Tá Raidió Fáilte ar lorg Gaeilgeoirí le páirt a ghlacadh i gcúrsa traenála atá á reáchtáil i gcomhar le Ciste Craoltóireachta na Gaeilge le tacaíocht ó Northern Ireland Screen.

Dianchúrsa i scileanna raidió agus craoltóireachta atá i gceist. Foghlaiméoidh na rannpháirtithe an dóigh lena glár raidió féin a ullmhú, a chur i láthair, a thaifead agus a chur in eagar.

Le cois bunscileanna raidió, beidh na rannpháirtithe ag foghlaim scileanna agallaimh agus cur i láthair, an dóigh le trealamh ardteicniúil taifeadta agus eagarthóireachta Raidió Fáilte a úsáid taobh istigh den stiúideo agus úsáid ghléasanna taifeadta iniompartha le hagallaimh, vox-pops agus imeachtaí a thaifead taobh amuigh den stiúideo, chomh maith le modhanna taighde agus scríobh scripteanna le haghaidh clár raidió, agus eagarthóireacht agus meascadh fuaime.

Seo an dara dianchúrsa traenála a reáchtáil Raidió Fáilte i mbliana. D'éirigh thar barr leis an seachtar traenálaíthe a ghlac páirt sa dianchúr-

sa a reáchtáil muid i mí Bealtaine/Meithimh agus tá cuid acu ina gcráoltóirí reatha ar Raidió Fáilte anois.

Bíonn Raidió Fáilte ag craoladh scoth na glár Gaeilge - 7 lá na seachtaine, 24 uair

sa lá - óna stiúideo úrnua ar Bhóthar na bhFál i gCeathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste.

Deis iontach atá sa chúrsa traenála seo chun tús a chur le slí bheatha sna meáin chumarsáide mar láithreoir raidió nó mar iriseoir agus do chlár raidió féin a chruthú ar stáisiún raidió lánGhaeilge. Beidh aoichainteoirí ag teacht isteach ó na meáin chumarsáide náisiúnta le comhairle a thabhairt do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar shlí bheatha in earnáil an raidió nó sna meáin chumarsáide.

Anuas air seo, beidh an deis ag na rannpháirtithe a slot féin a fháil ar sceideal gnóthach Raidió Fáilte - an t-aon stáisiún lánGhaeilge sa Tuaisceart. Gabh i dteagmháil le Dónall Chaoimhín Mac Murchaidh ar 028 90 310013 nó seol ríomhphost chuig donall@radiofailte.com roimh an 03 Meán Fómhair.



Dónall Mac Murchaidh i mbun traenála le Raidió Fáilte i mBéal Feirste

Rí Henry ag leanúint i gcoiscéimeanna Katie Taylor

Teideal Domhanda Henry Coyle le craoladh beo ar SKY TV agus IRISH TV

D'ÉIRIGH go hiontach le dornálaithe na hÉireann ag na cluichí Oilimpeacha le déanaí agus tá súil go leanfar leis an áthas sin an tseachtain seo nuair a throidfidh Henry Coyle as Maigh Eo i dtroid le haghaidh teideal domhanda Meánmheáchain Éadrom WBF sa Royal Theatre i Caisleán an Bharraigh an 17ú Lúnasa agus craolfar an troid beo go heiseach ar SKY TV agus ar www.irishtv.ie os comhair lucht féachana domhanda.

Beidh Coyle, ar as Gaoth Sáile i nGaeltacht Maigh Eo Thuaidh ó

dhúchas é, ag fillleadh ó Chicago chun a theideal domhanda a chosaint nuair a throidfidh sé i gcoinne Marcelo Alejandro Rodriguez as an Airgintín ina thír dhúchais. Bhuaigh Coyle Teideal Domhanda Meánmheáchain Éadrom WBF anuraidh agus é ag troid i gcoinne Elio Cotena agus tá sé dóchasach go mbeidh an lámh in uachtar aige os comhair a leantóirí ina áit dhúchais.

“Is tréimhse spreagúil í seo don dornálaíocht in Éirinn. Thug foireann Oilimpeach na hÉireann an-spreagadh dom agus tá súil agam go mbeidh mé in ann an rath agus an tiomantas sin a thabhairt isteach sa bhfáinne liom,” a deir Henry Coyle. “Tá mé thar a bheith sásta go mbeidh IRISH TV ag clúdach na troda. Tá seirbhís iontach á chur ar fáil acu do dhiaspóra na

hÉireann ar fud an domhain agus tá lucht féachana acu ar fud na cruinne. D'oibrigh mé le criú IRISH TV i Chicago níos luaithe i mbliana agus tá siad díograiseach agus gairmiúil i ngach aon rud a chraolann siad. Beidh gach duine in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe in ann féachaint ar an troid beo ar SKY TV Cainéal 191 agus Freesat 403. Tá sé iontach go mbeifear in ann féachaint ar an troid ar líne ar www.irishtv.ie chomh maith mar beidh go leor daoine i Chicago, an áit a bhfuil cónaí orm, ag logáil isteach.”

Craolfar an troid beo ar IRISH TV agus ar SKY TV Cainéal 191/Freesat 403 idir 9pm agus 11pm Dé hAoine 17ú Lúnasa. Áireofar sa chlár tráchttaireacht beo ón Teideal Domhanda mar aon le hanailís, díospóireacht agus plé léargasach roimh an troid


agus ina dhiaidh. Taispeánfar buaicphointí ó throideanna eile níos luaithe chomh maith.

“Tá an-áthas orainn gur éirigh linn an conradh seo a fháil chun an troid na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe ag IRISHTV.ie thar lear agus tá a fhios agam go mbeidh siad sásta go mbeidh siad in ann an teideal domhanda seo a fheiceáil beo ón Royal Theatre. Beidh an troid le feiceáil ar theilifís dhomhanda ar fud na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe ar SKY TV Chainéal 191/Freesat 403 agus tá a fhios agam go bhfaighidh sé lucht féachana ollmhór. Tá Henry Coyle ar dhuine de na dornálaithe gairmiúla is mó a bhfuil meas air in Éirinn agus bíonn a chuid troideanna lán de phaisean agus de mhórtas i gcónaí,” a dúirt Pierce O'Reilly,

léiritheoir an chlár.

Ag labhairt do faoin troid agus faoin gcráoladh dúirt an craoltóir dornálaíochta mór le rá, Jimmy Magee: “Bíonn paisean le brath sa bhfáinne aon uair a bhíonn sé ag troid sa bhaile. Ba lá mór le rá a bhí ann do Mhaigh Eo agus d'Éirinn nuair a bhain sé amach an teideal domhanda anuraidh. Táim cinnte gur féidir leis é a dhéanamh arís agus tá sé go hiontach go bhfuil an troid á chraoladh beo,” a dúirt Magee. Beidh an troid seo do Theideal Domhanda Meánmheáchain Éadrom WBF le Henry Coyle ar an t-aon troid do theideal domhanda a bheidh ar siúl in Éirinn i mbliana agus craolfar beo agus go heisiach í ar www.irishtv.ie agus ar SKY TV Cainéal 191/Freesat 403 í ón 9pm an 17ú Lúnasa.

Crosfhocal 15.08.2012



NODA

TRASNA

- 4 Ball fliche ar bhalla tí (6)
8 Radharc, eolas a aimsiú (7)
9 Clúdaítear ballaí i gcistin nó i seomra folctha le rudai mar seo (3)
10 Ciall (3)
11 Ionraic (7)
15 Ní go minic, corr uair (6)
16 Meisceoir (6)
19 Cuireann tú seo isteach i stoca agus bróg (3)
21 Grúpa mór tithe agus sráideanna agus siopaí le chéile (5)
23 Is fada ó chonaic muid ceann gorm acu seo.. de ghnáth bíonn sé liath na laethanta seo (5)
24 Aghaidh (5)
26 Daoine a choinníonn miontuairiscí ag cruinnithe (8)
27 Dea-iompar (5)
28 Obair, saothar (3)
29 Na nóiméid a imrítear cluiche sacair de ghnáth (5)

SÍOS

- 1 Brontanas (6)
2 Bróg capaill (3)
3 Ag rá amhráin (6)
5 Ní féidir le duine maireachtáil air seo amháin (4)
6 Áirse (4)
7 Spás súgartha i scoil, taobh amuigh den seomra ranga (4)
12 Leaba ag crochadh idir dhá chrann (4)
13 Gan aon neart ann (3)
14 Scrios, loit (4)
15 I mbriathar bíonn sé caite, láithreach nó fáistineach (6)
17 Righin, sínte (5)
18 Amhail, cosúil (6)
19 Cruth an domhain, cruth liathróide (6)
20 Go leor, an- (4)
22 In _____, gann (5)
25 Scríbhneoir (4)
27 Bólacht (2)

Crosfhocal

08.08.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Breandán Ó hAodha
Béal Feirste



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20
urraithe ag Cló Iar-Chonnacht
ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh
20.08.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal,*
15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie



An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



Sin Spórt dhuit!

NUAIR a chríochnaigh na Euro's nó Comórtas Sacair na hEorpa níos tuisce i mbliana bhí sórt cumha tagtha ar mhuintir na hÉireann.

Le bheith ionraic faoi, ní mórán a bhí le ceiliúradh againn ó thaobh na peile de ach nach muid a bhí bródúil as an lucht tacaíochta a thug faoin bPolainn as Éirinn agus an aird iontach cairdiúil a tharraing siad ar an tír seo.

Fiú má bhuaill na Spáinnigh muid le ceithre chúl, bhí lucht tacaíochta na hÉireann agus na Spáinne thall ansin agus a lámha timpeall ar a chéile acu ag canadh 'The Fields of Athenry' le linn agus tar éis an chluiche.

Sin spórt!

Anois, agus críoch curtha leis an seó iontach ollmhór spóirt a bhí i Londain le breis agus coicis anuas, is léir arís an fhírinne atá sa bhfógra teilifíse, "Ní hiad na dathanna a dtagann tú abhaile leo is táb-



John Joe Nevin, a bhain bonn airgid ag na Cluichí Oilimpeacha sa dornálaíocht ar ais sa bhaile sa Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

hachtaí, ach na dathanna ar glac tú páirt iontu."

Tá na Cluichí Oilimpeacha thart anois agus muid beagáinín uaigneach arís, ach cheana féin tá muid ag samhlú na n-iomaitheoirí a bheidh againn i Rio!

De thoradh na mbonn - ór, airgead agus cré-umha - a thug ár lúthchleasaithe abhaile, tiocfaidh méadú go cinnte ar líon na ndaoine óga a bheith ag glacadh páirte i spóirt éagsúla ar fud na tíre agus sin atá táb-

hachtach - a bheith páirteach mar imreoir, mar lúthchleasaí nó i mbun tacaíochta. Sin is brí le spórt!

Nuair a bhuaigh Katie Taylor an bonn óir an lá faoi dheireadh, bhí an leibhéal torainn sa stáid i Londain beagnach chomh hard le fothram scairdeitleáin ag tuirlingt ón aer agus níorbh aon iontas é sin.

Beidh an troid dornálaíochta sin i gcloigne daoine go deo agus beidh a fhios ag daoine go

díreach cá raibh siad ar an lá iontach úd. Agus cé go raibh an troid ar fheabhas, bá é trácht-taireacht SBB a chuir an crú ar an tairne.

Roinn seisean a chuid mothúcháin féin linn go díreach mar a bhí chuile dhuine againne a mhothú sa mbaile. Ansin, nuair a throid John Joe Nevin ina bhabhta ceannais féin, bhí milliún go leith duine ag breathnú ar an troid in Éirinn amháin agus iad greamaithe do RTÉ don ócáid. Agus ar ndóigh nuair a d'fhill na lúthchleasaí cróga abhaile ar an Luan, nach rompu a bhí an fháilte agus an bród agus an mórtas. Sin spórt!

Ach níl deireadh le cúrsaí spóirt don bhliain seo, ná tada cosúil leis. Nach bhfuil an Premiership ag tosú ar an Satharn agus ní fada uainn na Cluichí Parailimpeacha i Londain, gan trácht ar an dá spórt is ansa le cuid mhór againn, an Pheil agus an Iománaíocht. Tá cuid mhór ceiliúrtha le déanamh go fóill. Gaillimh Abú!

Faisnéis do Shaoránaigh



Athruithe ar íocaíochtaí pinsin

Ceist

Beidh mé 66 bliain d'aois i nDeireadh Fómhair agus beidh mé ag éirí as an obair. Beidh iarratas á dhéanamh agam ar Phinsean Stáit, bunaithe ar mo ranníocaíochtaí ÁSPC. Chuala mé gur laghdáidh na rátaí íocaíochta. An bhfaighidh mé níos lú ná mar a fhaigheann m'fhear céile faoi láthair ar a Phinsean Stáit?

Freagra

Faoi láthair, faigheann tú an ráta iomlán den phinsean má tá 48 nó níos mó ranníocaíocht ÁSPC agat ar bhonn bliantúil ar an meán. Íoctar Pinsean Stáit sheachtainiúil atá ach €4.50 níos lú,

áfach, le daoine ag a bhfuil meán laghdaithe idir 20 agus 47 ranníocaíocht sa bhliain le linn a saoi oibre.

Ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, beidh pinsean níos ísle iníoctha le hiarrthóirí nua ag a bhfuil níos lú ná 48 ranníocaíocht ÁSPC ar bhonn bliantúil ar an meán. Tá na rátaí nua le sonrú sa tábla seo a leanas:

Ní dhéanfaidh na rátaí nua difear d'aon duine, ar nós d'fhir chéile, a bhfuil an Pinsean Stáit á fháil acu cheana. Is féidir leat Ceisteanna Coitianta faoi na hathruithe a léamh ar welfare.ie.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Rátaí Nua Pinsean Stáit (Ranníocach) ó Mheán Fómhair 2012 i leith

Ranníocaíochtaí bliantúla ar an meán	Ráta pearsanta sa tseachtain, €	Méadú i leith duine fásta cáilithe* (faoi 66)	Méadú i leith duine fásta cáilithe* (66 agus níos sine)
48 nó níos sine	230.30	153.50	206.30
40-47	225.80	146.00	196.00
30-39	207.00	139.00	186.00
20-29	196.00	130.00	175.00
15-19	150.00	100.00	134.00
10-14	92.00	61.00	83.00

*Íocaíochtaí ar a ndéantar tástáil mhaoine iad méaduithe i leith daoine fásta cáilithe.

“Breathnaím orm féin mar fhorbróir imreoirí. Níl suim agam i gCoirn ná i mboinn”

Seo cuid a dó d’agallamh a rinne **Cillian Ó Conchúir** le Niall Harrison, Príomhchóitseálaí Chumann Peile na hÉireann

LE suas le 700 buachaill faoina chúram ag an ‘Emerging Talent Programme’ (ETP) agus an fhoireann idirnáisiúnta Faoi 15, tá Niall Harrison ar dhuine de na bainisteoirí is fearr sa tír.

An gné is deacra dó agus é tar éis imreoirí a fhorbairt faoi aois ná nach bhfuil aon baint aige féin, ná ag bainisteoirí idirnáisiúnta faoi aois na hÉireann, leo. "Tá ógánaigh leochaileach ag na haoiseanna sin agus fiú imreoirí atá ag imirt le clubanna i Sasana ag 17,18 mbliana - b'fhéidir nach bhfuil an aird cheart atá uathu, á fháil acu.

Tagann siad abhaile, labhraíonn muid leo agus deireann siad nach bhfuil an aire chéanna á thabhairt dóibh agus a tugadh dóibh anseo."

Leis an méid oibre atá déanta ag Harrison le himreoirí óga na tíre seo, is cinnte go mbeadh a fhios aige.

"D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an easpa muiníne, nó má bhaintear muinín an imreora agus na fadhbanna fisiciúla a thagann leis an ráig fáis (growth spurt) ar forbairt an imreora."

Leis an ETP, is beag an seans atá ann anois nach dtabharfar deis cheart d'aon imreoir, is cuma cén cuid den tír ina bhfuil sé. "Ní féidir linn cailleadh amach ar imreoir," dar leis ach b'fhearr leis go mbeadh ógánaigh na tíre seo ag dul ar an Mór-roinn seachas go Sasana nó go hAlbain.

"Táim á rá leis na blianta. Forbraíonn muid imreoirí go mbíonn siad 16 bliana agus ar an meán,

imíonn 18-20 imreoir ó Éire go clubanna i Sasana nó in Albain ar a 16ú breithlá. Nuair a bogann siad anonn, ní bhíonn aon ionchur againn ar forbairt na n-imreoirí, seachas nuair a bhíonn cluiche cairdiúil nó cluiche Eorpach againn. Bíonn sé deacair stíl a fhorbairt nuair a dhéantar an stíl sin a bhréagnú ag an club i Sasana."

Tá sé suimiúil a chlos agus a fháil amach nach bhfuil mórán suime aige sa 'sraith is fearr ar domhain' ná sna acadaimh atá thall.

"Ní cuirim mórán suime sa chluiche i Sasana. Is áis é dár imreoirí chun peil lánaimseartha a imirt, ach ní aontaíom leis an gcaoi a n-imrítear an cluiche. Tá sé dírithe ar an mbua. Tá sé dírithe ar Choirn a bhuachan, barr na sraithe a bhaint amach, seachas imreoirí a fhorbairt. Mura bhfuil an fhealsúnacht chéanna san acadaimh agus atá san fhoireann sin-sir, is cur amú ama é."

Le imreoirí ar nós Karl Moore agus Ian Daly tar éis dul sall go Sasana agus filleadh chuig an Airtricity, níl a fhios ag Harrison cén fáth go gcuireann roinnt clubanna béim ar acadaimh.

"Uaireanta bím ag smaoineamh faoina bhfuil ag tarlú ag acadaimh thall i Sasana. Déanann siad imreoirí a fhorbairt ó aois óg agus nuair a bhíonn siad 20, díbrítear iad ón club. Níl aon toradh ar an airgead a chuireadar isteach san imreoir. Cén fáth go mbeadh acadaimh acu toisc gur féidir leo cibé rud a gheobhaidís ón acadaimh a cheannach?"

Tá Chelsea mar an gcéanna. "Cheannaigh Chelsea an fear óg, Oscar, ón mBrasaíl ar £20milliún agus tá costas £6.2 milliún ar an acadaimh gach bliain.

Tá foirne eile a fhorbraíonn imreoirí chun iad a dhíol ar deireadh agus an t-airgead a infheistiú ar ais san acadaimh atá acu. Tá cúpla cás ann. Cé go raibh baint ag Harrison le

Brian Kerr, Noel O'Reilly agus le bainisteoirí foirne idirnáisiúnta eile na tíre, croitheann sé a cheann nuair a ceistítear é faoi fhoireann níos sinsearaí a bhainistiú.

"Táim compordach leis na foireann Faoi 15. Breathnaím orm féin mar fhorbróir imreoirí. Níl suim agam i gCoirn ná i mboinn. Déanann muid iarracht tionchar a bheith againn ar na himreoirí ar bhealach ar leith san ETP. Níl coirn nó boinn againn.

Níl tábla sraithe againn. Déanann na himreoirí níos mó traenála ná cluichí a imirt. An cóimheas atá ann ná 6:1 toisc gurb é traenáil an bealach foghlamtha. Is é an cluiche an scrúdú.

"Imrítear stíl ar leith sa chlár agus ní théitear ina choinne riamh. Tá an ETP ann chun stíleanna éagsúil imeartha a fhorbairt atá ar aon caighdeán leis na foirne is fearr. Caithfimid leanúint leis. Mura ndéanfaidh, leanfaimid ar aghaidh ag fáil na dtorthaí céanna atá á bhfáil againn go dtí seo - faic."

Ceithre Fhoireann Chamógaíochta fágtha

TÁ cleachtadh maith ag daoine faoin tráth seo Corcaigh, Loch Garman agus Gaillimh a fheiceáil i gCluichí Ceathrúceannais na hÉireann sa chamógaíochta, ach i mbliana den chéad uair riamh beidh Uíbh Fhailí in éineacht leo. Imreofar an dá chluiche i bPáirc Uí Nualláin Dé Sathairn seo chugainn agus sa chéad chluiche ag 3.00 beidh tánaistí na




Ursula Jacob, Loch Garman [PIC: SPORTSFILE]

bliana seo caite, Gaillimh ag tabhairt aghaidh ar na Seaimpíní Sraithe, Corcaigh. Ní bheidh sé éasca ag Uíbh Fhailí agus iad ag imirt in aghaidh Sheaimpíní na Craoibh ó anuraidh, Loch Garman, ag 4.15. Tá éacht déanta ag Uíbh Fhailí, mar trí bliana ó shin bhí siad ag imirt i ngrád na sóisear. Ó shin, tá craobh na sóisear agus idirmheánach buaite acu ach an mbeidh foireann John Troy in ann an ceann mór a chrochadh leo i mbliana? Tá Loch Garman sa tóir ar an tríú craobh as a chéile agus bhuaigh siad an dá chluiche ceannais dheiridh in aghaidh na Gaillimhe. Ní haon iontas é mar sin go mbeadh fonn díoltais ar mhná an Iarthair. *GMcE*

Craobh Chlubanna Dhún na nGall curtha siar

CUIREADH siar Craobh Peile Dhún na nGall i ngrád na sinsear agus idirmheánach an deireadh seachtaine seo caite den dara huair le go mbeadh bainisteoir Dhún na nGall, Jimmy McGuinness agus an fhoireann atá aige in ann réiteach do Chluiche Leathceannais na hÉireann in aghaidh Chorcaí ar an 26 Lúnasa. Rinne siad an rud céanna roimh Chluiche Ceannais Uladh agus má bhuann siad ar Chorcaigh déanfar arís é do Chluiche Ceannais na hÉireann a bheas ar siúl ar an 23 Meán Fómhair. Tá siad ag iarraidh a chinntiú nach ngortófar aon duine de na himreoirí mar a tharla cheana nuair a gortaíodh Neil Gallagher agus Leo McLoone i gcluichí clubanna. Ciallaíonn sé sin go mbeidh moill an mhór ar an chomórtas agus go mbeidh brú ar an chontae a chinntiú go mbeidh seaimpíní acu in am do Chraobh na gClub i gCúige Ulaidh. Seans maith go bhfeicfear babhta craoibhe gach deireadh seachtaine acu nuair a thiocfas deireadh le turas Dhún na nGall



Colm McFadden, Dún na nGall agus Naomh Mícheál, Craoslach [PIC: SPORTSFILE]

agus go mbeidh aon athimirt a bheas ag teastáil i gCraobh Dhún na nGall á imirt i lár na seachtaine acu. Tá sé soiléir ón méid atá ráite ag na himreoirí idirchontae go bhfuil siad buíoch go bhfuil na cluichí curtha siar agus go n-imreofar roinnt cluichí sraithe ina n-áit, cluichí nach bhfuil chomh dian ná chomh fisiciúil. *GMcE*

Craobh Clubanna Peile na Gaillimhe

BEIDH na babhtaí ceathrú ceannais do Chraobh Peile na Gaillimhe i ngrád na sinsear agus idirmheánach ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn agus tá foirne Gaeltachta go leor san iomaíocht. Ar an Satharn, i Staid

an Phiarsaigh, tabharfaidh Mícheál Breathnach aghaidh ar Chill Fhir Iarainn ag 2.00 agus imreoidh an Cheathrú Rua i gcoinne Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach ag 3.45. Imreofar an dá chluiche eile ar an Domhnach i Staid Thuama le Naomh Seamús agus Cora Finne ag 5.00, Baile an Mhuilinn le Réalta Thuama ag 6.45. Is iad Cora Finne rogha na n-údar faoi láthair ag 13/8, Cill Fhir Iarainn 11/4, Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach 4/1, Baile an Mhuilinn 13/2, Réalta Thuama 7/1, Naomh Seamús 9/1, An Cheathrú Rua 18/1 agus Mícheál Breathnach 20/1. Sa ghrád idirmheánach ar an Satharn imreofar dhá chluiche ag 6.45: Cora Finne agus Uachtar Ard i Staid an Phiarsaigh agus Dún Mór le Baile Átha an Rí i dTuaim. Ar an Domhnach i dTuaim ag 3.15 beidh an Fhairche agus Muine Mheá/Mainistir Chnoc Muaidhe ag dul in adharca a chéile agus ag 6.45 imreoidh Mionlach in aghaidh Charna / Caiseal i Staid an Phiarsaigh. *GMcE*



Pól Ó Loideain, An Cheathrú Rua

Ar an gcláí



Le John Allen

Má imríonn Gaillimh mar a d'imir i gcoinne Chorcaigh, ní bhainfidh siad aon Chraobh!

Bhuel tá rud amháin cinnte sa domhan iomána i mbliana agus is é sin nach mbeidh an Craobh Sinsir idir Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile. Ar ndóigh tá Gaillimh ag feitheamh ar thoradh chluiche an Domhnaigh seo chugainn idir an dhá fhoireann is fearr sa tír le cúpla bliain anuas agus an cheist mhór anois ná cé a bheidh sa Chluiche Ceannais leo.

Is iontach an rud go bhfuil fir an iarthar ar ais sa Chluiche Ceannais, agus an uair seo níl siad ag dul isteach ann ar dhrom taispeántais iontach sa leathchraobh. In 2005 chuadar isteach sa Chraobh i ndiaidh bua éachtach ar na Cait ach theip orthu ag an gcliath deireanach mar a tharla go minic cheana. An Domhnach seo chaite, d'fhéach siad sórt in ísle brí sa chéad leath ach fós bhíodar ar chomhscór ag leath-am.

Nuair a thosaigh an dara cuid den cluiche d'imríodar lena bhfad níos mó fhuinnimh agus féinmhuiníne. Bhíodar i bhfad níos fearr ná Corcaigh ar fud na páirce agus chríochnaíodar go láidir.

Mar sin féin, ní bhuafadh a leithéid de thaispeántas an Chraobh.

Ag filleadh ar ais ar chluiche mór an Domhnaigh beag seo, níl aon dabht ach gur caitheadh amach script iomána na bliana nuair a bhuaigh Gaillimh ar Chill Chainnigh i gcrabhbhluiche Laighean.

De thoradh na cailliúna sin bhí ar na Cait dul tríd an gcúldhoras agus bhí ar na saoithe an script sin a athrú beagáinín. Mar sin, ar an Domhnach, rachaidh an “dá fhoireann mhóra” chun troda sa leathchraobh agus muid go léir ag súil go mór leis. Bhí an mí-ádh ag Luimneach imirt i gcoinne na bhfathach seo i rith na bliana. Roimh an gcéad chluiche i gCraobh na Mumhan cheap mé go mbuafimis ar Thiobraid Árann.

Níor thug mórán taobh amuigh dár champa féin aon seans dúinn ach cheapas nár léirigh na Tiobradaigh mórán fianaise i rith na gcluichí sraithe, go rabhadar dochloíte. Ar ndóigh, ní raibh Lar Corbett ach díreach ar ais ag traenáil taca an ama sin agus gan é ullamh don chluiche.

Bhí Bonner Maher agus Shane McGrath ar an taobhlíne freisin. agus



Tony Óg Regan, Gaillimh, agus Paudie O'Sullivan, Corcaigh, ag dul i ngleic le chéile Dé Domhnaigh i gcluiche leathcheannais na hÉireann. Bhí an lámh in uachtar ag Gaillimh 0-22 le 0-17. [PIC: SPORTSFILÉ]

cé gur bhuaigh Tiobraid Árann an cluiche níor imríodar go hiontach.

Bhíodar mar an gcéanna i gcoinne Chorcaigh sa leathchraobh, ach bhí Shane McGrath agus Bonner ag imirt agus tháinig Lar isteach mar fhear ionaid.

I gcrabhbhluiche na Mumhan bhíodar níos fearr ná Port Láirge ach arís níor thaispeánadar aon rud a chuirfeadh faitíos ar an domhan iomána ná ar laochra Chill Chainnigh.

Ach tá siad ag feabhsú agus táim ag súil le taispeántas mór uathu ar an Domhnach. Bhíomar ag ceapadh, i ndiaidh chluiche ceannais na Sraithe nuair a rinne na Cait slad ar Chorcaigh, go mbeadh fir Bhriain Cody dochloíte arís i mbliana.

Chuir fhoireann na Gaillimhe deireadh leis an smaoinemh sin. Go

Bhuel, i mo thuairim-se, beidh an lá ag na Cait agus beidh athimirt de Chraobh Laighean againn ar an dara Domhnach de Mheán Fómhair. Táim ag súil leis sin cheana féin.

d'tí leatham sa Chluiche Ceathrúceannais i gcoinne Luimnigh ní fhacamar aon iontas ó na Cait. Sa dara leath bhíodar níos fearr ach fós bheithfeá ag rá nach bhfuil siad chomh maith agus a bhíodar sa Chluiche Ceannais anuraidh. Mar sin, i mo thuairim, tá an pointe seo sroichte ag an dá fhoireann ach ní

féidir a rá go bhfuil ceachtar den dá bhainisteoir sásta leis na taispeántais go dtí seo sna cluichí Craoibhe.

Ag teacht abhaile dhomh ón gcluiche a bhí ag Luimneach i gcoinne Chill Chainnigh, bhíos ag ceapadh go mbuafadh na Cait ar Thiobraid Árann, ach anois nílím róchinnte de sin.

Nuair a bhíonn tú i do sheasamh ar an taobhlíne ag na cluichí seo bíonn dearcadh ar leith agat ar na foirne. Níl aon dabht ach go bhfuil na Cait i bhfad níos fisiciúla ná Tiobraid Árann. Tá na himreoirí is láidre acu agus oibríonn siad níos déine ná aon fhoireann eile sa tír (b'fhéidir go bhfuil Gaillimh ag breith orthu). Ach is dóigh liom go bhfuil an painéal is láidre ag Tiobraid Árann,

agus ag deireadh an lae, de

ghnáth,, ag glacadh le cothromaíocht i ngach gné eile den imirt, buann an fhoireann leis an eitic oibre is fearr agus ar an Domhnach buafaidh an fhoireann sin.

Ach cén fhoireann? Bhuel, i mo thuairim-se, beidh an lá ag na Cait agus beidh athimirt de Chraobh Laighean againn ar an dara Domhnach de Mheán Fómhair.

Táim ag súil leis sin cheana féin. Tháinig mionúir Bhaile Átha Cliath ar ais ón mbás an Domhnach seo caite chun breith ar an gClár agus áit a fháil ar chlár an lae don gcrabhbh. ach cé a bheidh leo?

Bheadh sé go hiontach d'óganaigh na Gaillimhe a bheith ann lena bhoireann sinsir ach caitheadh siad Tiobraid Árann a bhualadh ar dtús agus, cinnte, ní bheidh sé sin éasca.

“Ní bheidh mórán eadrainn”: Brian Hogan

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le captaen Cill Cheannaigh, Brian Hogan

IS cosúil go rabhamar ag ceapadh gurb é Craobh na hÉireann a bheadh i gceist nuair a thabharfadh Cill Cheannaigh aghaidh ar Tiobraid Árann.

Faraor, dar liomsa, ní bheidh an ceathrú cath le ceithre bliana anuas idir na foirne sin mar chluiche ceannais do Chorn Liam Mhic Charthaigh.

Tá Gaillimh ag feithimh le buaiteoir an chatha fhíochmhar atá os ár

gcomhair. Chaill captaen Cill Cheannaigh, Brian Hogan, amach ar an cluiche ceathrú ceannais i gcoinne Luimnigh de thoradh gortaithe.

Ach tar éis cluiche a chaitheamh ar an taobhlíne, agus gan deis aige tionchar a bheith aige ar an imirt sin, filleann Hogan do chluiche an Domhnaigh. "Nuair a cailleann tú amach ar aon cluiche sa craobhchomórtas, tá frustrachas ag baint leis, ach ar a laghad ní hé an cluiche deireanach a bhí ann.

Tar éis dúinn cailliúint i gcoinne na Gaillimhe, bhí na himreoirí fiord-

híomách. Tubaiste iomlán a bheadh ann dá mbeadh orainn fanacht go dtí an bhliain seo chugainn chun dul ag iomáint arís." Cé nach bhfuil mórán taithí ag Hogan agus na Cait ar an gcúl-doras, de bharr gur chaill siad i gCraobh Laighin, tá cluiche sa bhreis imeartha acu anois. "Bhí an t-ádh linn gur thógamar an treo díreach le cúpla bliain anuas; 2004 an uair deireanach a bhíomar sa chúldoras agus níor oibrigh sé sin amach rómhaith dúinn. Tá súil agam go mbeidh sé níos fearr dúinn i mbliana."

Is cinnte go bhfuil an dá foireann tar

éis an babhta leathcheannais a bhaint amach ar bhealaí éagsúla. Léirigh Tiobraid Árann neart, ach níor thug Cill Cheannaigh taispeántais leanúnacha.

"D'imir muid i gcoinne Bhaile Áth Cliath, ach níor léirigh siad iad féin go maith. Níor thugamar taispeántais maith i gcoinne na Gaillimhe, agus i gcoinne Luimnigh d'imríomar go maith sa dara leath. Tá fós an-chuid spáis chun dul i bhfeabhas."

Níl aon amhras ar Hogan ach go mbeidh orthu feabhsú roimh theacht Thiobraid Árann go Páirc an Chrócaigh, ach sin an Chraobh atá acu

anois. "Fear cróga a bheadh ionat dá dtosódh tú ag smaoineamh níos faide ar aghaidh ar Chraobh na hÉireann agus gan Tiobraid Árann fiú imeartha againn. Táimid dírithe ar an Domhnach. Mar a léirigh na trí bliain deireanacha agus na trí chluiche dheireanacha a bhí eadrainn, beidh sé fíorghar.

"Seans go mbeimid cothrom agus cúig nóiméad fágtha. Ní bheidh mórán eadrainn. Cibé rud a tharlaíonn ina dhiaidh sin, is cuma linn. Nílimid dírithe ach ar Thiobraid Árann agus iadsan orainne."



Brian Hogan, Cill Chainnigh, in éineacht le Pádraic Maher, Tiobraid Árann, i bPáirc an Chrócaigh Dé Luain.
[PIC : BARRY CREGG / SPORTSFILE]

An mbeidh an lámh in uachtar ag Tiobraid Árann Dé Domhnaigh?

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le Pádraic Maher, Tiobraid Árann

NUAIR a thugtar sracfhéachaint ar thorthaí Chraobhchomórtas na bliana seo, is cinnte go bhfuil an chuma ar cúrsaí gur ag Tiobraid Árann a bheidh an lámh in uachtar ar an Domhnach.

I ngéarchodarsnacht le Cill Chainnigh ag tús an Craobhchomórtais, bhí an cuma ar cúrsaí go mbeadh Tiobraid Árann curtha ó Chomórtas na Mumhan sa chéad cluiche i gcoinne

Luimnigh, ach chabhraigh 1-8 ó Pa Bourke chun bearna seacht gcúilín a dhúnadh.

Cuireadh John O'Brien den pháirc i gcoinne Chorcaigh agus bua pointe amháin acu i bPáirc Uí Chaoimh i gcluiche leathcheannais na Mumhan. Agus ansin bhí bua maith acu ar Port Láirge i gCraobh na Mumhan.

Ach tar éis cúig seachtainí gan cluiche, is cinnte go mbeidh amhras faoi Thiobraid Árann, ach dar le Pádraic Maher, ní bheidh aon tionchar aige sin ar an bhfoireann.

"Bhí cluichí clubanna againn agus

rinneamar traenáil chrua le chéile le cúig seachtainí. Chuireamar a lán oibre cruais isteach. Dá bharr, táimid ag dul isteach ann i ndea-chaoi agus buíochas le Dia beidh an úire sin le braith."

Cé nach bhfuil Maher ach 23 bliana, tá Craobh na hÉireann, dhá Chraobh Mumhan agus dhá bhonn All Star buaite aige. Luann sé láidreacht fir ionad an chontae agus, dar leis, ní féidir beagán a dhéanamh de thionchar na bhfear ionad. "Nuair atá tú faoi bhrú, i gcluiche cruais agus feiceann tú na himreoirí ag teacht

isteach, tugann sé spreagadh duit.

B'iad na fir ionad an difríocht i ngach cluiche do Thiobraid Árann i mbliana. Is comhartha maith é sin. Tá a fhios againn go bhfuil 32 imreoir againn, agus tá gach duine acu ábalta an geansaí a líonadh.

"Tugann sé sin muinín dúinn nuair a bhíonn cuid de na himreoirí is fearr sa chluiche againn ag teacht ón mbinse. Spreagann sé sin rath, spreagann sé gach duine i mbun traenála agus tá súil agam go dtabharfaimid sin chuig an gcluiche ar an Domhnach," dar le Maher atá ag iarraidh fil-

leadh ar Craobh na hÉireann.

"Leis na blianta, bhí foirne Chill Chainnigh ag ardú an chaighdeáin iomána. Is orainne a bhí sé dul suas chomh fada leo. Táimid nach mór ansin anois. Teastaíonn uainn go mbeimid ar an bhfoireann is fearr sa tír.

Tá an tallann agus na himreoirí againn. Tógfaidh sé dhá mhórhaispeántas eile i mbliana chun an leibhéal sin a bhaint amach. Níl bealach níos fearr le tús a chur leis sin ná imirt i gcoinne Chill Chainnigh sa cluiche leathcheannais."

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelisceal.ie

Gaelisceal
● 15.08.2012

Slán le Londain 2012, Seo linn go Rio de Janeiro 2016

Gráinne McElwain

Bonn óir, bonn airgid agus trí bhonn chré-umha. Na Cluichí Oilimpeacha is fearr a bhí ag an tír seo ó 1956 i Melbourne na hAs-tráile. Tá sé uilig thart anois.....nó an bhfuil?

Tá daoine cheana féin ag féachaint chun cinn go dtí 2016 i Rio de Janeiro agus iad ag cur na gceistean-na céanna a cuireadh tar éis na cluichí a bhí i mBéising. Cén fáth nach bhfuil againn ach cúig bhonn?

Cén sórt airgid a caitheadh ar na lúthchleasaithe a bhí i Londain? Ar cheart cuid acu a bheith fágtha sa bhaile? Ceisteanna diúltacha agus ceisteanna a léiríonn nach dtuigeann na daoine sin cad iad na Cluichí Oilimpeacha agus an méid a thugann gach aon duine de na lúthchleasaithe atá againn le háit a fháil ar an bhfoireann agus a bheith páirteach sna cluichí.

Chríochnaigh muid ag uimhir a 41 ar liosta na dtíortha a bhuaigh boinn. Ní bheidh muid riamh ag dul i gcomórtas le Meiriceá a bhí ar bharr an liosta sin ná an tSín a bhí sa dara áit.

Ach féach ar na tíortha a chríochnaigh díreach os ár gcionn ar nós Meicsiceo agus an tSeoirsia (10r, 3 Airgead, 3 Cré-umha), ag uimhir a 37 bhí an tSualainn (10, 4A, 3CU), an Iorua ag 35 (2Ó, 1A, 1CU), an Eilvéis ag 33 (2Ó, 2A, 0CU) agus an Afraic Theas ag 24 (3Ó, 2A, 1CU). Tá roinnt tíortha ansin atá níos mó ná muid, tá daonra níos mó ag cuid acu, tá infra-



Na laochra domhálaíochta. Ó chlér John Joe Nevin a bhain bonn airgid (coileachmheáchan), Katie Taylor a bhain bonn óir (méachan-éadrom na mban), Paddy Barnes a bhain bonn cré-umha (cuilmheáchan éadrom) agus Micheal Conlon a bhain cré-umha (cuilmheáchan) [PIC: DAVID MAHER / SPORTSFILE]

struchtúr ag cuid eile.

Bhí tíortha ar nós an India, an Bheilg, an Fhionlainn agus go leor eile a chríochnaigh fúinn ar an liosta agus bí cinnte go bhfuil siad in éad linn.

Is iad na ceisteanna is mó ba cheart a chur anois faoi na cluichí seo ná cén oidhreacht a fhágfas siad? Cé hiad na lúthchleasaithe a thiofais chun cinn idir seo agus sin? Cén sórt

cuidithe is féidir linn a chur ar fáil dóibh?

Bíodh muid deimhneach faoin scéal, mar féach ar an tionchar a bhí ag Katie Taylor agus ag John Joe Nevin ar an tír. Bhí an chuid is mó againn greamaithe don teilifís nó don raidió do na comórtais sin mar bhí siad inspioráideach.

Bhí an tionchar céanna beagnach ag Paddy Barnes, Michael Conlon

agus Cian O'Connor, cé go bhfuil macalla ó 2002 ag dul le bonn O'Connor.

Ná déanadh muid dearmad ach an oiread ar Rob Heffernan a tháinig sa 4ú áit sa siúlóid 50km, ar Analise Murphy a bhí sa 4ú áit sa seoltóireacht i Laser Radial na mban agus na lúthchleasaithe eile ar fad.

Gné amháin eile a bhain leis an bhfoireann ná na daoine ó thíortha eile a bhí ar fhoireann na hÉireann i mbliana ar nós Andrzej Jezewski agus Sanita Puspure. Tarlóidh sé seo níos minicí amach anseo mar a tharlaíonn sé do thíortha eile.

Bhuaigh Mo Farah dhá bhonn óir don Bhreatain ach is sa tSomáil a rugadh é agus bhog a chlann go dtí an Bhreatain nuair a bhí sé 8 mbliana. Cá bhfios nach bhfuil Mo eile sa tír seo cheana féin.

Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an Rialtas ag cur dóthain maoinithe ar fáil in ainneoin go bhfuil na pingineacha gann faoi láthair.

Tá freagracht orthu a chinntiú go mbeidh leithreas agus cith sna clubanna éagsúla agus nach iad an lucht gnó a bheas ag íoc astu go deonach mar a tharla le deireanaí sa chlub domhálaíochta ina mbíonn Katie Taylor ag traenáil.

Bíodh muid réalaióch, dearfach agus cabhrach ag féachaint chun cinn mar ardaíonn na scamail dhubha sin anois agus arís agus go minic is iad na lúthchleasaithe agus lucht spóirt solas na gréine a bhíonn ag scaladh trí na scamail dhubha sin.



Cian O'Connor ó Fhoireann na hÉireann lena bhonn cré-umha a bhain sé sa léimneach seó ag Aerfort Bhaile Átha Cliath Dé Luain

[PIC: RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

Peil na mBan

Céim eile do Mhuineachán agus Gaillimh

Babhtai Ceathrú Ceannais na hÉireann i bPeil na mBan, Dé Sathairn 18ú Lúnasa, Biorra - Beo ar TG4, An Clár v Gaillimh @ 4.15i.n, Maigh Eo v Muineachán @ 6.00i.n

Gráinne McElwain

OCHT bhfoireann atá fágtha anois i ngrád na sinsear i gComórtas Craoibhe TG4 i bPeil na mBan. Rinneadh an tarraingt do babhtai Ceathrúceannais na hÉireann tar éis na gcluichí i mbabhta a dó de na babhtai cáilithe Dé Sathairn

seo caite agus feicfear seaimpíní na sraithe, Muineachán, ag tabhairt aghaidh ar Mhaigh Eo, beidh curaithe Chonnacht, Gaillimh, ag imirt in aghaidh an Chláir, caithfidh Ciarraí agus Baile Átha Cliath casadh ar a chéile agus imreoidh seaimpíní na hÉireann, Corcaigh, in aghaidh thánaistí Uladh, Dún na nGall.

Imreofar na cluichí dhá dheireadh seachtaine as a chéile agus Dé Sathairn beag seo casfaidh an Clár agus Gaillimh ar a chéile don ochtú uair i mbliana. Déirigh leis an gClár an lámh in uachtar

a fháil ar an Mhí le cúilín amháin Dé Sathairn seo caite agus ba í Naomi Carroll a d'aimsigh cúilín na bua sa chluiche do mhná na Mumhan.

Bheifeá ag súil go mbeadh an bua ag Gaillimh in aghaidh an Chláir ach tá seacht seachtainí imithe ó d'imir na Gaillimh i gCraobh Chonnacht agus gan dabht seasfaidh an cluiche crua in aghaidh na Mí go mór d'fhoireann an Chláir. Cé go bhfuair Gaillimh an lámh in uachtar ar an gClár i gCluiche Leathcheannais na Sraithe, caithfidh siad a bheith airdeallach.

Tá sé feicthe againn cheana sa chraobh i mbliana nach bhfuil rogha na n-údár sna cluichí go dtí seo ag déanamh rómhaith agus mura mbeidh meon aigne na Gaillimhe i gceart, d'fhéadfadh siad a bheith i dtrioblóid.

Sa dara cluiche ar an Satharn, beidh Ciarraí agus Baile Átha Cliath ag tabhairt aghaidh ar a chéile. Tá sé píosa fada ó d'imir Baile Átha Cliath cluiche craoibhe agus fuair siad an lámh in uachtar ar an Mhí i gCluiche Ceannais Laighean ag tús mhí Iúil, 3-9 le 1-6. Is í Sinéad Aherne fós an bhean is contúirtí

dóibh ach tá neart cuidithe aici ón gco-saint ar aghaidh ach seans go dtógfaidh se píosa orthu socrú isteach ar luas an chluiche.

Ní raibh an lá ag Ciarraí in aghaidh Chorcaigh i gCluiche Ceannais na Mumhan agus chas siad leis an Iarmhí i mbabhta a dó de na babhtai cáilithe an tseachtain seo caite. Bhí bua éasca acu, 1-25 le 0-10, agus Louise Ní Mhuircheartaigh ag aimsiú aon chúilín déag ar an lá. Ar pháipéar ba chóir go mbeidh níos mó ag Seaimpíní na hÉireann 2010 ach bí ag súil le tús maith ó Chiarraí.